2025/1235

25.6.2025

CINNEADH (AE) 2025/1235 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Márta 2025

maidir leis an mbeart státchabhair SA.54155 (2021/NN) arna chur chun feidhme ag an Spáinn – Dámhachtain eadrána do Antin

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 1781)

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 108(2) an chéad fhomhír, de,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, agus go háirithe Airteagal 62(1), pointe (a), de,

Tar éis a iarraidh ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a chur isteach de bhun na bhforálacha a luaitear ([1]) thuas agus ag féachaint dá gcuid barúlacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

(1) Le fógra leictreonach dar dáta an 17 Aibreán 2019, thug an Spáinn fógra don Choimisiún, de bhun Airteagal 108(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE'), faoin dámhachtain eadrána arna heisiúint an 15 Meitheamh 2018 ag an mBinse Eadrána ('an Binse'), a bunaíodh faoi choimirce an Lárionaid Idirnáisiúnta chun Díospóidí Infheistíochta a Shocrú ('ICSID'), sna himeachtaí eadrána *Antin Infrastructure Services Luxembourg S.à.r.l. agus Antin Energia Termosolar B.V.* (le chéile 'Antin') *vs an Spáinn* ([2]). Leis an dámhachtain a rinneadh mar chonclúid ar na himeachtaí sin, arna leasú an 29 Eanáir 2019 le cinneadh ceartúcháin an Bhinse, ([3]) ordaítear go n-íocfaidh an Spáinn cúiteamh EUR 101 milliún le Antin, mar aon le hús ar an tsuim sin agus ranníocaíocht le costais na n-imeachtaí eadrána, mar gheall ar shárú na Spáinne ar an gConradh um Chairt Fuinnimh ('ECT') ([4]) ('an Dámhachtain').

(2) Tríd an Dámhachtain a fhógairt, ghníomhaigh an Spáinn i gcomhréir lena hoibleagáid de bhun Airteagal 108(3) CFAE, rud a mheabhraítear freisin sa Chinneadh ón gCoimisiún an 10 Samhain 2017 i gcás SA.40348 ([5]) ('Cinneadh 2017 ón gCoimisiún').

(3) Le litir dar dáta an 19 Iúil 2021, chuir an Coimisiún an Spáinn ar an eolas go raibh cinneadh déanta aige an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 108(2) CFAE a thionscnamh i leith na Dámhachtana (an 'Cinneadh Tosaigh').

([1]) IO C 450, 5.11.2021, lch. 5.
([2]) Cás ICSID Uimh. ARB/13/31. Tá sonraí ar fáil anseo: https://icsid.worldbank.org/cases/case-database/case-detail?CaseNo=ARB/13/31.
([3]) Féach fonóta 2.
([4]) Is comhaontú idirnáisiúnta é ECT a bhfuil feidhm aige maidir le hearnáil an fhuinnimh. I measc eile, shínigh an tAontas Eorpach ('an tAontas'), chomh maith leis an Spáinn, an Ísiltír agus Lucsamburg é i mí na Nollag 1994, agus tháinig sé i bhfeidhm i mí Aibreáin 1998 féach Cinneadh 98/181/CE/ECSC/Euratom ón gComhairle agus ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 1997 (IO L 69, 9.3.1998, lch. 1). Áirítear i bhforálacha ECT cosaint infheistíochta, trádáil in ábhair agus i dtáirgí fuinnimh, idirthuras agus réiteach díospóidí. Tharraing an tAontas siar ó ECT i mí an Mheithimh 2024, féach Cinneadh 2024/1638 ón gComhairle an 30 Bealtaine 2024. Tharraing an Spáinn siar freisin ó ECT i mí Aibreáin 2024.
([5]) Cinneadh C(2017) 7384 final ón gCoimisiún an 10 Samhain 2017 maidir le státchabhair SA.40348 (2015/NN) – An Spáinn – Tacaíocht do ghiniúint leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh, ó chomhghiniúint agus ó dhramhaíl (IO 2017/C 442/01), aithris 165.

(4) Foilsíodh an Cinneadh Tosaigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([6]). D'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a chur isteach maidir leis an gCinneadh Tosaigh.

(5) Fuair an Coimisiún barúlacha ó 23 páirtí leasmhar, lena n-áirítear ó Antin. Níor chuir an Spáinn barúlacha isteach maidir leis an gCinneadh Tosaigh. Le litreacha dar dáta an 1 Feabhra 2022 agus an 25 Samhain 2022, chuir an Coimisiún na barúlacha sin ar aghaidh chuig an Spáinn, agus tugadh deis di freagairt. Tharchuir an Spáinn a barúlacha i litreacha dar dáta an 20 Aibreán 2022, an 3 Eanáir 2023, an 27 Samhain 2023 agus an 29 Eanáir 2024.

(6) Chuir an Spáinn tuilleadh faisnéise isteach an 6 Márta 2025.

(7) An 4 Márta 2025, chomhaontaigh údaráis na Spáinne go heisceachtúil a gcearta a eascraíonn as Airteagal 342 CFAE a tharscaoileadh, i gcomhar le hAirteagal 3 de Rialachán Uimh. 1/1958 ón gComhairle, ([7]) agus go nglacfaí an Cinneadh seo agus go dtabharfaí fógra faoi i mBéarla.

2. CÚLRA I nDÁIL LE hEADRÁIN LAISTIGH DEN AONTAS EORPACH ([8])

(8) Mar a mheas an Coimisiún go comhsheasmhach ([9]) agus mar atá ag an gCúirt ([10]), tá sásraí eadrána laistigh den Aontas idir infheisteoirí agus Stáit a eascraíonn as Conarthaí Déthaobhacha Infheistíochta ('BITanna') agus ECT contrártha do dhlí an Aontais, agus go háirithe le hAirteagal 19(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach ('CAE'), le hAirteagail 267 agus 344 CFAE agus le prionsabal neamhspleáchais dhlíchóras an Aontais.

(9) An 6 Márta 2018, chinn an Chúirt Bhreithiúnais ina breithiúnas maidir le *Achmea* go bhfuil clásail eadrána idir infheisteoirí agus Stáit i gconarthaí déthaobhacha infheistíochta laistigh den Aontas ar neamhréir le Conarthaí an Aontais, agus go háirithe le hAirteagail 267 agus 344 CFAE, toisc go bhfuil éifeacht dhíobhálach ag clásail den sórt sin ar neamhspleáchas dhlí an Aontais ([11]).

(10) Tá an réasúnaíocht a leagtar amach i mbreithiúnas *Achmea* infheidhme go cothrom maidir le cur i bhfeidhm ECT laistigh den Aontas mar a luaigh an Chúirt Bhreithiúnais i mbreithiúnas *Komstroy* ([12]). Sa bhreithiúnas sin, chinn an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil foráil amhail Airteagal 26 ECT beartaithe, i ndáiríre, chun caidreamh déthaobhach idir dhá cheann de na Páirtithe Conarthacha in ECT a rialú, ar bhealach atá cosúil le soláthar an BIT atá i gceist sa chás is cúis le breithiúnas *Achmea* ([13]). Dúirt an Chúirt freisin go mbainfí imeachtaí eadrána laistigh den Aontas arna dtionscnamh de réir Airteagal 26 ECT ó dhlínse chúirteanna na mBallstát, agus, dá bhrí sin, ón gcóras leigheasanna breithiúnacha a cheanglaítear orthu leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE a bhunú sna réimsí a chumhdaítear le dlí an Aontais, díospóidí a d'fhéadfadh a bheith bainteach le cur i bhfeidhm nó léirmhíniú an dlí sin ([14]). Dá bhrí sin, chinn an Chúirt nach mór Airteagal 26(2), pointe (c), ECT a léirmhíniú sa chaoi nach bhfuil sé infheidhme maidir le díospóidí idir Ballstát agus infheisteoir de chuid Ballstáit eile a bhaineann le hinfheistíocht a rinne an t-infheisteoir sin sa chéad Bhallstát ([15]).

([6]) IO C 450, 5.11.2021, lch. 5.
([7]) Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle lena gcinntear na teangacha atá le húsáid ag Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO 17, 6.10.1958, lch. 385).
([8]) Féach freisin Cinneadh 2017 ón gCoimisiún, roinn 3.5.3.
([9]) Féach mar shampla roinn 3.5.3 de Chinneadh 2017 ón gCoimisiún, agus aithris 160 den Chinneadh Tosaigh.
([10]) Féach, chuige sin, breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Mór-Dhlísheomra) an 6 Márta 2018, i gCás C-284/16, *Slowakische Republik v Achmea BV*, EU:C:2018:158 ('breithiúnas*Achmea*') agus breithiúnas an 2 Meán Fómhair 2021, *République de Moldavie v Komstroy LLC*, C-741/19, EU:C:2021:655 ('breithiúnas *Komstroy*').
([11]) Féach míreanna 58 go 60 de bhreithiúnas *Achmea*.
([12]) Féach míreanna 65 agus 66 de bhreithiúnas *Komstroy*.
([13]) Féach mír 64 de bhreithiúnas *Komstroy*.
([14]) Féach mír 59 de bhreithiúnas *Komstroy*.
([15]) Féach mír 66 de bhreithiúnas *Komstroy*.

(11) San ordú maidir le *Romatsa,* chinn an Chúirt Bhreithiúnais freisin go bhfuil dámhachtain eadrána a thugtar in imeachtaí idir Ballstát agus infheisteoir ó Bhallstát eile, ar bhonn clásal eadrána dá bhforáiltear i gcomhaontú idirnáisiúnta, ar neamhréir le dlí an Aontais, go háirithe le hAirteagail 267 agus 344 CFAE, agus, dá bhrí sin, nach féidir aon éifeacht a bheith aici, agus nach féidir í a fhorghníomhú ([16]). Dá bhrí sin, ní féidir aon éifeacht a bheith ag dámhachtain den sórt sin agus, dá bhrí sin, ní féidir í a fhorfheidhmiú chun an cúiteamh a dhámhtar leis an dámhachtain sin a íoc. I gcás den sórt sin, ní fhéadfaidh cúirt de chuid Ballstáit dul ar aghaidh in aon chás le forghníomhú na dámhachtana sin chun a chur ar chumas a tairbhithe íoc na ndamáistí a dhámh sí dóibh a fháil. ([17])

(12) Rinne an Coimisiún agus na Ballstáit roinnt gníomhaíochtaí chun éifeachtacht bhreithiúnais na Cúirte Breithiúnais a chur chun feidhme nó a áirithiú ar bhealach eile.

(13) An 15 Eanáir 2019, shínigh na Ballstáit dearbhú maidir le hiarmhairtí na Cúirte Breithiúnais in *Achmea* agus maidir le cosaint infheistíochta san Aontas Eorpach ([18]).

(14) An 5 Bealtaine 2020, shínigh 23 Ballstát comhaontú chun conarthaí déthaobhacha infheistíochta (BITanna) laistigh den Aontas a fhoirceannadh, comhaontú a tháinig i bhfeidhm an 29 Lúnasa 2020 ([19]). Chuir na Ballstáit eile deireadh lena BITanna laistigh den Aontas go déthaobhach, ionas gur baineadh gach BIT laistigh den Aontas go foirmiúil den dlíchóras ([20]).

(15) An 26 Meitheamh 2024, shínigh an tAontas agus na Ballstáit dearbhú maidir le hiarmhairtí dlíthiúla bhreithiúnas na Cúirte Breithiúnais in *Komstroy* agus comhthuiscint ar neamh-infheidhmeacht Airteagal 26 den Chonradh um Chairt Fuinnimh mar bhonn le himeachtaí eadrána laistigh den Aontas. Chuir siad clabhsúr freisin ar an gcaibidlíocht maidir le téacs comhaontaithe fhoirmiúil idirnáisiúnta eatarthu féin a ceapadh chun deireadh a chur le leanúint d'imeachtaí eadrána laistigh den Aontas atá contrártha le dlí an Aontais ([21]). Go háirithe, soiléirítear sa dearbhú agus sa chomhaontú, ar mhaithe leis na cúirteanna agus leis na binsí eadrána, nach bhfuil feidhm ag an gclásal eadrána dá bhforáiltear in ECT – agus nach raibh feidhm aige riamh – maidir leis an gcaidreamh idir infheisteoir de chuid an Aontais agus Ballstát eile.

(16) Ar mhaithe le hiomláine, tugann an Coimisiún dá aire gur thug an tAontas agus Euratom fógra do thaiscí ECT an 27 Meitheamh 2024 faoina dtarraingt siar ó ECT ([22]), ós rud é gur cinneadh, in éagmais aon mhodhnú substaintiúil, nach bhfuil ECT comhoiriúnach a thuilleadh le prionsabail Chomhaontú Pháras, le ceanglais na forbartha inbhuanaithe agus leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide, ná le caighdeáin nua-aimseartha maidir le cosaint infheistíochta. Ina theannta sin, mar a mhínítear i meabhrán míniúcháin an togra le haghaidh an chinnidh maidir le

([16]) Ordú na Cúirte Breithiúnais an 21 Meán Fómhair 2022, *Romatsa agus Eile*, C-333/19, EU:C:2022:749, míreanna 42 go 44.

([17]) Ordú na Cúirte Breithiúnais an 21 Meán Fómhair 2022, *Romatsa agus Eile*, C-333/19, EU:C:2022:749, mír 44; Féach freisin breithiúnas an 14 Márta 2024, *An Coimisiún Eorpach v Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann*, Cás C-516/22, EU:C:2024:231, míreanna 85 go 87.

([18]) Féach https://finance.ec.europa.eu/system/files/2019-01/190117-bilateral-investment-treaties_en.pdf.

([19]) Comhaontú maidir le Conarthaí Déthaobhacha Infheistíochta idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh a fhoirceannadh (IO L 169, 29.5.2020, lgh. 1–41).

([20]) I mí na Nollag 2024, tharchuir an Coimisiún an Ríocht Aontaithe chuig an gCúirt Bhreithiúnais toisc nár chuir sí deireadh lena BITanna laistigh den Aontas le sé Bhallstát de chuid an Aontais, IO C/2025/1222 an 3 Márta 2025.

([21]) Comhaontú maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chonartha um Chairt Fuinnimh idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, COM(2024) 257 final.

([22]) Féach, chuige sin, Cinneadh (AE) 2024/1638 ón gComhairle an 30 Bealtaine 2024 maidir leis an Aontas a tharraingt siar ón gConradh um Chairt Fuinnimh (IO L, 2024/1638, 5.6.2024), agus Cinneadh (AE) 2024/1677 ón gComhairle an 30 Bealtaine 2024 maidir le formheas tharraingt siar an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach ón gConradh um Chairt Fuinnimh (IO L, 2024/1677, 13.6.2024). Seachas an tAontas agus Euratom, tá roinnt Ballstát tar éis tarraingt siar cheana féin ó ECT nó tá sé beartaithe acu tarraingt siar uaidh. Tharraing an Iodáil siar go haontaobhach in 2015. Tharraing an Fhrainc siar ó ECT le héifeacht ón 8 Nollaig 2023, an Ghearmáin le héifeacht ón 20 Nollaig 2023, an Pholainn le héifeacht ón 29 Nollaig 2023, Lucsamburg le héifeacht ón 17 Meitheamh 2024, an Spáinn le héifeacht ón 16 Aibreán 2024, an tSlóivéin le héifeacht ón 14 Deireadh Fómhair 2024, an Phortaingéil le héifeacht ón 2 Feabhra 2025, Éire le héifeacht ón 27 Aibreán 2025, an Ísiltír le héifeacht ón 28 Meitheamh 2025 agus an Danmhairg le héifeacht ón 4 Meán Fómhair 2025.

tarraingt siar, tá ECT ar neamhréir le prionsabal neamhspleáchas dhlí an Aontais, toisc nach n-áirítear leis roinnt de na coimircí a shainaithin an Chúirt Bhreithiúnais i dtuairim CETA ([23]) chun teacht ar an gconclúid nach mbeadh '*éifeacht ag na dámhachtainí eadrána cosc a chur ar institiúidí an Aontais oibriú i gcomhréir le creat bunreachtúil an Aontais*' ([24]). Thug an Spáinn fógra freisin faoina tarraingt siar ó ECT i mí Aibreáin 2024. Tiocfaidh na haistarraingtí i bhfeidhm bliain amháin ón dáta a dtabharfar fógra ina leith don taiscí.

3. CÚLRA MAIDIR LE BEARTA TACAÍOCHTA IN-ATHNUAITE SA SPÁINN

(17) Sa roinn seo, soláthraíonn an Coimisiún, mar chúlra, tuairisc ghearr ar scéimeanna fuinnimh in-athnuaite na Spáinne as ar eascair na himeachtaí eadrána agus, ar deireadh, an Dámhachtain.

(18) In 2007, chuir an Spáinn scéim eacnamaíoch bhisigh i bhfeidhm a bhí dírithe ar tháirgeadh leictreachais ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a chothú, scéim a rialaíodh le Foraitheanta Ríoga 661/2007 agus 1578/2008 chomh maith le Foraithne Ríoga – Dlí 6/2009 ('Scéim 2007') chun Treoir 2001/77/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([25]), an chéad Treoir ón Aontas maidir le fuinneamh in-athnuaite, a thrasuí. Níor thug an Spáinn fógra don Choimisiún faoin scéim sin, d'ainneoin an mheabhrúcháin shainráite in aithris 12 den Treoir sin go bhfuil feidhm ag Airteagail 87 agus 88 CE (Airteagail 107 agus 108 CFAE anois) maidir le scéimeanna tacaíochta a chuir na Ballstáit i bhfeidhm chun an Treoir a thrasuí. Mar thoradh air sin, níor údaraigh an Coimisiún Scéim 2007 riamh faoi rialacha státchabhrach.

(19) In 2012 agus 2013, leasaigh an Spáinn Scéim 2007, faoi chuimsiú an dara Treoir ón Aontas maidir le fuinneamh in-athnuaite 2009/28/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([26]). Meabhraíodh in Airteagal 3(3) den Treoir sin an oibleagáid fógra a thabhairt faoi scéimeanna tacaíochta mar bhearta státchabhrach. Ar an gcéad dul síos, le Dlí 15/2012 cuireadh deireadh leis an luach saothair ar leictreachas a ghintear le gás nádúrtha. In 2013, ghlac an Spáinn tuilleadh leasuithe. Rialaítear an scéim arna leasú in 2013 le Dlí-Foraithne Ríoga 9/2013, Dlí 24/2013, Foraithne Ríoga 413/2014 agus Orduithe IET/1045/2014 agus IET/1459/2014 ('Scéim 2013'). Coinníonn Scéim 2013 saintréithe bunúsacha Scéim 2007 agus cuireann sí modheolaíocht dhifriúil i bhfeidhm chun an luach saothair ar shuiteálacha in-athnuaite a ríomh i gcomparáid le Scéim 2007. De bhun a hoibleagáidí faoi Airteagal 108 CFAE, cé gur ar bhealach déanach, thug an Spáinn fógra don Choimisiún faoi Scéim 2013 an 22 Nollaig 2014. I gCinneadh 2017 ón gCoimisiún, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur chomhlíon Scéim 2013 na treoirlínte maidir le státchabhair do chosaint an chomhshaoil agus don fhuinneamh 2014-2020 ('EEAG') ([27]) agus, dá bhrí sin, go raibh sí comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Rinneadh measúnú sa chinneadh sin freisin ar íocaíochtaí a rinneadh faoi Scéim 2007 le gléasraí a raibh tacaíocht fós á fáil acu faoi Scéim 2013.

3.1. Scéim 2007

(20) In 2007, 2008 agus 2009, ghlac an Spáinn Foraitheanta Ríoga 661/2007, 1578/2008, agus Foraithne Ríoga – Dlí 6/2009, lenar cuireadh Scéim 2007 i bhfeidhm. D'fhéadfadh oibreoirí gineadóirí foinsí fuinnimh in-athnuaite rogha a dhéanamh idir dhá rogha chun tairbhiú de thacaíocht faoi Scéim 2007. Is éard a bhí sa chéad rogha taraif sheasta a fháil in aghaidh an kWh den fhuinneamh a tháirgtear (rogha 'beatha sa taraif'), a nuashonraítear go bliantúil trí thagairt a dhéanamh don innéacs praghsanna do thomhaltóirí. Is éard a bhí sa dara rogha leictreachas a dhíol ar an margadh agus biseach a fháil in aghaidh an kWh leictreachais a dhíoltar sa bhreis ar phraghas an mhargaidh (rogha bhisigh).

([23]) Tuairim 1/17 ón gCúirt an 30 Aibreán 2019, Comhaontú CET AE-Ceanada (CETA).
([24]) COM/2023/447 final, ag tagairt do Thuairim 1/17 (CETA), míreanna 152 go 161.
([25]) Treoir 2001/77/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meán Fómhair 2001 maidir le leictreachas arna tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh a chur chun cinn sa mhargadh inmheánach leictreachais (IO L 283, 27.10.2001, lch. 33).
([26]) Treoir 2009/28/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn agus lena leasaítear Treoir 2001/77/CE agus Treoir 2003/30/CE agus lena n-aisghairtear na Treoracha sin ina dhiaidh sin, (IO L 140, 5.6.2009, lgh. 16-62).
([27]) Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal '*Guidelines on State aid for environmental protection and energy 2014-2020* [Treoirlínte maidir le státchabhair do chosaint an chomhshaoil agus don fhuinneamh 2014-2020] (IO C 200, 28.6.2014, lgh. 1–55).

(21) Ríomhadh an taraif faoin rogha taraife ar sholáthar leictreachais agus an biseach faoin rogha bhisigh araon ar bhonn na ngnáthchostas agus na ngnáthioncam a bhaineann le suiteálacha fuinnimh in-athnuaite caighdeánacha. Rinne údaráis na Spáinne costais infheistíochta tosaigh agus costais oibriúcháin agus chothabhála na suiteálacha caighdeánacha a mheas, chomh maith le praghas an mhargaidh.

(22) Socraíodh an bhrabúsacht le haghaidh fuinneamh grian-teirmileictreach ag suas le 8 % le haghaidh saoráidí a roghnaigh taraifí agus idir toradh 7 % agus 11 % dóibh siúd atá rannpháirteach sa mhargadh mórdhíola agus a fhaigheann biseach ([28]).

(23) Thairis sin, bhí suiteálacha dírithe grianteasa i dteideal an taraif/biseach a fháil faoi Scéim 2007 freisin maidir leis an leictreachas a gineadh ó bhreoslaí iontaise/gás nádúrtha, nuair a úsáideadh iad in éineacht le foinsí fuinnimh in-athnuaite chun táirgeadh agus soláthar cobhsaí a áirithiú, fad is nach raibh sciar an leictreachais sin níos mó ná 12 % den leictreachas iomlán a táirgeadh i gcás na taraife agus 15 % den leictreachas iomlán a táirgeadh i gcás an bhisigh ([29]).

(24) Chun tacaíocht a fháil faoi Scéim 2007, b'éigean do thairbhithe féideartha iarratas a chur isteach chuig Ard-Stiúrthóireacht na Spáinne um Beartas Fuinnimh agus Mianadóireacht.

(25) Maoiníodh an scéim trí mhuirir rochtana líonra a forchuireadh ar thomhaltóirí leictreachais agus ar úsáideoirí líonra le Dlí na hEarnála Leictreachais 54/1997 (arna leasú in 2013 le Dlí 24/2013) agus le Foraithne Ríoga 2017/1997. Áitíonn údaráis na Spáinne go raibh íoc na muirear rochtana líonra éigeantach do thomhaltóirí agus d'úsáideoirí líonra. Áitíonn siad freisin gur státchabhair a bhí i Scéim 2007 de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, agus tagraíonn siad, go háirithe, d'aithris 158 de Chinneadh 2017 ón gCoimisiún.

(26) Go háirithe, foráladh le hAirteagal 17, míreanna (1) agus (3) de Dhlí na hEarnála Leictreachais 54/1997 go nglacfadh rialtas na Spáinne na forálacha is gá chun córas na muirear rochtana líonra a chur chun feidhme. Socraítear na muirir ar bhonn chostais ghníomhaíochtaí rialáilte an chórais. Áirítear orthu sin costais bhuana an chórais leictreachais agus na costais a bhaineann le héagsúlú agus slándáil an tsoláthair. Bhí rialtas na Spáinne chun an mhodheolaíocht a bhunú le haghaidh na muirir a ríomh. Áirítear le hAirteagal 4.g.1 d'Fhoraithne Ríoga 2017/1997, i measc na gcostas a bhaineann le héagsúlú agus slándáil an tsoláthair, na costais sin a eascraíonn as Scéim 2007.

(27) Le Foraithne Ríoga 2017/1997 cuireadh de chúram ar Comisión Nacional de Energía (an Coimisiún Náisiúnta Fuinnimh), comhlacht Stáit a ionchorpraíodh sa Choimisiún Náisiúnta Margaí agus Iomaíochta ('CNMC'), na cistí arna mbailiú chun costais bhuana an chórais leictreachais agus costais éagsúlaithe agus dhaingniú an tsoláthair a chumhdach, a aistriú chuig na tairbhithe ábhartha trí bhíthin socraíochtaí ina dhiaidh sin. Sna hiarscríbhinní a ghabhann leis an bhforaithne, sainíodh tairbhithe na socraíochtaí, na foirmlí matamaiticiúla is infheidhme agus rialaíodh an nós imeachta socraíochta féin, de réir paraiméadair oibiachtúla réamhchinntithe.

(28) Tá creat dlíthiúil shásra maoinithe Scéim 2007 mar an gcéanna leis an gcreat a ndearna an Chúirt measúnú air i gcás *Elcogás* ([30]).

3.2. **Scéim 2013**

(29) Mar a luaitear in aithris (19), ó 2012 ar aghaidh, thug an Spáinn isteach roinnt gníomhartha dlí lenar leasaíodh Scéim 2007.

([28]) Dámhachtain, mír 91.

([29]) Féach Airteagal 2(1) d'Fhoraithne Ríoga 661/2007.

([30]) Ordú ón gCúirt an 22 Deireadh Fómhair 2014, *Elcogás SA v Administración del Estado agus Iberdrola SA*, Cás C-275/13, EU:C:2014:2314. I mír 23 den ordú sin, chinn an Chúirt go raibh an sásra cúitimh atá i gceist inleagtha ar an Stát ó bunaíodh agus ó rialaíodh é le Dlí 54/1997 agus le Foraithne Ríoga 2017/1997. Ag brath ar an mbunús dlí céanna, tháinig an Chúirt ar an gconclúid freisin gur maoiníodh an sásra cúitimh le haghaidh costais bhreise trí acmhainní Stáit. Go háirithe, thug an Chúirt faoi deara gur socraíodh méid na muirear ar rochtain ar an líonra go bliantúil le Foraithne Aireachta, gur forchuireadh na muirir sin ar gach tomhaltóir deiridh intíre agus ar gach úsáideoir líonra. Thairis sin, riar an Coimisiún Náisiúnta Fuinnimh, comhlacht Stáit, na cistí a bailíodh ar an gcaoi sin agus ní raibh lánrogha aige ina leith sin. Go bunúsach, tá meicníocht mhaoinithe Scéim 2007 geall le mar an gcéanna leis an gceann a scrúdaigh an Chúirt.

(30) Le Dlí Foraithne Ríoga 2/2013 an 1 Feabhra 2013, i measc nithe eile, cuireadh ar ceal an sásra chun na taraifí ar sholáthar leictreachais a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis an innéacs praghsanna do thomhaltóirí, agus innéacs níos ísle á chur ina ionad.

(31) Ina dhiaidh sin, ghlac an Spáinn na gníomhartha dlí seo a leanas lenar bunaíodh Scéim 2013 ([31]): Dlí Foraithne Ríoga 9/2013 an 12 Iúil 2013, Dlí 24/2013 an 26 Nollaig 2013 maidir le hearnáil an leictreachais, Foraithne Ríoga 413/2014 an 6 Meitheamh 2014 agus Orduithe IET/1045/2014 agus IET/1459/2014.

(32) Eagraítear Scéim 2013 i dtréimhsí rialála sé bliana. Mhair an chéad tréimhse rialála ón 14 Iúil 2013 go dtí an 31 Nollaig 2019. Cuireadh tús leis an dara ceann an 1 Eanáir 2020.

(33) Chuir Scéim 2013 tacaíocht ar fáil do (i) suiteálacha comhghiniúna, (ii) suiteálacha in-athnuaite, agus (iii) suiteálacha eile a úsáideann 70 % ar a laghad de dhramhaíl i bhfoinsí fuinnimh agus licéar dubh ([32]).

(34) Tá an dá chineál saoráidí seo a leanas incháilithe do thacaíocht faoi Scéim 2013:

(a) saoráidí ar a ndámhtar cabhair faoin scéim seo tar éis theacht i bhfeidhm Fhoraithne Ríoga 413/2014 an 11 Meitheamh 2014 ('saoráidí nuathacaithe');

(b) saoráidí a bhí i dteideal tacaíochta cheana féin nó a bhí ag fáil tacaíochta cheana féin faoi Scéim 2007 nuair a tháinig Dlí Foraithne Ríoga 9/2013 i bhfeidhm an 14 Iúil 2013 ('saoráidí ar tugadh tacaíocht dóibh roimhe seo').

(35) Deonaítear an chabhair faoi Scéim 2013 i bhfoirm bisigh sa bhreis ar ioncam a ghintear ón margadh. Is é is aidhm dó cuidiú leis na teicneolaíochtaí dá dtugtar tacaíocht dul san iomaíocht ar chomhchéim le teicneolaíochtaí eile ar an margadh ar ráta réasúnta toraidh, a ríomhadh ag 7,398 % i gcás saoráidí dá dtugtar tacaíocht roimhe sin ([33]) agus 7,503 % i gcás saoráidí dá dtugtar tacaíocht nua. Tá dhá chomhpháirt sa bhiseach: cúiteamh le haghaidh infheistíochtaí agus, más infheidhme, cúiteamh le haghaidh oibríochtaí.

(36) Chun an méid cabhrach atá le híoc a chinneadh, aicmítear saoráidí faoi cheann amháin de na cineálacha éagsúla saoráidí caighdeánacha ar bhonn a saintréithe aonair. Bunaítear na tagarmharcanna cúitimh is infheidhme maidir le gach saoráid chaighdeánach le hordú aireachta agus áirítear orthu: an cineál teicneolaíochta, acmhainneacht giniúna cumhachta, dáta tosaigh oibríochta, saolré, córas leictreachais/suíomh na saoráide, ioncam caighdeánach arna ghiniúint tríd an leictreachas a dhíol sa mhargadh, na costais oibriúcháin chaighdeánacha is gá chun an ghníomhaíocht a dhéanamh agus uaireanta oibríochta (le luach íosta agus uasta). Ríomhtar an cúiteamh a bhfuil saoráid aonair ina theideal ar bhonn thagarmharcanna cúitimh na saoráide caighdeánaí agus ghnéithe na saoráide aonair féin (amhail fíorlíon na n-uaireanta reatha).

(37) Maoinítear Scéim 2013 go páirteach ó bhuiséad ginearálta an Stáit agus go páirteach ó na taraifí agus na muirir um rochtain ar an líonra a fhorchuirtear ar thomhaltóirí leictreachais, ar a dtugtar 'ioncam ón gcóras leictreachais' freisin. Tugadh an sásra maoinithe sin isteach le Dlíthe 15/2012, 17/2012, agus 24/2013.

(38) Is féidir achoimre a dhéanamh ar na príomhdhifríochtaí idir Scéim 2007 agus Scéim 2013 mar a leanas:

(a) faoi Scéim 2013, tá táirgeoirí fuinnimh in-athnuaite i dteideal biseach a fháil sa bhreis ar phraghas margaidh an leictreachais a tháirgeann siad, seachas a bheith in ann rogha a dhéanamh idir taraif ar sholáthar leictreachais nó biseach mar a bhí faoi Scéim 2007;

(b) chuir Scéim 2013 deireadh le tacaíocht do leictreachas a tháirgtear trí bhreoslaí iontaise/gás nádúrtha a úsáid, ón 1 Eanáir 2013 ar aghaidh ([34]);

([31]) Chun liosta uileghabhálach de bhunús dlí Scéim 2013, féach Roinn 2.1 de Chinneadh 2017 ón gCoimisiún.

([32]) Chun mionsonraí a fháil maidir leis na teicneolaíochtaí incháilithe, féach aithris 14 de Chinneadh 2017 ón gCoimisiún.

([33]) Bhí an ráta sin infheidhme maidir leis an gcéad thréimhse rialála (2014 go 2019). Ón dara tréimhse rialála ar aghaidh, is é 7,09 % an ráta, mura mbaintear aon úsáid as an dara foráil bhreise de Dhlí Foraithne Ríoga 17/2019, chun brabúsacht na tréimhse roimhe sin a choinneáil ar bun.

([34]) Dámhachtain, míreanna 139 agus 140.

(c) le Scéim 2013 déantar foráil maidir le líon níos airde saoráidí caighdeánacha ná Scéim 2007. Ní dhearnadh foráil ach maidir le haon saoráid chaighdeánach amháin (Caso Tipo ('CT')) i bhForaithne Ríoga 661/2007 (i.e. i Scéim 2007) i gcoinne 20 saoráid chaighdeánach (Instalaciones Tipo ('IT')) a sainaithníodh le Foraithne Ríoga 413/2014 (i.e. i Scéim 2013). Murab ionann agus Scéim 2007, cuirtear san áireamh i Scéim 2013 na difríochtaí idir teicneolaíochtaí éagsúla chomh maith leis an mbliain inar thosaigh na gléasraí ag feidhmiú, mar a thuairiscítear in aithris (36);

(d) faoi Scéim 2013, féadfar athbhreithniú a dhéanamh ar aon cheann de na paraiméadair chúitimh a thuairiscítear in aithris (36) gach sé bliana (gach tréimhse rialála), lena n-áirítear an toradh réasúnach ar feadh a bhfuil fágtha de shaolré na saoráidí caighdeánacha, ach, faoi Scéim 2007, nuair a socraíodh iad, bhí na paraiméadair chúitimh fós seasta seachas an fíoras go raibh siad nasctha leis an innéacs praghsanna do thomhaltóirí;

(e) faoi Scéim 2007 agus faoi Scéim 2013, tá an tacaíocht comhréireach leis an méid leictreachais a ghintear. Mar sin féin, cé go bhfuil an tacaíocht faoi Scéim 2007 comhréireach go díreach agus go heisiach leis an méid leictreachais a ghintear, bunaíonn Scéim 2013 roinnt uaireanta oibriúcháin coibhéiseacha de réir acmhainn na suiteála. Ní íoctar ach na huaireanta sin.

3.3. **Cinneadh 2017 ón gCoimisiún**

(39) Mar a luaitear in aithris (19), i gCinneadh 2017 ón gCoimisiún, d'fhormheas an Coimisiún Scéim 2013 mar scéim atá comhoiriúnach leis an margadh inmheánach.

(40) D'fhéadfadh na saoráidí go léir a thairbhigh de Scéim 2007 ar dtús tairbhiú go huathoibríoch de Scéim 2013. Agus measúnú á dhéanamh ar chomhoiriúnacht Scéim 2013 i gCinneadh 2017 ón gCoimisiún, chuir an Coimisiún san áireamh suim na n-íocaíochtaí a rinne saoráidí a fuair tacaíocht roimhe sin faoi Scéim 2007 agus faoi Scéim 2013 chun a fhíorú nach raibh róchúiteamh ann ([35]).

(41) Go sonrach, rinne an Coimisiún measúnú ar chomhréireacht na cabhrach a deonaíodh do shaoráidí a fuair tacaíocht roimhe sin faoi mhír 131(a) de EEAG ar bhonn ríomhanna sreafa airgid 21 shaoráid chaighdeánacha, a bhí ionadaíoch ar na teicneolaíochtaí agus na cineálacha suiteála éagsúla a fhaigheann tacaíocht ó Scéim 2013 (féach aithris 120 de Chinneadh 2017 ón gCoimisiún). Áirítear orthu sin ioncam ó dhíolacháin roimhe seo (lena n-áirítear iad siúd a thagann ó Scéim 2007 do shaoráidí a fuair tacaíocht roimhe seo), an t-ioncam ó dhíolacháin a bhfuiltear ag súil leis amach anseo, na costais infheistíochta tosaigh, na costais oibriúcháin agus an cúiteamh atá le deonú do gach saoráid le haghaidh oibríochtaí agus infheistíochtaí araon. I gcás na samplaí uile a cuireadh ar fáil, d'fhíoraigh an Coimisiún nár sháraigh an chabhair an méid is gá chun na costais infheistíochta tosaigh agus na costais oibriúcháin ábhartha a ghnóthú, móide corrlach toraidh réasúnta, ar bhonn na gcostas agus na bpraghsanna margaidh a bhí ann roimhe seo agus a measadh (7,503 % roimh cháin le haghaidh saoráidí nuathacaithe agus 7,398 % le haghaidh saoráidí a fuair tacaíocht roimhe seo). I gCinneadh 2017 ón gCoimisiún, chinn an Coimisiún gur chosúil go raibh na rátaí toraidh sin i gcomhréir leis na rátaí is infheidhme maidir le bearta comhchosúla (tionscadail fuinnimh in-athnuaite agus comhghiniúna ardéifeachtúlachta) a d'fhormheas an Coimisiún agus nach raibh róchúiteamh mar thoradh orthu. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid chéanna maidir le hathbhreithniú amach anseo ar na paraiméadair chúitimh mar ríomhfaí íocaíochtaí amach anseo chun glanluach láithreach na hinfheistíochta a choinneáil ag nialas ([36]).

4. **INFHEISTÍOCHT ANTIN**

4.1. **Gléasraí Andasol**

(42) Is dhá shuiteáil dhírithe ghrianteasa iad gléasra Andasol-1 agus gléasra Andasol-2, a bhfuil toilleadh 49,9 MW ag gach ceann acu, agus atá lonnaithe in Granada, deisceart na Spáinne (le chéile, 'gléasraí Andasol'). Tá siad faoi úinéireacht agus á n-oibriú ag Andasol-1 Central Termosolar UNO S.L. agus Andasol-2 Central Termosolar DOS (le chéile, 'cuideachtaí Andasol').

([35]) Féach aithrisí 4 agus 156 de Chinneadh 2017 ón gCoimisiún.
([36]) Féach aithris 120 de Chinneadh 2017 ón gCoimisiún.

(43) Cuireadh tógáil ghléasraí Andasol i gcrích in 2008 agus 2009. Fuair gléasra Andasol 1 a dheimhniú coimisiúnaithe deiridh an 25 Samhain 2008 agus cláraíodh é i gclár riaracháin na saoráidí táirgthe leictreachais an 24 Aibreán 2009, agus fuair gléasra Andasol 2 a dheimhniú coimisiúnaithe an 5 Meitheamh 2009 agus iontráladh é sa chlár riaracháin an 22 Nollaig 2009 ([37]).

(44) Thairbhigh gléasraí Andasol de thacaíocht faoi Scéim 2007. De réir sonraí a chuir an Spáinn ar fáil, fuair gléasraí Andasol biseach óna seoladh go dtí deireadh 2010 agus arís in 2012, agus in 2011 agus in 2013 fuair siad tacaíocht i bhfoirm taraife ar sholáthar leictreachais.

(45) Bhí trí théitheoir agus taiscumar gáis nádúrtha leachtaithe ag gléasraí Andasol freisin chun go bhféadfadh siad gás nádúrtha a úsáid ina dtáirgeadh leictreachais agus ar an gcaoi sin a n-éifeachtúlacht tiontaithe fuinnimh ó fhuinneamh gréine go fuinneamh leictreach agus iontaofacht a dtáirgthe a mhéadú ([38]). Dá réir sin, bhí siad i dteideal na taraife/an bhisigh faoi Scéim 2007 freisin le haghaidh an leictreachais a ghintear trí ghás nádúrtha a úsáid.

(46) De réir na faisnéise a chuir an Spáinn isteach, tá gléasraí Andasol fós ag táirgeadh leictreachais agus ag fáil tacaíochta faoi Scéim 2013. Cláraíodh gléasraí Andasol go huathoibríoch faoi Scéim 2013 mar shaoráidí a fuair tacaíocht roimhe seo, mar a tharla leis na saoráidí go léir a thairbhigh de Scéim 2007 ar dtús. Bhí an chabhair a deonaíodh do ghléasraí Andasol faoi Scéim 2013 bunaithe ar shuiteáil chaighdeánach IT-00606 le haghaidh Andasol 1 agus IT-00607 le haghaidh Andasol 2.

(47) Sholáthair an Spáinn ríomh an ollioncaim a bheadh faighte ag gléasraí Andasol mar thacaíocht faoi Scéim 2007 dá leanfadh sé gan athrú agus dá gcuirfí i gcomparáid é leis an tacaíocht a fuair na gléasraí idir 2014 agus 2020 faoi Scéim 2013. Léirítear i dTábla 1 na difríochtaí in ioncam sa bhreis ar ioncam margaidh idir Scéim 2007 agus Scéim 2013. Léiríonn na luachanna dearfacha ioncam níos airde faoi Fhoraithne Ríoga 413/2014 (is é sin le rá, faoi Scéim 2013) ná an t-ioncam a gheofaí faoi Fhoraithne Ríoga 661/2007 (is é sin le rá, faoi Scéim 2007).

Tábla 1

Difríocht in ioncam sa bhreis ar ioncaim mhargaidh idir Scéim 2007 agus Scéim 2013

	Difríocht san ioncam sa bhreis ar an margadh (EUR)						
	2014	**2015**	**2016**	**2017**	**2018**	**2019**	**2020**
Andasol 1 (IT-00606)	– 1 897 689	5 912 667	34 684	– 225 050	4 697 699	– 489 111	7 748 070
Andasol 2 (IT-00607)	– 5 373 068	2 679 859	– 3 420 095	– 4 243 563	355 343	284 299	– 1 769 847

Foinse: Údaráis na Spáinne.

(48) Léirítear i dTábla 1, sa tréimhse ó 2014 go 2020, go bhfuair gléasra Andasol 1 thart ar EUR 15 mhilliún níos mó ná mar a gheobhadh sé faoi Scéim 2007, cé go bhfuair gléasra Andasol 2 EUR 11 mhilliún níos lú ná mar a gheobhadh sé faoi Scéim 2007.

(49) Tá na ríomhanna bunaithe ar tháirgeadh iarbhír ghléasraí Andasol idir 2014 agus 2020, de réir CNMC.

(50) D'áitigh an Spáinn go bhfuil gléasraí Andasol ag oibriú le méid fuinnimh i gcomhréir lena n-acmhainneacht táirgeachta. Leagtar amach i dTábla 2 na sonraí giniúna fuinnimh ón dá ghléasra, idir an 1 Samhain 2009 agus an 31 Nollaig 2020, arna gcur isteach ag an Spáinn:

([37]) Dámhachtain, mír 110.
([38]) Dámhachtain, míreanna 70 agus 72.

Tábla 2

Fuinneamh bliantúil a scaoiltear ó ghléasraí Andasol 1 agus Andasol 2

	Andasol 1 (GWh)	Andasol 2 (GWh)
2009 ([1])	9,6	7,8
2010	127,3	123,4
2011	155,6	157,9
2012	141,3	160,7
2013	134,1	132,1
2014	150,5	146,5
2015	118,6	113,7
2016	138,9	135,0
2017	147,7	146,2
2018	123,7	124,1
2019	148,3	124,0
2020	103,6 ([2])	128,8

([1]) Níl sonraí ar fáil ach do mhí na Samhna agus mí na Nollag 2009, agus ní chomhfhreagraíonn an t-ionchur fuinnimh tuairiscithe ach don tréimhse sin.

([2]) Mhínigh an Spáinn gurb é is cúis leis an laghdú sin giniúint níos lú sa tréimhse Márta-Meitheamh 2020, a chomhfhreagraíonn don dianghlasáil de bharr ghéarchéim COVID-19 agus gur tháinig téarnamh táirgeacht sa tríú agus sa cheathrú ráithe de 2020 go gnáthleibhéil, fiú níos mó ná leibhéil na bliana roimhe sin.

Foinse: Údaráis na Spáinne, bunaithe ar fhaisnéis ó CNMC.

4.2. **Infheistíocht Antin i ngléasraí Andasol**

(51) Is é Antin an t-éilitheoir sna himeachtaí eadrána *Antin Infrastructure Services Luxembourg S.à.r.l. agus Antin Energia Termosolar B.V. vs an Spáinn*.Bunaíodh Antin Infrastructure Services Luxembourg S.à.r.l. an 22 Márta 2011 i Lucsamburg.Bunaíodh Antin Energia Termosolar B.V. an 27 Meitheamh 2011 san Ísiltír, agus tá sé faoi úinéireacht iomlán Antin Infrastructure Services Luxembourg S.à.r.l.Bhí an dá cheann ina bhfeithiclí de chuid Antin Infrastructure Partners, ciste caipitil fiontair príobháideach a bunaíodh sa Fhrainc, a úsáideadh le haghaidh na hinfheistíochta sa Spáinn ([39]). Deir Antin Infrastructure Partners ar a shuíomh gréasáin, tráth dréachtaithe an Chinnidh seo, go mbainistíonn sé seacht gciste a infheistíonn i mbonneagar san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh, agus a dhíríonn ar infheistíochtaí sna hearnálacha fuinnimh agus comhshaoil, digiteacha, iompair agus sóisialta d'fhonn torthaí tarraingteacha riosca-choigeartaithe a ghiniúint d'infheisteoirí ([40]). Deir Antin Infrastructure Partners go gcreideann sé go '*dtugann cur chuige gníomhach maidir le cruthú luacha an bealach is fearr chun infheistíochtaí bonneagair a bhainistiú*'agus go '*n-oibríonn siad go dlúth* [lena] *bhfoirne bainistíochta chun feabhas a chur ar oibríochtaí* [a] *gcuideachtaí punainne, ar a bhfeidhmíocht airgeadais, ar cháilíocht seirbhíse agus ar dhálaí sláinte agus sábháilteachta*' ([41]).

([39]) Dámhachtain, míreanna 2 agus 249.

([40]) Féach https://www.antin-ip.com/who-we-are, arna rochtain go deireanach an 3 Márta 2025.

([41]) Féach https://www.antin-ip.com/who-we-are, arna rochtain go deireanach an 3 Márta 2025.

(52) In 2011, d'infheistigh Antin i scairsheilbh 45 % de chuideachtaí Andasol a fháil. Go sonrach, ag an am, bhí 100 % de na scaireanna in Antin Energia Termosolar B.V. faoi úinéireacht Antin Infrastructure Services Luxembourg S.a.r.l., agus bhí 45 % de na scaireanna i ngach ceann de dhá chuideachta Andasol faoi úinéireacht Antin Energia Termosolar B.V. freisin. RREEF Pan-European Infrastructure Two Lux S.à r.l. Ba le RREEF Pan-European Infrastructure Two Lux S.à r.l. ('RREEF') agus le hilchuideachta na Spáinne Actividades de Construcción y Servicios, S.A. ('ACS') an chuid eile de scairshealbha chuideachtaí Andasol, le scairshealbhaíocht 45 % agus 10 % faoi seach i gcuideachtaí Andasol ([42]).

(53) Sna himeachtaí eadrána, mhaígh Antin gur infheistigh sé thart ar EUR 139,5 milliún, bunaithe ar an ionchas go nginfeadh gléasraí Andasol ioncam rialta agus inbhuanaithe a ligfeadh do Antin a fhiacha a sheirbhísiú agus toradh a fháil ar a infheistíocht ([43]). Tráth infheistíocht Antin, bhí gléasraí Andasol ag tairbhiú de Scéim 2007.

(54) I mí Lúnasa 2017, dhíol Antin a infheistíocht i ngléasraí Andasol, agus díol sé na sócmhainní le Cubico Sustainable Investments Limited ar phraghas thart ar EUR 75,2 milliún ([44]).

5. TUAIRISC AR AN mBEART

5.1. Imeachtaí eadrána a thionscnamh

(55) Thug an Binse an Dámhachtain ar thug an Spáinn fógra ina leith tar éis díospóid a thug Antin chun eadrána i mí na Samhna 2013 i gcoinne na Spáinne.

(56) Agus na himeachtaí faoi ECT á dtionscnamh aige, mhaígh Antin go ndearna na hathruithe ar chreat dlíthiúil na Spáinne is infheidhme maidir le gléasraí Andasol, ina raibh infheistíocht déanta ag Antin, damáiste tromchúiseach agus substaintiúil dá infheistíochtaí agus go raibh siad contrártha d'oibleagáidí na Spáinne faoi ECT, go háirithe, prionsabal na córa cothroime agus comhionainne a leagtar síos in Airteagal 10(1) ECT. Mhaígh Antin go ndearna sé infheistíocht i ngléasraí Andasol agus é ag brath ar Scéim 2007 ([45]).

(57) Sna himeachtaí eadrána, d'ardaigh an Spáinn easpa dlínse an Bhinse chun díospóid a éisteacht, amhail an díospóid atá i gceist, idir infheisteoir de chuid Ballstáit den Aontas agus Ballstát eile ([46]).

(58) An 14 Samhain 2014, rinne an Coimisiún iarratas ar idiragairt sna himeachtaí eadrána mar pháirtí neamhdhíospóideach, a dhíbh an Binse an 14 Nollaig 2014 ar an bhforas go raibh an t-iarratas sin róluath. An 9 Nollaig 2015, chuir an Coimisiún an dara hiarratas ar idiragairt isteach. In 2016, chinn an Binse údarú a thabhairt don Choimisiún aighneacht i scríbhinn a dhéanamh ar choinníoll go soláthródh an Coimisiún gealltanas i scríbhinn go gcomhlíonfadh sé aon chinneadh maidir le costais arna ordú ag an mBinse. Chuir an Coimisiún in iúl don Bhinse nach raibh sé in ann gealltanas costas den sórt sin a sholáthar agus, dá bhrí sin, nach ndéanfadh sé aighneacht i scríbhinn a chomhdú ([47]).

(59) Dhiúltaigh an Binse freisin d'iarrataí na Spáinne ar chur faoi bhráid na n-imeachtaí eadrána (i) breithiúnas *Achmea* agus, (ii) Cinneadh 2017 ón gCoimisiún ([48]).

([42]) Dámhachtain, mír 261.
([43]) Dámhachtain, mír 359.
([44]) Dámhachtain, mír 46.
([45]) Dámhachtain, míreanna 509 go 510.
([46]) Dámhachtain, mír 171.
([47]) Dámhachtain, míreanna 59 go 68.
([48]) Dámhachtain, míreanna 51 go 53, 56 go 58.

5.2. **Cinntí an Bhinse sna himeachtaí eadrána**

(60) Tháinig an Binse ar an gconclúid gur sháraigh an Spáinn Airteagal 10(1) ECT trí mhainneachtain caitheamh go cóir agus go cothrom le hinfheistíochtaí Antin ([49]). Tá an cinneadh sin bunaithe ar na hathruithe rialála ar an scéim luacha saothair le haghaidh suiteálacha in-athnuaite a tugadh isteach le gníomhartha dlí a ghlac an Spáinn ó mhí Iúil 2013 ar aghaidh, is é sin le rá Dlí Foraithne Ríoga 9/2013, Dlí 24/2013, Foraithne Ríoga 413/2014 agus Ordú IET 1045/2014, i gcomparáid leis an scéim a bhí i bhfeidhm tráth infheistíocht Antin, is é sin le rá Dlí 54/1997 agus Foraithne Ríoga 661/2007 ([50]).

(61) Bhronn an Binse cúiteamh EUR 112 milliún ar Antin a bhí le híoc ag an Spáinn. An 24 Iúil 2018, chuir an Spáinn iarraidh ar cheartú na Dámhachtana faoi bhráid Ard-Rúnaí ICSID. Ina dhiaidh sin, an 29 Eanáir 2019, d'eisigh an Binse cinneadh nua lenar ceartaíodh méid an chúitimh a dámhadh ó EUR 112 go 101 milliún.

(62) Chinn an Binse freisin go raibh an Spáinn chun ús a íoc ar an gcúiteamh sin ón 20 Meitheamh 2014 go dtí dáta na Dámhachtana (is é sin ón 15 Meitheamh 2018) ar ráta 2,07 %, arna iolrú go míosúil, agus ús ó dháta na Dámhachtana go dtí dáta na híocaíochta ar ráta 2,07 %, arna iolrú go míosúil. Ina theannta sin, chinn an Binse go n-íocfadh an Spáinn EUR 563 256,17 (USD 635 431,70) le Antin mar ranníocaíocht chun a sciar de chostais na n-imeachtaí a íoc agus EUR 2 840 661,41 (GBP 2 447 008,61) mar ranníocaíocht chun a gcostais agus a speansais ionadaíochta dlíthiúla a íoc ([51]).

(63) Maidir le ríomh an chúitimh, níor ghlac an Binse ach leis an gcuid sin d'éileamh Antin a bhaineann le damáistí i leith caillteanas sreafaí airgid todhchaí (is é sin tar éis mhí an Mheithimh 2014) ([52]). Mheas an Binse gur iomchuí an cur chuige a ghlac Antin agus a shaineolaithe maidir le sreabhadh airgid lascainithe ('DCF'). Maidir le saolré oibríochtúil ghléasraí Andasol, mheas an Binse, chun damáistí a ríomh, gur 25 bliana a bhí i saolré úsáideach ghléasraí Andasol. Dá bhrí sin, d'asbhain an Binse ón EUR 137 milliún a éilíodh le haghaidh na gcaillteanas sin EUR 36 milliún a chomhfhreagraíonn don difríocht idir an saolré oibríochtúil a d'áitigh Antin (35 go 40 bliain) agus an saolré a mheas an Binse a bheith inghlactha (25 bliana) agus tháinig sé ar an gconclúid gur cúiteamh cóir a bhí sa EUR 101 milliún a bhí fágtha ([53]).

5.3. **Tairbhí an bhirt**

(64) D'áitigh an Spáinn gurb é Antin tairbhí an bhirt ar tugadh fógra ina leith, ós rud é go raibh an páirtí sin ina éilitheoir sna himeachtaí as ar eascair an Dámhachtain agus, dá bhrí sin, an páirtí atá i dteideal cúitimh a leagtar amach inti ([54]). Cé go ([55]) luaitear sa Dámhachtain gur dhíol Antin a infheistíocht i gcuideachtaí Andasol le Cubico Sustainable Investments Limited, ní raibh Cubico Sustainable Investments Limited ina pháirtí sna himeachtaí eadrána agus soláthraíonn an Dámhachtain an ceart chun cúitimh go heisiach do Antin agus ní sholáthraíonn sé aon cheart chun cúitimh do Cubico Sustainable Investments Limited.

5.4. **Bunús dlí an bhirt**

(65) Thug an Spáinn le fios gurb é an Dámhachtain, ECT agus Coinbhinsiún ICSID an bunús dlí don bheart ar tugadh fógra ina leith, chomh maith le '*Ionstraim dhaingniúcháin an Chonartha um Chairt Fuinnimh agus an Phrótacail um Chairt Fuinnimh maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus Gnéithe Gaolmhara Comhshaoil, arna dhéanamh i Liospóin an 17 Nollaig 1994*' a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Stáit an 17 Márta 1998 ([56]).

([49]) Dámhachtain, mír 748 agus Roinn VIII.c).
([50]) Dámhachtain, Roinn VIII.c) agus míreanna 572 agus 573.
([51]) Dámhachtain, mír 748.
([52]) Dámhachtain, míreanna 691, 714 agus 725 (a ceartaíodh mar gheall ar earráidí cléireachais le cinneadh ceartúcháin an Bhinse an 29 Eanáir 2019).
([53]) Dámhachtain, mír 725 (a ceartaíodh mar gheall ar earráidí cléireachais le cinneadh ceartúcháin an Bhinse an 29 Eanáir 2019).
([54]) Dámhachtain, mír 2. Féach freisin na Téarmaí Sainithe ag mír 748 den Dámhachtain.
([55]) Dámhachtain, mír 46.
([56]) Shínigh an Spáinn ECT an 17 Nollaig 1994, dhaingnigh sí é an 11 Nollaig 1997, agus tháinig ECT i bhfeidhm maidir leis an Spáinn an 16 Aibreán 1998. Mhínigh an Spáinn freisin, i gcomhréir le hAirteagal 96(1) de Bhunreacht na Spáinne, '*Beidh conarthaí idirnáisiúnta a tugadh i gcrích go bailí, a luaithe a fhoilseofar go hoifigiúil iad sa Spáinn, ina gcuid den dlíchóras inmheánach*'.

5.5. **Cuspóir an bhirt**

(66) De réir na Spáinne, is é is cuspóir don bheart ar tugadh fógra ina leith Antin a chúiteamh as na hathruithe rialála a rinne an Spáinn ar an scéim tacaíochta le haghaidh suiteálacha in-athnuaite a tugadh isteach le gníomhartha dlí a ghlac an Spáinn agus lenar leasaíodh Scéim 2007 agus lenar cuireadh Scéim 2013 i bhfeidhm (féach aithris 60). D'áitigh údaráis na Spáinne freisin nach bhfuil aon éifeacht dreasachta ag an mbeart ar tugadh fógra ina leith.

5.6. **Cineál tacaíochta, buiséid agus maoinithe an bhirt**

(67) Is éard a bheidh i gceist leis an gcineál tacaíochta méid an chúitimh arna ríomh ag an mBinse sa Dámhachtain a íoc, mar aon leis na húis réamhdhámhachtana agus na húis iardhámhachtana, nach mór a athríomh ar bhonn dháta na híocaíochta iarbhír (féach aithrisí (61) agus (62)).

(68) Tráth an fhógra, ba é meastachán na Spáinne gurbh é EUR 114 900 983 an méid iomlán, as a gcomhfhreagraíonn EUR 101 000 000 don mhéid a aithnítear leis an Dámhachtain; Is ús réamhdhámhachtana é EUR 8 686 086 (le haghaidh na tréimhse ón 20 Meitheamh 2014 go dtí an 15 Meitheamh 2018); Is é EUR 1 810 978 an t-ús iardhámhachtana (le haghaidh na tréimhse ón 15 Meitheamh 2018 go dtí an 31 Márta 2019); Comhfhreagraíonn EUR 563 256 do chostais na n-imeachtaí agus comhfhreagraíonn EUR 2 840 661 do chostais dlí Antin.

(69) Mhínigh údaráis na Spáinne go maoineofaí an íocaíocht ó bhuiséad ginearálta Stát na Spáinne. Ní ghearrfar an íocaíocht go díreach ar chostais an chórais leictreachais agus, dá bhrí sin, ní thitfidh sí go díreach ar na tomhaltóirí deiridh leictreachais trína mbille leictreachais.

5.7. **Carnadh**

(70) D'áitigh an Spáinn go bhfuil gléasraí Andasol fós ag fáil tacaíochta faoi Scéim 2013. Go deimhin, ríomh an Spáinn an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an Dámhachtain ar an mbrabúsacht a bhainfeadh infheistíocht Antin amach i ngléasraí Andasol, mar a léirítear i dTábla 4, ar bhonn na bparaiméadar a leagtar amach i dTábla 3:

Tábla 3

Paraiméadair ionsamhlúcháin a gcuirtear 45 % d'úinéireacht Antin i bhfeidhm ina leith

	Infheistíocht iomlán	**Infheistíocht Antin (45 %)**	**Saolré**	**Ioncam 2009/10-2020**	**Ioncam 2021-2037**	**Caiteachas 2009/10-2037**
	EUR	EUR	Blianta	EUR	EUR	EUR
Andasol 1	318 126 771	143 157 047	25	Iarbhír (*)	IT- 0 606/20 606	IT- 0 606/20 606
Andasol 2	318 126 771	143 157 047	25	Iarbhír	IT- 0 607/20 607	IT- 0 607/20 607

Foinse: Údaráis na Spáinne.
(*) Sonraí iarbhír bunaithe ar fhaisnéis CNMC.

Tábla 4

Tionchar na Dámhachtana ar 45 % de ghléasraí Andasol

IRR	**Infheistíocht Antin (45 %)**	**Gan Dámhachtain**	**Le Dámhachtain, gan ús**	**Le Dámhachtain, le hús**
	EUR	IRR	IRR	IRR
Andasol 1	143 157 047	7,44 %	8,84 %	9,03 %
Andasol 2	143 157 047	7,27 %	8,96 %	9,18 %

Foinse: Údaráis na Spáinne.

(71) Mhínigh an Spáinn go mínítear le húsáid luachanna ioncaim iarbhír le haghaidh an dá ghléasra cén fáth a bhfuil an ráta toraidh inmheánach ('IRR') difriúil le toradh 7,398 %, rud a measadh a bheith réasúnach le Cinneadh 2017 ón gCoimisiún le haghaidh na saoráidí ar tugadh tacaíocht dóibh roimhe seo.

5.8. **Iarrachtaí Antin an Dámhachtain a fhorfheidhmiú agus cur i gcoinne na Spáinne**

(72) Tá Antin ag iarraidh an Dámhachtain a fhorfheidhmiú sna Stáit Aontaithe, san Astráil agus sa Ríocht Aontaithe.

(73) An 27 Iúil 2018, thionscain Antin imeachtaí sna Stáit Aontaithe os comhair Chúirt Dúiche na Stát Aontaithe do Cheantar Columbia, trínar iarraidh go n-aithneofaí an Dámhachtain agus go ndéanfaí í a fhorfheidhmiú (Caingean Shibhialta Uimh. 1:18-cv-1753 (EGS)). Cuireadh bac ar na himeachtaí sin le hordú ón gCúirt sin an 28 Lúnasa 2019 go dtí go bhfaighfí toradh an imeachta le haghaidh neamhniú na Dámhachtana arna thionscnamh ag an Spáinn os comhair Choiste Neamhnithe ICSID. An 22 Márta 2019, tugadh cead don Choimisiún, thar ceann an Aontais, idirghabháil a dhéanamh mar *amicus curiae* sna himeachtaí sin sna Stáit Aontaithe. Ina aighneacht, chuir an Coimisiún i dtábhacht nach raibh dlínse ag an mBinse agus chuir sé i dtábhacht freisin gur fhág na rialacha maidir le státchabhair nach bhféadfaí aon íocaíocht a dhéanamh faoin Dámhachtain ach amháin má údaraíonn an Coimisiún go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach agus go dtí go n-údaraíonn an Coimisiún amhlaidh. Go sonrach, ar an gcéad phointe mhínigh an Coimisiún nach bhfuil feidhm ag ECT maidir le díospóidí laistigh den Aontas, sa chaoi nach raibh réamhriachtanas riachtanach ag na himeachtaí eadrána as ar eascair an Dámhachtain, i.e. comhaontú bailí chun eadráin a dhéanamh, toisc nach ndearna an Spáinn aon tairiscint riamh eadráin a dhéanamh le hinfheisteoirí ón Ísiltír nó ó Lucsamburg amhail na héilitheoirí. Is é sin le rá, ní raibh bunús dlí leis na himeachtaí agus ní raibh dlínse ag an mBinse an díospóid a éisteacht. D'áitigh an Coimisiún freisin gur cheart don chúirt dúiche a éisteann an cás an leibhéal is airde tagartha a thabhairt do bhreithiúnas na Cúirte Breithiúnais in *Komstroy* maidir le léirmhíniú ECT agus Chonarthaí an Aontais. Ar an dara pointe, chuir an Coimisiún cineál agus ábhar an Chinnidh Tosaigh faoi bhráid na cúirte dúiche, lena n-áirítear an oibleagáid gan an cúiteamh a shonraítear sa Dámhachtain a íoc roimh aon chinneadh críochnaitheach ón gCoimisiún, agus go bhfuil feidhm ag an oibleagáid sin beag beann ar Airteagail 53 go 55 de Choinbhinsiún ICSID. Cuireadh deireadh leis an mbac ar imeachtaí i mí Eanáir 2025. An 18 Feabhra 2025, chomhdaigh an Coimisiún achoimre fhorlíontach *amicus curiae* chun rialú an 16 Lúnasa 2024 ó Chuaird D.C. na Cúirte Achomhairc in imeachtaí comhthreomhara agus an Dearbhú maidir le hiarmhairtí dlíthiúla bhreithiúnas na Cúirte Breithiúnais in *Komstroy* agus comhthuiscint ar neamh-infheidhmeacht Airteagal 26 ECT mar bhonn d'eadráin laistigh den Aontas, a rinne an tAontas agus na Ballstáit an 26 Meitheamh 2024, a chur san áireamh ([57]). San aighneacht sin, thapaigh an Coimisiún an deis freisin chun a mhíniú go gciallódh bunphrionsabail an léirmhínithe ar an gconradh go dtiocfaí ar an gconclúid chéanna leis an gconclúid ar tháinig an Chúirt Bhreithiúnais uirthi in *Komstroy*: Ní leathnaítear buantairiscint na Spáinne chun eadráin a dhéanamh in Airteagal 26 chuig infheisteoirí an Aontais. Tá na himeachtaí os comhair Chúirt Dúiche na Stát Aontaithe do Cheantar Columbia ar feitheamh tráth an Chinnidh seo.

(74) Chuir Antin tús le himeachtaí freisin chun an Dámhachtain a fhorfheidhmiú san Astráil. An 25 Meitheamh 2021, d'aithin Cúirt Chónaidhme Iomlán na hAstráile go raibh an Dámhachtain ceangailteach ar an Spáinn. Dhiúltaigh an Chúirt freisin d'iarraidh ón gCoimisiún idirghabháil a dhéanamh, thar ceann an Aontais, sna himeachtaí sin mar *amicus curiae*. Rinne an Spáinn achomharc chuig Ard-Chúirt na hAstráile, an chúirt is airde san Astráil. Thug Ard-Chúirt na hAstráile a breithiúnas an 12 Aibreán 2023 inar díbheadh achomharc na Spáinne agus inar deimhníodh aithint na Dámhachtana san Astráil. Sna himeachtaí sin freisin, diúltaíodh don iarraidh ón gCoimisiún coimre *amicus curiae* a chur isteach thar ceann an Aontais. Ar bhonn an aitheantais fhoirmiúil seo don Dámhachtain, faoi láthair tá Antin ag gabháil don chéad chéim eile i dtreo fhorfheidhmiú na Dámhachtana os comhair na cúirte inniúla san Astráil. Tá na himeachtaí sin ar feitheamh tráth an Chinnidh seo.

([57]) Féach https://energy.ec.europa.eu/document/download/740e62fc-a0d1-4a5b-9d00-01357802c307_en?filename=Inter%20se%20Declaration%20-%20all%20languages%20-%20260624.pdf (arna rochtain go deireanach an 3 Márta 2025).

(75) Chomhdaigh Antin iarratas freisin chun an Dámhachtain a chlárú os comhair na gcúirteanna sa Ríocht Aontaithe agus cláraíodh an Dámhachtain. An 24 Bealtaine 2023, dhiúltaigh Ard-Chúirt Shasana agus na Breataine Bige d'iarratas na Spáinne an t-ordú clárúcháin a chur ar ceal. Rinne an Spáinn achomharc i gcoinne an bhreithiúnais sin chuig an gCúirt Achomhairc, a dhíbh an t-achomharc an 22 Deireadh Fómhair 2024. An 31 Eanáir 2025, thug Cúirt Uachtarach na Ríochta Aontaithe cead don Spáinn achomharc a dhéanamh i gcoinne rialú na Cúirte Achomhairc. Níl an sprioc-am don Spáinn chun an t-achomharc sin a dhéanamh imithe in éag tráth an Chinnidh seo.

(76) Mar fhreagairt ar iarrachtaí Antin an Dámhachtain a fhorfheidhmiú san Astráil, sna Stáit Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe, thionscain an Spáinn imeachtaí os comhair chúirteanna Lucsamburg i gcoinne Antin, atá á ionchorprú sa Bhallstát sin. Go sonrach, d'iarr *an Spáinn ar an Tribunal d'arrondissement de et à Luxembourg* a ordú do Antin scor d'aon ghníomh atá ceaptha chun aithint nó forghníomhú na Dámhachtana a bhaint amach, go háirithe, i dtríú tíortha, toisc go sáródh an aithint nó an forghníomhú sin rialacha an oird phoiblí go follasach. D'iarr an Spáinn freisin ar chúirt Lucsamburg íocaíochtaí pionóis a ordú i gcoinne Antin i gcás neamhchomhlíonadh an ordaithe chun deireadh a chur le haon chaingean den sórt sin. Rinne an Coimisiún idirghabháil sna himeachtaí sin ar bhonn Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle ([58]). Tá na himeachtaí ar feitheamh tráth an Chinnidh seo.

6. FORAIS CHUN AN NÓS IMEACHTA A THIONSCNAMH

(77) Ghlac an Coimisiún an Cinneadh Tosaigh an 19 Iúil 2021, ina leagtar amach a réamh-mheasúnú gur státchabhair a bhí sa Dámhachtain ar na cúiseanna a bhfuil achoimre orthu i Roinn 4.1 den Chinneadh Tosaigh, go háirithe toisc go bhfuil sé d'éifeacht aici cúiteamh a dhéanamh as státchabhair neamhdhleathach a tharraingt siar ([59]). Sa Chinneadh Tosaigh, léirigh an Coimisiún amhras maidir le comhoiriúnacht an bhirt leis an margadh inmheánach ar bhonn dhá fhoras neamhspleácha: bhain an chéad amhras le sárú ar dhlí an Aontais ag an mbeart, agus bhain an dara ceann le neamhchomhlíonadh an bhirt a dtugtar fógra ina leith leis na critéir chomhoiriúnachta a leagtar síos faoi na treoirlínte maidir le státchabhair is infheidhme maidir le cabhair oibriúcháin d'fhuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite ([60]).

(78) Ar an gcéad dul síos, maidir leis an amhras faoi shárú ar dhlí an Aontais, mheabhraigh an Coimisiún, sa Chinneadh Tosaigh (féach aithris (94)), breithiúnas na Cúirte Breithiúnais ar dá réir 'nach *féidir a dhearbhú go bhfuil cabhair ábhartha a sháraíonn forálacha nó prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais comhoiriúnach leis an margadh inmheánach*' ([61]). Sa Chinneadh Tosaigh, mheas an Coimisiún, ar bhonn tosaigh, go bhféadfadh an Dámhachtain, sa chás seo, forálacha Chonarthaí an Aontais a shárú ([62]). Go sonrach, ós rud é gur glacadh an Dámhachtain laistigh den Aontas ar bhonn an tsásra eadrána idir infheisteoirí agus an Stát a leagtar amach in Airteagal 26 ECT, mheas an Coimisiún, ar bhonn tosaigh, go bhféadfadh an Dámhachtain a bheith ina sárú ar Airteagal 19(1) CAE, ar Airteagail 267 agus 344 CFAE, agus ar phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais maidir le hiontaoibh fhrithpháirteach agus uathriail ([63]). Thug an Coimisiún dá aire freisin, ar bhonn tosaigh, go bhfuil feidhm ag réasúnaíocht na Cúirte Breithiúnais i mbreithiúnas *Achmea* maidir ([64]) le ECT freisin agus, dá bhrí sin, beidh sé d'oibleagáid ar chúirteanna náisiúnta aon dámhachtain eadrána arna tabhairt ar an mbonn sin a chur ar ceal agus diúltú í a fhorfheidhmiú ([65]).

([58]) Rialachán (CE) Uimh. 2015/1589 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm (IO L 248, 24.9.2015, lch. 9).
([59]) *Féach* an Cinneadh Tosaigh, aithris (88).
([60]) *Féach* an Cinneadh Tosaigh, aithris (95).
([61]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 22 Meán Fómhair 2020, Cás C-594/18 P, *An Ostair v An Coimisiún (Hinkley Point C)*, EU:C:2020:742, mír 44.
([62]) Cinneadh Tosaigh, Roinn 4.3.1.
([63]) Cinneadh Tosaigh, aithris (99).
([64]) *Féach* breithiúnas *Achmea*.
([65]) *Féach* an Cinneadh Tosaigh, aithris (98).

(79) Ina theannta sin, chuir an Coimisiún amhras in iúl maidir le comhoiriúnacht na Dámhachtana leis an margadh inmheánach a mhéid a d'fhéadfadh sé idirdhealú bunaithe ar náisiúntacht a chruthú i measc infheisteoirí Scéim 2007 ar bhonn a gcumas rochtain a fháil ar eadráin idirnáisiúnta nó gan rochtain a fháil uirthi ([66]). Mheas an Coimisiún, ar bhonn tosaigh, nach mbeadh idirdhealú den sórt sin ar bhonn náisiúntachta ag luí le dlí an Aontais, agus go háirithe le hAirteagal 18 CFAE ([67]).

(80) Ar an dara dul síos, maidir leis an amhras i ndáil le comhoiriúnacht an bhirt leis na treoirlínte ábhartha maidir le státchabhair a d'fhéadfadh a bheith ann, tharraing an Coimisiún aird ar Threoirlínte 2008 maidir le Cabhair Chomhshaoil ([68]) ('EAG 2008') agus ar EEAG ([69]).

(81) Ar an gcéad dul síos, bhí amhras ar an gCoimisiún gur chomhlíon an beart na coinníollacha a leagtar síos in EAG 2008. Cheistigh an Coimisiún an féidir cúiteamh cúlghabhálach ar shreafaí airgid a bhí le bheith ann sa todhchaí agus a cailleadh agus ús ar na méideanna sin (is é sin le rá, an cúiteamh a dámhadh) a cháiliú mar fhorbairt gníomhaíochta eacnamaíche nó mar ní a bhfuil éifeacht dreasachta aige de réir bhrí EAG 2008 ([70]). Thairis sin, chuir an Coimisiún a amhras in iúl maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an chabhair comhréireach agus cé acu a dhéanann nó nach ndéanann sí saobhadh míchuí ar an iomaíocht agus ar an trádáil idir na Ballstáit ([71]).

(82) Ar an dara dul síos, ar an gcaoi chéanna, bhí amhras ar an gCoimisiún gur chomhlíon an beart na coinníollacha a leagtar síos in EEAG. Cheistigh an Coimisiún an bhforbraítear gníomhaíocht eacnamaíoch leis an gcabhair, an bhfuil éifeacht dreasachta aici agus an bhfuil gá léi chun forbairt a dhéanamh ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch a bhaineann le leictreachas a tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite, an bhfuil sí comhréireach agus an ndéanann sí an iomaíocht agus an trádáil idir na Ballstáit a shaobhadh go míchuí ([72]).

7. BARÚLACHA Ó THRÍÚ PÁIRTITHE SEACHAS ANTIN

(83) Tar éis cuireadh a fháil ón gCoimisiún barúlacha a chur isteach de bhun Airteagal 108(2) CFAE, fuair an Coimisiún aighneachtaí ó 23 freagróir. Áiríodh ar na 23 freagróir sin infheisteoirí laistigh den Aontas agus infheisteoirí tríú tír ('infheisteoirí'), Ballstát amháin agus eagraíocht neamhrialtasach ('ENR').

(84) Tugtar achoimre thíos ar na barúlacha (arna ngrúpáil de réir topaice) a chuir na tríú páirtithe sin isteach, a mhéid atá siad ábhartha don mheasúnú ar státchabhair. Tabharfar aghaidh ar na barúlacha sin sna codanna ábhartha den mheasúnú (féach Roinn 10).

7.1. Barúlacha maidir le cabhair a bheith ann

7.1.1. *Barúlacha ina maítear nach státchabhair atá sa Dámhachtain*

(85) *Ar an gcéad dul síos*, áitíonn roinnt tríú páirtithe (infheisteoirí den chuid is mó) nach státchabhair é an Dámhachtain de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE toisc go gcúitíonn sé beart nach státchabhair é.

(86) Go sonrach, áitíonn na tríú páirtithe sin, (1) chun cúiteamh as damáistí arna ndeonú de bhun an dlí náisiúnta a bheith ina státchabhair, nach mór dó deonú státchabhrach atá neamhdhleathach nó neamh-chomhoiriúnach a chúiteamh ([73]); agus (2) nach féidir le dámhachtain eadrána a bheith ina státchabhair ach amháin más rud é gurb ionann an bhunscéim a gcúitítear an dámhachtain ina leith agus státchabhair neamhdhleathach nó neamh-chomhoiriúnach.

([66]) *Ibid,* aithrisí (101)-(102).
([67]) *Ibid*, aithrisí (101) go (102).
([68]) Treoirlínte ón gComhphobal maidir le státchabhair do chosaint an chomhshaoil, IO C 82, 1.4.2008, lch. 1.
([69]) Féach fonóta 27.
([70]) *Féach* an Cinneadh Tosaigh, aithrisí (108) go (118).
([71]) *Ibid*, aithrisí (119) go (131).
([72]) *Ibid,* aithrisí (132)-(153).
([73]) Breithiúnas an 27 Meán Fómhair 1988, i gcás C-106-120/87, *Asteris* v *an Ghréig*, EU:C:1988:457, míreanna 23 agus 24; Breithiúnas an 12 Nollaig 2016, i gcás C-164/15 P, *an Coimisiún* v *Aer Lingus,* EU:C:2016:990, mír 72; Breithiúnas an 1 Iúil 2010, i gcás T-62/08, *ThyssenKrupp Acciai Special Terni* v *An Coimisiún,* EU:T:2010:268, míreanna 59 agus 60; Breithiúnas an 1 Iúil 2010, i gcás T-53/08, *an Iodáil* v *An Coimisiún,* EU:T:2010:267, míreanna 51 agus 52.

(87) Sa chomhthéacs sin, áitíonn na tríú páirtithe sin go n-athbhunaítear leis an Dámhachtain an scéim luacha saothair a bhí i bhfeidhm tráth infheistíocht Antin, is é sin Dlí 54/1997 (tagraítear do na scéimeanna ó 1997 go 2007, lena n-áirítear Scéim 2007, le chéile mar na 'Seanscéimeanna' thíos ([74])) agus nár cheart measúnú a dhéanamh orthu ach amháin mar chuid den scéim seo seachas mar bheart ar leithligh. Dá bhrí sin, measann na tríú páirtithe sin, ós rud é nach státchabhair iad na Seanscéimeanna, nach cabhair í an Dámhachtain ach oiread.

(88) Go háirithe, maíonn na tríú páirtithe sin nach raibh deonú acmhainní Stáit i gceist leis na Seanscéimeanna toisc nach mór aicmiú birt mar státchabhair a mheas ar bhonn an chásdlí atá i réim tráth deonaithe na cabhrach. Áitíonn siad, de réir an chásdlí arbh infheidhme tráth a bunaíodh na Seanscéimeanna, nach raibh acmhainní Stáit i gceist leis an sásra chun an tacaíocht a dheonú faoi na Seanscéimeanna. Maíonn na tríú páirtithe sin nach raibh acmhainní Stáit faoin gcásdlí is infheidhme le linn a gcur chun feidhme agus go dtí 2014 i gceist le sásra maoinithe na Seanscéimeanna, a tugadh isteach in 1997 agus, in aon chás, tráth nach déanaí ná 2007 ([75]). Dar leis na tríú páirtithe sin, níl an cásdlí a bhí i réim in 2014 ([76]) ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar na Seanscéimeanna, nach raibh i bhfeidhm a thuilleadh ó 2014.

(89) *Ar an dara dul síos*, maíonn na tríú páirtithe, fiú má tá an Dámhachtain le measúnú ar leithligh ó na Seanscéimeanna, nach bhfuil státchabhair i gceist léi, toisc gurb é an t-aon chúis bhunúsach lena deonú ná an damáiste a d'fhulaing Antin mar gheall ar iompar na Spáinne de shárú ar ECT agus nach dtugann cúiteamh as an damáiste sin buntáiste do Antin. I ndáil leis sin, áitíonn na tríú páirtithe freisin nach n-athraítear cineál an chúitimh toisc go ndeonaítear an cúiteamh faoi rialacha idirnáisiúnta (ECT) in ionad rialacha náisiúnta agus, in aon chás, go bhfuil an Dámhachtain i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta ábhartha maidir le cúiteamh damáistí. Áitíonn roinnt tríú páirtithe freisin gur cuid den dlí náisiúnta é ECT, mar nuair a dhaingnigh gach Ballstát ECT, d'aontaigh siad go haonarach do ECT a bhí mar chuid dá ndlíthe náisiúnta dá bhrí sin.

(90) *Ar an tríú dul síos*, dar le roinnt tríú páirtithe, má mheastar gur infheistíocht airgeadais amháin é scairsheilbh 45 % Antin i ngach ceann de chuideachtaí Andasol toisc nach ndéanann Antin cuideachtaí Andasol a bhainistiú, nach gnóthas é Antin agus dá bhrí sin nach dtagann deonú na Dámhachtana do Antin faoi raon feidhme na rialacha maidir le státchabhair ([77]).

7.1.2. *Barúlacha maidir leis an oibleagáid neamhghníomhaíochta*

(91) Áitíonn roinnt tríú páirtithe, ós rud é nach bhfuil státchabhair i gceist leis an Dámhachtain, nach bhfuil feidhm ag an oibleagáid neamhghníomhaíochta faoi Airteagal 108(3) CFAE. De réir na dtríú páirtithe céanna, fiú dá measfaí go bhfuil státchabhair i gceist leis an Dámhachtain, ní féidir feidhm a bheith ag an oibleagáid neamhghníomhaíochta ach oiread, toisc nach raibh aon oibleagáid ar an mBinse a imeachtaí a chur ar fionraí.

7.1.3. *Barúlacha ina maítear gur cabhair a bhí ann cheana atá sna Seanscéimeanna, fiú má tá státchabhair i gceist leo*

(92) *Ar an gcéad dul síos*, líomhnaíonn roinnt tríú páirtithe, fiú dá mba státchabhair iad na Seanscéimeanna, gur chabhair atá ann cheana a bheadh iontu (toisc go bhfuil an tréimhse theorann 10 mbliana imithe in éag) rud a chiallaíonn, dar leo, nach gcuitíonn an Dámhachtain státchabhair neamhdhleathach nó neamh-chomhoiriúnach, agus dá bhrí sin nach státchabhair atá i gceist léi.

([74]) Sna haighneachtaí ó thríú páirtithe agus ó Antin, úsáidtear an téarma 'Seanscéim' chun tuairisc a thabhairt ar an scéim tacaíochta a bunaíodh le Dlí 54/1997 an 27 Samhain 1997 maidir leis an Earnáil Leictreachais agus le Foraithne Ríoga 2818/1998 an 23 Nollaig 1998, agus leasaíodh tuilleadh é in 2004 agus 2007 agus bhí sé i bhfeidhm go dtí gur aisghaireadh é in 2013.

([75]) Luann na tríú páirtithe go háirithe breithiúnas na Cúirte an 13 Márta 2001 in C-379/98, *PreussenElektra*, EU:C:2001:160.

([76]) Ordú ón gCúirt an 22 Deireadh Fómhair 2014 in C-275/13, *Elcogás SA v Administración del Estado agus Iberdrola SA.*, EU:C:2014:2314.

([77]) Breithiúnas an 10 Eanáir 2006, Cás C-222/04, *Ministero dell'Economia e delle Finanze v Cassa di Risparmio di Firenze SpA, Fondazione Cassa di Risparmio di San Miniato agus Cassa di Risparmio di San Miniato SpA, EU:C:2006:8, mír 111*.

(93) Go háirithe, áitíonn roinnt tríú páirtithe dá ndéanfaí an tréimhse theorann a chomhaireamh ó lá dheontais aonair Antin faoi na Seanscéimeanna (an 24 Aibreán nó an 22 Nollaig 2009, dar leo), go ndeachaigh sí in éag an 24 Aibreán nó an 22 Nollaig 2019 ar a dhéanaí. Ar a bhonn sin, líomhnaíonn na tríú páirtithe sin, fiú dá mba chabhair iad na Seanscéimeanna, gur cabhair a bhí ann cheana iad deontais aonair Antin. Áitíonn na tríú páirtithe sin freisin, ós rud é nach státchabhair é cúiteamh i leith damáistí ach amháin má chúitíonn sé i leith cabhair neamhdhleathach nó neamh-chomhoiriúnach ([78]), nach státchabhair atá sa Dámhachtain toisc gurb amhlaidh gur cabhair atá ann cheana iad deontais Antin faoi na Seanscéimeanna.

(94) *Ar an dara dul síos*, líomhnaíonn na tríú páirtithe sin, fiú dá measfaí gurb ionann an Dámhachtain agus státchabhair, ós rud é gurb ionann na Seanscéimeanna (mar atá, na deontais aonair do Antin faoi na Seanscéimeanna) agus cabhair atá ann cheana, ciallaíonn sé sin gur cabhair atá ann cheana atá sa Dámhachtain freisin. Dar leo, is é sin toisc nach mbeadh an tairbhe céanna faoi réir gnóthaithe dá ndeonófaí é faoi na Seanscéimeanna, ach bheadh sé faoi réir gnóthaithe dá ndeonófaí é i bhfoirm dámhachtana. Measann na tríú páirtithe sin ar deireadh, ós rud é gur cabhair a bhí ann cheana atá sa chabhair a deonaíodh faoi na Seanscéimeanna, go gciallaíonn sé sin gur cabhair a bhí ann cheana atá sa chabhair a bhaineann leis an Dámhachtain, nach féidir í a ghnóthú ar bhonn a dtuisceana ar Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle ([79]).

(95) *Ar an tríú dul síos*, áitíonn roinnt tríú páirtithe go bhfuil dlúthbhaint ag an Dámhachtain leis na Seanscéimeanna agus dá bhrí sin ba cheart a mheas gur deonaíodh an chabhair in 1997, nuair a bunaíodh na scéimeanna den chéad uair, nó in 1998 ar a dhéanaí, nuair a cuireadh chun feidhme iad den chéad uair le Foraithne Ríoga 2818/1998. Dar leis na tríú páirtithe sin, chuaigh an tréimhse theorann in éag in 2008, cé nach athruithe substainteacha iad na modhnuithe ar na Seanscéimeanna in 2004 agus 2007, a dhéanann difear don mheasúnú comhoiriúnachta agus nach dócha go n-athróidh siad cáilíocht na cabhrach ó na cinn atá ann cheana go dtí na cinn nua.

7.1.4. *Barúlacha ina maítear gur deonaíodh an chabhair nuair a fuair Antin an deontas faoi na Seanscéimeanna agus ní nuair a eisíodh an Dámhachtain*

(96) Áitíonn roinnt tríú páirtithe, ar bhonn chásdlí *Asteris* ([80]), go bhfuil an cúiteamh damáiste nasctha go dlúth leis an mbeart bunúsach dá gcúitíonn an Dámhachtain.

(97) Go háirithe, áitíonn na tríú páirtithe sin go bhfuil dlúthnasc idir an Dámhachtain agus an beart bunúsach agus gur deonaíodh an chabhair a bhí i gceist leis an Dámhachtain nuair a fuair Antin na deontais faoi na Seanscéimeanna. Ina dhiaidh sin, maíonn na tríú páirtithe sin nach bhfuil sa Dámhachtain ach dearbhú go bhfuil athbheochan déanta ar an gceart chun an chabhair a fháil faoi na Seanscéimeanna. Dar leo, ós rud é gur deonaíodh an Dámhachtain chun na cearta a bunaíodh faoi na Seanscéimeanna a thabhairt ar ais, níl sé ceart a mheas gur deonaíodh an chabhair le heisiúint na Dámhachtana.

(98) Maíonn roinnt tríú páirtithe nár cheart cinneadh ó bhinse eadrána lena gceanglaítear ar pháirtí amháin suimeanna atá dlite cheana féin ach nár íocadh fós a mheas mar chinneadh chun státchabhair nua a dheonú.

7.1.5. *Barúlacha ina maítear nach bhfuil an Dámhachtain inleagtha ar an Spáinn*

(99) Maíonn roinnt tríú páirtithe nach féidir inleagthacht na Dámhachtana a bheith bunaithe ar aontachas na Spáinne le Coinbhinsiún ICSID nó le ECT toisc, dar leo, nach dtugtar le fios leis an gCinneadh Tosaigh gurb é Coinbhinsiún ICSID nó ECT an bhunscéim, ach an Dámhachtain amháin.

(100) Thairis sin, maíonn na tríú páirtithe sin, i bhfianaise oibleagáidí na Spáinne faoin dlí idirnáisiúnta, nach féidir léi a roghnú gan an Dámhachtain a íoc. Go sonrach, áitíonn siad, más ann d'oibleagáidí dlíthiúla, nach féidir a mheas go gceanglaítear le comhlíonadh na n-oibleagáidí sin 'cinneadh' iad a chomhlíonadh.

([78]) Breithiúnas an 28 Meitheamh 2019, T-624/15, T-694/15 agus T-704/15, *European Food agus Eile* v An *Coimisiún*, EU:T:2019:423, mír 103.

([79]) Féach fonóta 60.

([80]) Breithiúnas ón gCúirt an 27 Meán Fómhair 1988, i gcásanna uamtha 106 go 120/87, *Asteris AE agus eile v an Phoblacht Heilléanach agus Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa*, EU:C:1988:457.

7.1.6. *Barúlacha ina maítear go bhfuil an Dámhachtain inleagtha ar an Spáinn*

(101) Athdhearbhaíonn tríú páirtí amháin measúnú an Choimisiúin in aithris (82) den Chinneadh Tosaigh go bhfuil íoc na Dámhachtana inleagtha ar an Spáinn, toisc gur chomhaontaigh an Spáinn go deonach dul isteach i gCoinbhinsiún ICSID agus ECT. Measann an tríú páirtí sin freisin, de réir chásdlí na Cúirte Breithiúnais ([81]), nach n-eascródh aon íocaíocht den Dámhachtain ón Spáinn as comhaontú eadrána bailí, ná as oibleagáid bhailí an Dámhachtain a íoc de réir ghnáthghealltanais na Spáinne agus, dá bhrí sin, go mbeadh sí go hiomlán inleagtha ar an Spáinn.

7.1.7. *Barúlacha ina maítear nach dócha go ndéanfaidh an Dámhachtain an iomaíocht a shaobhadh*

(102) Maíonn roinnt tríú páirtithe nach dócha go ndéanfaidh an chabhair a dheonaítear leis an Dámhachtain an iomaíocht a shaobhadh agus go ndéanfaidh sí difear don trádáil idir na Ballstáit toisc gur dhíol Antin a ghléasraí i mí Lúnasa 2017 agus nach bhfuil sé ag infheistiú i mbonneagar fuinnimh in-athnuaite ó shin.

7.1.8. *Barúlacha ina maítear gur státchabhair atá i gceist le híoc na Dámhachtana*

(103) Maíonn tríú páirtí amháin gur státchabhair a bheadh in íoc na Dámhachtana, toisc go mbeadh cúiteamh as an damáiste a rinneadh de bharr aistarraingt na scéime cabhrach neamhdhleathaí a ndearnadh measúnú uirthi i gCinneadh 2017 ón gCoimisiún mar thoradh air. Thairis sin, áitíonn an tríú páirtí sin go gcomhlíonfadh íoc na Dámhachtana na coinníollacha go léir a leagtar síos in Airteagal 107(1) CFAE, ós rud é nach mbeadh an buntáiste cúitimh ar fáil ach do Antin amháin agus go bhfuil sé le maoiniú trí acmhainní Stáit, is é sin ó bhuiséad na Spáinne. Dar leis, d'fhéadfadh an Dámhachtain an iomaíocht sa mhargadh inmheánach a shaobhadh freisin, ós rud é go bhfuil cuideachtaí ghrúpa Antin ag infheistiú san earnáil FIF, atá léirscaoilte ar leibhéal an Aontais. Maíonn tríú páirtí amháin gur státchabhair í dámhachtain arb ionann í agus beart cabhrach neamhdhleathach a athbhunú chun tairbhe gnóthas roghnaithe.

7.2. **Barúlacha maidir le comhoiriúnacht na cabhrach**

7.2.1. *Barúlacha ina maítear gur cheart a dhearbhú go bhfuil an chabhair neamh-chomhoiriúnach toisc nach bhfuil sí i gcomhréir le Conarthaí an Aontais*

(104) Maíonn tríú páirtí amháin go bhféadfadh an Dámhachtain forálacha Chonarthaí an Aontais a shárú, mar atá Airteagal 18 CFAE, lena dtoirmisctear aon idirdhealú ar fhorais náisiúntachta, toisc nach bhfuil rochtain ag infheisteoirí eile sa Spáinn atá sa chás céanna le Antin, ná ag infheisteoirí ó Bhallstáit eile, ar an sásra eadrána dá bhforáiltear in Airteagal 26 ECT. Ina theannta sin, de réir an pháirtí sin, i bhfianaise bhreithiúnas *Komstroy,* ní mór Airteagal 26 ECT a léirmhíniú sa chaoi nach bhfuil feidhm aige maidir le díospóidí idir Ballstát agus infheisteoir ó Bhallstát eile a bhaineann le hinfheistíocht arna déanamh ag an infheisteoir sin sa chéad Bhallstát.

(105) Maíonn tríú páirtí eile, má chinneann an Coimisiún gur sáraíodh reachtaíocht thánaisteach an Aontais, go bhfuil sé d'oibleagáid air a dhearbhú go bhfuil an chabhair ar neamhréir leis an margadh inmheánach gan aon mheasúnú breise a dhéanamh ([82]). Is é a thuairim gur glacadh an Dámhachtain ar bhonn neamhdhleathach de réir cásdlí lena dtugtar le fios ([83]) go bhfuil sé d'oibleagáid ar na Ballstáit agóid a dhéanamh i gcoinne bhailíocht chomhdhéanamh na mbinsí eadrána agus i gcoinne bhailíocht aon dámhachtain a eascraíonn as nósanna imeachta eadrána infheistíochta laistigh den Aontas. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí a rá go bhfuil an chabhair a dheonaítear ar an mbonn sin comhoiriúnach leis an margadh inmheánach agus ní gá scrúdú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht na cabhrach faoi Airteagal 107(3), pointe (c), CFAE ná faoi threoirlínte maidir le státchabhair.

([81]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais (an Mór-Dhlísheomra) an 2 Meán Fómhair 2021, Cás C-741/19, *République de Moldavie v Komstroy LLC*, EU:C:2021:655 agus Breithiúnas ón gCúirt (an Mór-Dhlísheomra) an 26 Deireadh Fómhair 2021, Cás C-109/20, *Republiken Polen v PL Holdings Sàrl*, EU:C:2021:875.

([82]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 22 Meán Fómhair 2020, Cás C-594/18 P, *An Ostair v An Coimisiún (Hinkley Point C)*, EU:C:2020:742, mír 100.

([83]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais (an Mór-Dhlísheomra) an 2 Meán Fómhair 2021, Cás C-741/19, *République de Moldavie v Komstroy LLC*, EU:C:2021:655 agus Breithiúnas ón gCúirt (an Mór-Dhlísheomra) an 26 Deireadh Fómhair 2021, Cás C-109/20, *Republiken Polen v PL Holdings Sàrl*, EU:C:2021:875.

7.2.2. *Barúlacha ina maítear, fiú má tá feidhm ag breithiúnas Komstroy maidir le ECT, nach gciallaíonn sé gur státchabhair neamhréireach faoi réir gnóthaithe atá sa Dámhachtain*

(106) Maíonn roinnt tríú páirtithe, fiú mura dtugann breithiúnas *Komstroy* ná *Tuairim 1/20* ([84]) údar le cur i bhfeidhm phrionsabal *Achmea* maidir le dámhachtainí ECT ná mura ndeimhníonn siad an cur i bhfeidhm sin, ní bheadh mar thoradh air sin go huathoibríoch go measfaí go bhfuil státchabhair neamhréireach faoi réir gnóthaithe.

(107) Go háirithe, áitíonn roinnt tríú páirtithe nuair a luadh i mbreithiúnas *Komstroy* go bhfuil feidhm ag prionsabal *Achmea* freisin maidir le ECT, gur *obiter dictum* a bhí ann, dar leo, nach bhfuil feidhm dhlíthiúil aige agus go raibh an ráiteas bunaithe ar chás teoiriciúil nach mbeadh riamh faoi réir dhlí an Aontais.

(108) Thairis sin, maíonn na tríú páirtithe sin gur dhiúltaigh an Chúirt Bhreithiúnais ina *Tuairim 1/20* rialú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil an dréacht-ECT nuachóirithe comhoiriúnach le dlí an Aontais agus, dá bhrí sin, nár rialaigh sí an bhféadfadh aon chúiteamh féideartha faoi ECT a bheith ina státchabhair.

(109) Áitíonn roinnt tríú páirtithe freisin, fiú má tá feidhm ag prionsabal *Achmea,* nach gciallaíonn sé go huathoibríoch go measfar gur státchabhair neamhréireach é an Dámhachtain, ós rud é, má thagann dlí an Aontais ar chéim níos ísle (ECT sa chás seo) salach ar dhlí príomha an Aontais (prionsabal *Achmea* in éineacht leis na rialacha maidir le státchabhair sa chás seo), ní mór na forálacha contrártha a réiteach, in ionad glacadh leis go sáraíonn dlí príomha an Aontais go huathoibríoch dlí eile an Aontais atá bunaithe ar ECT.

7.2.3. *Barúlacha ina maítear nach bhfuil idirdhealú ar bhonn náisiúntachta i gceist leis an Dámhachtain*

(110) Maíonn roinnt tríú páirtithe, ós rud é gur cheart an Dámhachtain a mheas mar chuid de na Seanscéimeanna, nach mbíonn aon idirdhealú mar thoradh uirthi, toisc gur féidir leis na hinfheisteoirí go léir a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach sa scéim sin tairbhiú di. Dar leis na tríú páirtithe sin, tá argóint an Choimisiúin gurb é atá i gceist leis an idirdhealú i measc na n-infheisteoirí éagsúla (go háirithe i gcoinne infheisteoirí Spáinneacha) nach bhfuil rochtain ag gach infheisteoir a thairbhíonn de na Seanscéimeanna ar eadráin idirnáisiúnta faoi ECT, bunaithe ar an toimhde bhréagach go bhfuil ECT mar chuid de na Seanscéimeanna nó gur féidir ECT a mheas mar scéim státchabhrach ann féin. Cuireann na tríú páirtithe sin leis freisin nach gcoisctear go bhféadfaidh infheisteoirí na Spáinne cúiteamh a iarraidh i leith damáistí de réir fhorálacha an dlí náisiúnta nó de réir aon sásra eile um réiteach díospóidí a d'fhéadfadh a bheith comhaontaithe acu.

(111) Thairis sin, maíonn na tríú páirtithe sin, fiú má mheastar ECT a bheith mar chuid de na Seanscéimeanna, gur cheart argóint an Choimisiúin maidir le hidirdhealú ar bhonn náisiúntachta a léamh mar argóint lena dtugtar le tuiscint idirdhealú ar bhonn áit bhunaithe an infheisteora. Ní sháraíonn an cineál sin idirdhealaithe, dar leo, aon fhoráil de Chonarthaí an Aontais agus tá státchabhair idirdhealaitheach sa chiall sin, de réir sainmhínithe, toisc go ndeonaítear í do thairbhithe atá bunaithe sa Bhallstát a dheonaíonn an chabhair.

(112) Ar deireadh, áitíonn na tríú páirtithe sin, má tá an Dámhachtain le scrúdú mar chabhair *ad hoc,* ar leithligh ó na Seanscéimeanna, nach bhfuil aon idirdhealú ann, toisc nach féidir comparáid a dhéanamh le deontas eile.

7.2.4. *Barúil ina maítear nach gá go mbainfeadh dámhachtainí eadrána an bonn de thosaíocht dhlí an Aontais*

(113) Maíonn roinnt tríú páirtithe ina mbarúlacha i scríbhinn go n-áirithítear leis an ngnáthnós imeachta um fhógra a thabhairt faoi státchabhair dlíthiúlacht na ndámhachtainí eadrána faoi dhlí an Aontais (go beacht, de réir na dtríú páirtithe, caomhnaíonn sé 'uathriail' dhlí an Aontais, 'comhsheasmhacht agus aonfhoirmeacht i léirmhíniú dhlí an Aontais', 'cearta daoine aonair', maoirseacht na Cúirte Breithiúnais agus 'éifeachtacht dhlí an Aontais') toisc, nuair a chomhlíonann Ballstát an nós imeachta um fhógra a thabhairt, gur féidir cumhachtaí athbhreithniúcháin na Cúirte Breithiúnais a chaomhnú maidir le comhoiriúnacht dámhachtana eadrána le dlí an Aontais.

([84]) Tuairim ón gCúirt Bhreithiúnais an 16 Meitheamh 2022, de bhun Airteagal 218(11) CFAE (an Conradh um Chairt Fuinnimh Nuachóirithe), Cás Avis 1/20, EU:C:2022:485.

(114) Dar leo, ba cheart don Chúirt Bhreithiúnais a mheas ina breithiúnas *Achmea*, ós rud é go bhfuil sé de cheangal ar na Ballstáit a n-oibleagáidí a eascraíonn as Airteagal 108(3) CFAE a chomhlíonadh, go dtugtar an cás sin faoi raon dhlí an Aontais leis an bhfógra agus, dá bhrí sin, faoi chúram chúirteanna an Aontais.

7.2.5. *Barúlacha ina maítear go bhfuil éifeacht dreasachta ag an mbeart*

(115) Áitíonn roinnt tríú páirtithe gur bhainistigh Antin go gníomhach agus, ar an gcaoi sin, gur fheidhmigh sé rialú leordhóthanach ar chuideachtaí Andasol agus, dá bhrí sin, gur aonad eacnamaíoch amháin iad Antin agus cuideachtaí Andasol, rud a thugann le tuiscint, dar leo, go raibh Antin ag gabháil do ghiniúint leictreachais in-athnuaite. Ina dhiaidh sin, áitíonn na tríú páirtithe sin gur cheart a mheas gur deonaíodh an chabhair atá i gceist leis an Dámhachtain freisin do ghníomhaíochtaí in-athnuaite Chuideachtaí Andasol agus ciallaíonn an fíoras gur chomhlíon na cuideachtaí sin an éifeacht dreasachta trí iarratas a dhéanamh ar chabhair nuair a cláraíodh iad faoi na Seanscéimeanna freisin go gcomhlíonann Antin an critéar maidir le héifeacht dreasachta. Cuireann na tríú páirtithe sin in iúl, ós rud é gur measadh gur chomhlíon tairbhithe na Seanscéimeanna na coinníollacha tráth a mbunaithe, go meastar go gcomhlíonann siad na coinníollacha freisin ar feadh shaolré an ghléasra, in 2013 agus in 2018 freisin dá bhrí sin, ag brath ar thráth deonaithe na Dámhachtana.

(116) Áitíonn roinnt tríú páirtithe freisin gur Meáin Shainchuspóireacha iad cuideachtaí Andasol agus, dá bhrí sin, gur gné dhílis dá mbunú é ligean isteach an Bhallstáit chun an chabhair a dheonú. Ina theannta sin, i gcás Antin agus chuideachtaí Andasol a mheas mar aonad eacnamaíoch amháin, ní ábhartha é go ndearna Antin cuideachtaí Andasol a dhíol in 2017 tar éis dó iad a cheannach in 2011.

(117) Thairis sin, maíonn roinnt tríú páirtithe nár cheart measúnú a dhéanamh ar an éifeacht dreasachta faoi roinn 3.2.4.2. de EEAG, mar a thugann an Coimisiún le fios sa Chinneadh Tosaigh, toisc go bhfuil an Dámhachtain mar chuid de na Seanscéimeanna agus nach cabhair í atá infhógartha go haonarach agus nach mó acmhainneacht ghléasraí Andasol ná 250 MW, mar a cheanglaítear i bpointe 20 de EEAG.

(118) Maíonn roinnt tríú páirtithe nach gá easpa éifeachta dreasachta a bheith ag dámhachtain eadrána toisc go ndéantar cinneadh uirthi tar éis an infheistíocht a dhéanamh toisc, dar leo, gur cuid í den chabhair a gealladh ar an gcéad dul síos agus a chruthaigh ionchais dhlisteanacha ar ar a mbonn a cinneadh inmharthanacht tráchtála na hinfheistíochta.

7.2.6. *Barúlacha ina maítear go bhfuil an chabhair comhoiriúnach faoi EAG 2001, EAG 2008 agus EEAG*

(119) Maíonn roinnt tríú páirtithe, contrártha le measúnú an Choimisiúin, gur féidir an Dámhachtain a mheasúnú faoi EAG 2008, má tá sé le meas mar chuid de na Seanscéimeanna. Dar leis na tríú páirtithe sin, féadfar a mheas go ndéanann Antin gníomhaíocht chuideachtaí Andasol, is é sin fuinneamh in-athnuaite a ghiniúint, agus dá bhrí sin gur 'gnóthas aonair' é le cuideachtaí Andasol. Trí 45 % de chuideachtaí Andasol a fháil, feidhmíonn sé comhrialú bainistíochta ar chuideachtaí Andasol mar aon le RREEF Infrastructure (G.P.) Limited agus RREEF Pan-European Infrastructure Two Lux S.à r.l.

(120) Thairis sin, áitíonn na tríú páirtithe sin go bhfuil sé saorga a choinneáil go bhfuil baint ag an infheisteoir le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite má chruthaíonn sé aonad eacnamaíoch leis an ngléasra nó má bhainistíonn sé an gléasra, ós rud é nach bhfuil sa chuideachta oibriúcháin gléasra ach meán chun an tacaíocht a fháil, agus gurb é an t-infheisteoir a ghlacann na rioscaí go léir agus a dhéanann na cinntí tábhachtacha maidir le hoibriú an ghléasra. Dá bhrí sin, nuair a údaraíonn an Coimisiún cabhair do chuideachta oibriúcháin an ghléasra fuinnimh in-athnuaite, ní mór a mheas go dtéann an chabhair chun tairbhe do ghiniúint fuinnimh in-athnuaite gan beann ar cé acu a íoctar na brabúis leis an gcuideachta oibriúcháin gléasra nó go díreach leis an scairshealbhóir. Dar leis na tríú páirtithe sin, is cosúil, in aon chás, i gcleachtas cinnteoireachta an Choimisiúin, nach gá go raibh scairsheilbh nó rialú bainistíochta ar na gléasraí ag go leor faighteoirí cabhrach agus nár choinníoll riamh é úinéireacht ar chéatadán íosta de scaireanna an ghléasra tionscadail chun cabhair a dheonú i réimse an fhuinnimh in-athnuaite. Ar deireadh, cuireann na tríú páirtithe sin in iúl nach ndéanann an fíoras go bhfuil roinnt tacaíochta dírithe go teicniúil ar tháirgeadh leictreachais ó ghás nádúrtha difear don mheasúnú comhoiriúnachta, toisc go bhfuil úsáid gáis nádúrtha teoranta ó thaobh ama de, go mbaineann sí le breithnithe éifeachtúlachta agus gur údaraíodh í in go leor cásanna le cinntí an Choimisiúin.

(121) Maíonn roinnt tríú páirtithe gur cheartaigh na Seanscéimeanna cliseadh margaidh, trína rachadh infheistíocht neamhleor chuig teicneolaíochtaí foinsí fuinnimh in-athnuaite in éagmais tacaíochta. Dar leo, bhí sé sin i gcomhréir le Treoirlínte 2001 maidir le Cabhair Chomhshaoil ([85]) ('EAG 2001'). Áitíonn na páirtithe sin go ginearálta gur aithin an Spáinn agus an Coimisiún na Seanscéimeanna mar ionstraimí beartais iomchuí chun acmhainneacht foinsí fuinnimh in-athnuaite a mhealladh ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach.

(122) Go sonrach, maíonn na páirtithe sin nár chúitigh na Seanscéimeanna ach an difríocht idir costas táirgthe an fhuinnimh in-athnuaite agus praghas an mhargaidh thar shaolré an ghléasra toisc go bhfuil na torthaí iarchánach spriocdhírithe tuartha de 7 %-9,5 % ar an meán le haghaidh suiteálacha foinsí in-athnuaite fuinnimh faoi na Seanscéimeanna comhoiriúnach le EAG 2001 toisc nach mbeadh róchúiteamh i gceist leo ([86]). Ina dhiaidh sin, áitíonn na páirtithe sin go bhfuil torthaí spriocdhírithe na Spáinne faoi na Seanscéimeanna i gcomhréir leis na torthaí a d'údaraigh an Coimisiún go rialta le haghaidh scéimeanna tacaíochta eile maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh faoi EAG 2001.

(123) Thairis sin, maíonn na páirtithe céanna go mbeadh na Seanscéimeanna comhoiriúnach le EAG 2008 agus le EEAG. Go háirithe, d'áitigh na páirtithe sin go raibh éifeacht dreasachta ag na Seanscéimeanna a spreag infheistíocht shubstaintiúil i bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite na Spáinne, rud a bhí riachtanach chun é a chur ar chumas don Spáinn spriocanna fadtéarmacha maidir le fuinneamh in-athnuaite a bhaint amach.

(124) Áitíonn roinnt tríú páirtithe go bhfuil an chabhair a dheonaítear ar bhonn na Dámhachtana comhréireach faoi EAG 2008, ós rud é gurb é 7 %-10 % spriocráta toraidh na Spáinne idir 2008 agus 2013, spriocráta a bhí faoi bhun an raoin torthaí 10 %-13 % a d'údaraigh an Coimisiún le linn na tréimhse céanna le haghaidh scéimeanna tacaíochta eile maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh.

(125) I gcás ina ndéantar an measúnú faoi EEAG, maíonn na tríú páirtithe sin, cé nár deonaíodh an chabhair i bpróiseas tairisceana iomaíoch, de réir phointe 128 de EEAG, go bhfuil an chabhair fós comhoiriúnach mura mbíonn róchúiteamh mar thoradh uirthi. Maíonn siad freisin nár socraíodh uasráta toraidh le Cinneadh 2017 ón gCoimisiún agus, dá bhrí sin, nach féidir, dar leo, cosc a chur ar ráta toraidh 9 % a bheith laistigh den raon rátaí toraidh 10-11 % a d'údaraigh an Coimisiún sa tréimhse 2014-2020, rud a chiallódh go mbeadh an chabhair comhoiriúnach.

(126) Ina theannta sin, maíonn na tríú páirtithe sin nach ndéanann an chabhair saobhadh míchuí ar an iomaíocht agus ar an trádáil. Níl leibhéil ísle táirgiúlachta ag cuideachtaí Andasol agus tá siad fónta ó thaobh airgeadais de agus ní bheidh cumhacht shuntasach sa mhargadh, athrú ar shreafaí trádála, dinimic na hiomaíochta a athrú nó gnólacht infheistíochta a choinneáil i mbun gnó mar thoradh ar dheonú na cabhrach do Antin. Thairis sin, ní aontaíonn na hinfheisteoirí sin le tuairim an Choimisiúin go bhfuair Antin sochar breise faoin Dámhachtain i gcomparáid leis an sochar a fuair tairbhithe eile, toisc nach gcuireann an cúiteamh do Antin bac ar infheisteoirí eile cúiteamh a iarraidh as damáistí faoin dlí náisiúnta a d'fhéadfadh a bheith fiú níos airde fós ná cúiteamh Antin.

7.2.7. *Barúlacha ina maítear go bhfuil an Dámhachtain agus Scéim 2013 comhoiriúnach le EAG 2001, EAG 2008 agus EEAG*

(127) Mhaígh roinnt páirtithe ina mbarúlacha i scríbhinn go bhfuil an Dámhachtain comhoiriúnach le EAG 2001 mar ionadú ar an gcabhair a dheonaigh an Spáinn faoi na Seanscéimeanna, a bhí comhoiriúnach dar leo faoi na treoirlínte céanna. Go sonrach, áitíonn na tríú páirtithe sin, ós rud é go bhfuil an chabhair faoi Scéim 2013 i bhfad níos ísle ná an tacaíocht faoi na Seanscéimeanna, nach dtagann an Dámhachtain in ionad ach cuid den difríocht idir an tacaíocht airgeadais faoi na Seanscéimeanna agus Scéim 2013 agus nár sholáthair na Seanscéimeanna féin róchúiteamh. Dar leis na páirtithe sin, leanann sé as sin nach ndéanann an Dámhachtain róchúiteamh ar Antin. Ar bhonn na réasúnaíochta sin, áitíonn na páirtithe go bhfuil an chabhair faoin Dámhachtain comhréireach. Áitíonn na páirtithe sin, ar aon dul lena chéile, nach mbíonn róchúiteamh do na tairbhithe mar thoradh ar roinnt dámhachtainí samplacha (a bhfuil bunús dlí comhchosúil acu amhail an Dámhachtain) agus go bhfuil siad comhréireach faoi EAG 2001.

([85]) Treoirlínte ón gComhphobal maidir le státchabhair le haghaidh chosaint an chomhshaoil, IO C 37, 4.2.2001, lch. 3.

([86]) Chun tacú leis an maíomh sin, déanann an tríú páirtí measúnú ar thrí anailís a d'fhorbair institiúidí rialtas na Spáinne (mar atá, Tuarascáil CNE 3/2007, IDAE, an Creat Eacnamaíoch um Fhorbairt an Fhuinnimh In-athnuaite – Costas Infheistíochta, Torthaí agus Dreasachtaí do n tionscal suiteálacha dírithe grianteasa, Comhdháil arna heagrú ag CNE maidir le Forbairt Iarbhír agus Éabhlóid an Fhuinnimh In-athnuaite sa Spáinn, Maidrid, an 11 Nollaig 2007, agus tuarascáil CNMC i mí Dheireadh Fómhair 2018 ina ndéantar measúnú ar WACC le haghaidh infheistíochtaí in-athnuaite sa Spáinn).

(128) Thairis sin, áitíonn na tríú páirtithe sin go dtéann an Dámhachtain chun tairbhe d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite toisc go dtugann sí éifeacht chomharthaíochta thábhachtach d'infheisteoirí ionchasacha i bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite, toisc go léireofaí, ach an Spáinn an Dámhachtain a íoc, go bhfuil an Spáinn toilteanach a hoibleagáidí idirnáisiúnta faoi ECT a chomhlíonadh agus go mbeadh tionchar dearfach aige sin ar an deimhneacht dhlíthiúil agus ar an intuarthacht. Ina theannta sin, is léiriú ar an bhfíorchás eacnamaíoch é, i dtuairim na dtríú páirtithe sin, go n-íoctar dámhachtainí le hinfheisteoirí agus ní le suiteálacha foinsí fuinnimh in-athnuaite.

7.2.8. *Barúlacha ina maítear gur féidir measúnú a dhéanamh ar an Dámhachtain faoi Airteagal 107(3), pointe (c), CFAE*

(129) Áitíonn roinnt tríú páirtithe, fiú dá mba cheart an Dámhachtain a mheas ar bhonn neamhspleách agus measúnú comhoiriúnachta na Dámhachtana á dhéanamh, go bhfuil measúnú déanta ag an gCoimisiún ar chomhoiriúnacht na cabhrach go díreach ar bhonn Airteagal 107(3), pointe (c), CFAE i gcásanna maidir le cúiteamh as damáistí i ndáil le gléasraí breosla iontaise a dhúnadh go luath toisc nach bhféadfadh an Dámhachtain cúitimh a bheith oiriúnach do na treoirlínte cabhrach ábhartha.

7.2.9. *Barúlacha ina maítear go bhfuil an chabhair ar neamhréir le EEAG*

(130) Tá tríú páirtí amháin den tuairim gurbh é an tráth deonaithe ábhartha an dáta a d'eisigh an Binse an Dámhachtain, is é sin an 15 Meitheamh 2018, agus dá bhrí sin, ba cheart measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht an bhirt leis an margadh inmheánach faoi EEAG.

(131) Thairis sin, maíonn an páirtí sin nach gcomhlíonann an chabhair pointí 23 agus 31 de EEAG, ós rud é nach mbeadh rannchuidiú méadaithe le cuspóirí comhshaoil an Aontais mar thoradh ar fhorghníomhú na Dámhachtana. Is é an cuspóir a bheadh leis an gcabhair a dheonú go gcomhlíonfadh an Spáinn a hoibleagáidí idirnáisiúnta faoi ECT. Dar leis an bpáirtí sin, ní chomhlíonann an beart na ceanglais maidir le héifeacht dreasachta a leagtar síos i bpointe 49 de EEAG, toisc gur lean suiteálacha Antin d'fhuinneamh a tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite, d'ainneoin an laghdaithe ar an méid tacaíochta de thoradh na modhnuithe ar Scéim 2007. Ar deireadh, áitíonn an páirtí sin nach bhfuil an beart comhréireach de réir phointe 69 de EEAG, toisc gur ríomhadh an luach saothair a eascraíonn as an Dámhachtain de réir mhodh DCF agus gur mó é ná an ráta réasúnach toraidh ar infheistíocht arna leagan síos ag an Spáinn faoin scéim cabhrach oibriúcháin do ghineadóirí foinsí fuinnimh in-athnuaite. Deimhnítear leis an ngné sin freisin, de réir an tríú páirtí, cineál idirdhealaitheach an bhirt ar tugadh fógra ina leith, nach bhfuil ar fáil do gach infheisteoir agus, ar an gcaoi sin, méadaítear ráta toraidh inmheánach Antin thar na gnáthrátaí toraidh a thugtar faoi deara in earnáil an fhuinnimh in-athnuaite sa Spáinn.

7.2.10. *Barúlacha eile a tharraing tríú páirtithe anuas*

(132) Áitíonn roinnt tríú páirtithe nach mian leis an údarás a thugann fógra sa chás sin go n-údarófaí an beart ar tugadh fógra ina leith agus, dar leo, go bhféadfaidh an Spáinn mí-úsáid a bhaint as an nós imeachta um fhógra a thabhairt agus prionsabail an dea-riaracháin agus an chomhair dhílis a shárú trína mhaíomh nach bhfuil faisnéis áirithe ar fáil di. Maíonn na tríú páirtithe sin go gcuireann an Spáinn cosc ar údarú ón gCoimisiún ar an mbealach sin ar an mbeart cabhrach a dtugtar fógra ina leith. Thairis sin, maíonn roinnt tríú páirtithe go bhfuil ionchais dhlisteanacha ag infheisteoirí go bhfuil clásal eadrána ECT bailí agus go bhfuil na dámhachtainí arna n-eisiúint ag na binsí eadrána a bunaíodh faoi ECT ceangailteach mar ábhar de dhlí an Aontais agus den dlí idirnáisiúnta araon mar gheall ar (i) aontachas an Aontais le ECT ar feadh níos mó ná 25 bliana (in 1994) gan aon fhorchoimeádas a bheith curtha i gceangal leis maidir leis an gclásal eadrána laistigh den Aontas, (ii), prionsabal *Achmea*, a bunaíodh i mí an Mhárta 2018, ar léiriú núíosach é ar dhlí an Aontais agus nach bhfuil éifeacht chúlghabhálach aige ([87]), (iii) gur tharla líon suntasach cásanna eadrána a bhaineann le hinfheisteoirí agus Ballstáit an Aontais ar bhonn chur i bhfeidhm an chlásail eadrána in Airteagal 26 ECT gan an toirmisc ar chlásail eadrána laistigh den Aontas a bheith agartha ag an gCoimisiún, (iv) prionsabal na deimhneachta dlíthiúla, (v) agus, i gcomhréir leis an gcásdlí socraithe lena leagtar amach go bhfuil ionchais dhlisteanacha ag tairbhí cabhrach nuair a bhí sé ag gabháil go neamh-inchúlghairithe do thionscadal ar deonaíodh cabhair ina leith tamall fada sula ndearna an Coimisiún measúnú ar an mbeart cabhrach.

([87]) Breithiúnas an 19 Nollaig 2012, C-288/11, *Mitteldeutsche Flughafen AG* v An *Coimisiún*, EU:C:2012:821; Breithiúnas an 24 Deireadh Fómhair 2002, Cás C-82/01 P, *Aéroports de Paris* v *Coimisiún na gComhphobal Eorpach*, EU:C:2002:617.

(133) Maíonn roinnt tríú páirtithe eile go gcruthaíonn an cur chuige a lean an Spáinn agus an Coimisiún sna himeachtaí seo fasach a dhéanfaidh dochar, dar leo, don smacht reachta agus don timpeallacht infheistíochta laistigh den Aontas. Ina theannta sin, maíonn na páirtithe sin go mbeadh easaontais le hinstitiúidí domhanda (amhail an Banc Domhanda), le breithiúna tríú tír chomh maith le cuibhreannas de níos mó ná 50 infheisteoir fuinnimh in-athnuaite mar thoradh ar sheasamh an Choimisiúin a leagtar amach sa Chinneadh Tosaigh.

8. BARÚLACHA Ó ANTIN

8.1. Barúlacha maidir leis an gcabhair a bheith ann

8.1.1. *Barúlacha ina maítear nach bhfuil státchabhair i gceist leis an Dámhachtain*

(134) Tagraíonn Antin do bhreithnithe an Choimisiúin in aithrisí (73) go (77) den Chinneadh Tosaigh, ar dá réir, ar bhonn bhreithiúnas *Asteris,* chun cúiteamh as damáistí arna ndeonú de bhun an dlí náisiúnta a bheith ina státchabhair, nach mór deonú státchabhrach atá neamhdhleathach nó neamh-chomhoiriúnach a bheith á chúiteamh aige. Dar leis, má chúitíonn an cúiteamh (i bhfoirm na Dámhachtana anseo) beart arna dheonú de bhun an dlí náisiúnta (ECT anseo, a ndearnadh ina chuid den dlí náisiúnta le daingniú ECT ag an Spáinn) nach státchabhair é, nó nach cabhair atá ann cheana é, ansin níl an beart sin ag teacht salach ar dhlí an Aontais (státchabhair) agus dá bhrí sin ní cabhair é an cúiteamh as an mbeart sin. Ar bhonn na mbreithnithe sin, áitíonn Antin nach féidir leis an Dámhachtain a bheith ina státchabhair ach amháin más státchabhair neamhdhleathach nó neamh-chomhoiriúnach a bhí sna Seanscéimeanna. Thairis sin, áitíonn Antin gur chóir an Dámhachtain a mheas ar aon chuma mar chuid de na Seanscéimeanna, toisc go ndeimhníonn sé an ceart atá aige cheana maoiniú a fháil faoi na Seanscéimeanna. Ós rud é nach státchabhair a bhí sna Seanscéimeanna, ní cabhair atá sa Dámhachtain ach oiread.

(135) Go háirithe, maíonn Antin nach raibh deonú acmhainní Stáit i gceist leis na Seanscéimeanna toisc nach mór aicmiú birt mar státchabhair a mheas ar bhonn an chásdlí atá i réim tráth a dheonaítear an chabhair. De réir an chásdlí is infheidhme tráth a tugadh isteach na Seanscéimeanna, ní raibh acmhainní Stáit i gceist leis an sásra chun an tacaíocht a dheonú faoi na Seanscéimeanna. Maíonn Antin nach raibh acmhainní Stáit i gceist le sásra maoinithe na Seanscéimeanna, a tugadh isteach chomh luath le 1997 agus, in aon chás, tráth nach déanaí ná 2007, faoin gcásdlí ab infheidhme le linn a chur chun feidhme agus go dtí 2014 ([88]). Go sonrach, áitíonn Antin nach raibh de ról ag CNMC ach na muirir rochtana líonra a bhailiú agus iad a dháileadh ar na tairbhithe. Ní raibh sé de rogha ag CNMC na cistí a dháileadh chun críoch eile seachas na críocha sin a fhorordaítear le dlí ná leibhéal na n-íocaíochtaí a athrú, agus dá bhrí sin níor tháinig na cistí ábhartha faoi úinéireacht ná faoi réir CNMC tráth ar bith. Dá bhrí sin, níl aon smacht ag an Stát ar na cistí. De réir Antin, níl an cásdlí a bhí i réim in 2014 ([89]) ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar na Seanscéimeanna, nach raibh i bhfeidhm a thuilleadh ó 2014. Ar deireadh, fiú dá ndéanfaí measúnú ar na Seanscéimeanna ar bhonn an chásdlí a bhí i réim tráth a glacadh an Cinneadh seo, ní raibh acmhainní Stáit i gceist leo, toisc go bhfuil a sásra maoinithe cosúil leis an sásra a ndearna an Chúirt Bhreithiúnais measúnú air i gcás *EEG* ([90]).

(136) Thairis sin, maíonn Antin, fiú má tá an Dámhachtain le measúnú ar leithligh ó na Seanscéimeanna, nach bhfuil státchabhair i gceist léi, toisc gurb é an t-aon chúis bhunúsach lena deonú ná an damáiste a d'fhulaing Antin mar gheall ar iompar na Spáinne de shárú ar ECT agus, dá bhrí sin, nach dtugann sé buntáiste do Antin i bhfianaise bhreithiúnas *Asteris*. Ina theannta sin, deimhnítear cineál cúiteach na Dámhachtana toisc nach mbaineann na nósanna imeachta um réiteach díospóidí faoi Airteagal 26 ECT ach leis na hinfheisteoirí agus ní le tairbhithe na

([88]) De réir Antin, is é sin cásdlí *PreussenElektra* (féach Breithiúnas na Cúirte an 13 Márta 2001 in C-379/98, *PreussenElektra,* EU:C:2001:160).

([89]) De réir Antin, is é sin cásdlí *Elcogas* (féach Ordú na Cúirte an 22 Deireadh Fómhair 2014, *Elcogás SA v Administración del Estado agus Iberdrola SA*, Cás C-275/13, EU:C:2014:2314).

([90]) Breithiúnas an 28 Márta 2018, *An Ghearmáin v An Coimisiún,* i gcás C-405/16, EU:C:2019:268.

Seanscéimeanna. Is é sin le rá, a mhéid a bhaineann le Antin, deonaíodh an Dámhachtain d'infheisteoirí (Antin) agus ní do thairbhithe na Seanscéimeanna, is é sin, cuideachtaí Andasol. Áitíonn Antin freisin nach n-athraítear cineál an chúitimh, mar chúiteamh as damáistí, toisc go ndeonaítear an cúiteamh faoi rialacha idirnáisiúnta (is é sin ECT) in ionad rialacha náisiúnta agus, in aon chás, go bhfuil an Dámhachtain i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta ábhartha maidir le cúiteamh damáistí.

(137) Ar deireadh, maíonn Antin go meastar gur infheistíocht airgeadais amháin iad a chearta scairshealbhaíochta 45 % i ngach ceann de chuideachtaí Andasol toisc nach mbainistíonn Antin cuideachtaí Andasol, dá bhrí sin ní gnóthas é Antin agus, dá réir, ní thagann deonú na Dámhachtana do Antin faoi raon feidhme na rialacha maidir le státchabhair.

8.1.2. *Barúlacha ina maítear nach bhfuil an Dámhachtain inleagtha ar an Spáinn*

(138) Áitíonn Antin, ós rud é nach raibh baint ag acmhainní Stáit leis na Seanscéimeanna, nach bhfuil aon státchabhair ann agus nach bhfuil measúnú na hinleagthachta ábhartha. Mar sin féin, má tá an Dámhachtain le measúnú ar leithligh ó na Seanscéimeanna, ní féidir inleagthacht na Dámhachtana a bhunú ar aontachas na Spáinne le Coinbhinsiún ICSID nó le ECT toisc, dar leis, nár mhol an Coimisiún sa Chinneadh Tosaigh gurb é Coinbhinsiún ICSID nó ECT an bhunscéim. Os a choinne sin, ós rud é gur féidir tátal a bhaint as aithrisí (10) agus (36) go (44) den Chinneadh Tosaigh, ghlac sé leis gur beart *ad hoc* é an Dámhachtain féin nó go bhfuil na Seanscéimeanna á n-athbhunú aici.

(139) Thairis sin, maíonn Antin, i bhfianaise oibleagáidí na Spáinne faoin dlí idirnáisiúnta, nach féidir léi a roghnú gan an Dámhachtain a íoc. Go sonrach, áitíonn sé, más ann d'oibleagáidí dlíthiúla, nach féidir a mheas go gceanglaítear le comhlíonadh na n-oibleagáidí sin 'cinneadh' iad a chomhlíonadh. Dar le Antin, toisc gur iarr an Spáinn go sonrach ar an gCoimisiún gan an Dámhachtain a fhormheas agus fógra á thabhairt aici dó, cruthaítear nach bhfuil lánrogha cinnteoireachta ag an Spáinn maidir lena híoc.

8.1.3. *Barúlacha ina maítear nach dócha go ndéanfaidh an Dámhachtain an iomaíocht a shaobhadh*

(140) Maíonn Antin, má tá an Dámhachtain le measúnú ar leithligh ó na Seanscéimeanna, nach dócha go saobhfaidh sé an iomaíocht ná go ndéanfaidh sé difear don trádáil idir na Ballstáit, toisc gur dhíol Antin a infheistíocht i ngléasraí Andasol i mí Lúnasa 2017 agus nach bhfuil sé ag infheistiú san earnáil fuinnimh san Aontas ó shin agus nach bhfuil aon phost scairshealbhaíochta aige in aon chuideachta eile atá gníomhach san earnáil sin san Aontas.

8.1.4. *Barúlacha ina maítear, fiú má bhí státchabhair i gceist leis na Seanscéimeanna, gur cabhair atá ann cheana í*

(141) Líomhnaíonn Antin, fiú dá mba rud é gurbh ionann na Seanscéimeanna agus státchabhair, gur chabhair atá ann cheana a bheadh ann (toisc go bhfuil an tréimhse theorann 10 mbliana imithe in éag) rud a chiallaíonn, dar leis, nach ndéantar státchabhair neamhdhleathach nó neamh-chomhoiriúnach a chúiteamh leis an Dámhachtain.

(142) Go háirithe, áitíonn Antin go bhfuil dlúthbhaint ag an Dámhachtain leis na Seanscéimeanna agus dá bhrí sin ba cheart a mheas gur deonaíodh an chabhair in 1997, nuair a bunaíodh an chéad scéim, nó in 1998 ar a dhéanaí, nuair a cuireadh chun feidhme í den chéad uair le Foraithne Ríoga 2818/1998. Dar leis, chuaigh an tréimhse theorann in éag in 2008, ach ní athruithe substainteacha iad na modhnuithe ar na Seanscéimeanna in 2004 agus 2007 a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don anailís chomhoiriúnachta agus ní thugann siad údar le hathrú ar cháilíocht na cabhrach ón gcabhair atá ann cheana go dtí an chabhair nua.

(143) Thairis sin, maíonn Antin, fiú má mheastar go mbeadh tionchar ag na leasuithe ar na Seanscéimeanna, a tugadh isteach in 2004 agus 2007, ar chomhoiriúnacht na scéimeanna, go mbeadh an chabhair fós ann, ós rud é go ndeachaigh an tréimhse theorann in éag in 2014 agus 2017 faoi seach, dá bhrí sin sular tugadh fógra don Choimisiún faoin Dámhachtain in 2019.

(144) Áitíonn Antin ós rud é, de réir chásdlí *Asteris*, nach ionann cúiteamh i leith damáistí agus státchabhair ach amháin má chúitíonn sé i leith cabhair neamhdhleathach nó neamh-chomhoiriúnach, toisc gurb ionann na deontais d'Antin faoi na Seanscéimeanna agus cabhair atá ann cheana, ciallaítear leis sin nach státchabhair atá sa Dámhachtain. De rogha air sin, fiú má mheastar gur státchabhair atá sa Dámhachtain, ós rud é gurbh ionann na Seanscéimeanna (nó, ina ionad sin, na deontais aonair do Antin faoi na Seanscéimeanna) agus cabhair atá ann cheana, ciallaíonn sé sin gur cabhair atá ann cheana atá sa Dámhachtain freisin.

8.1.5. *Barúlacha ina maítear, má tá cabhair i gceist leis an Dámhachtain, go bhfuil an chabhair sin dleathach*

(145) Áitíonn Antin, ós rud é nach bhfuil státchabhair i gceist leis an Dámhachtain, nach bhfuil feidhm ag an oibleagáid neamhghníomhaíochta, ach fiú dá measfaí go bhfuil státchabhair i gceist leis an Dámhachtain, nach raibh aon oibleagáid ar an mBinse a imeachtaí a chur ar fionraí.

8.1.6. *Barúlacha ina maítear gur deonaíodh an chabhair nuair a fuair Antin an deontas faoi na Seanscéimeanna*

(146) Maíonn Antin, ós rud é gur deonaíodh an Dámhachtain chun na cearta a bunaíodh faoi na Seanscéimeanna a athbhunú, gur deonaíodh an chabhair nuair a fuair Antin an deontas faoi na Seanscéimeanna. Níl sé ceart, dar leis, a mheas gur deonaíodh an chabhair nuair a ghlac an Binse an cinneadh an Dámhachtain a eisiúint ([91]). Ina theannta sin, áitíonn Antin, más rud é nach mór an iarraidh in imeachtaí dlíthiúla ar íocaíocht de chuid de státchabhair nach bhfuarthas a mheas mar chuid den chabhair fholuiteach sin agus ní mar chabhair ar leithligh, nach féidir a mheas go ndeonaítear cabhair ar leithligh leis an mbreithiúnas lena ndeonaítear an ceart chun an chuid sin a fháil ach oiread ([92]). Dá réir sin, ní féidir a mheas go ndeonaítear cabhair nua leis an mbreithiúnas ná gurb é dáta glactha an bhreithiúnais dáta deonaithe aon chabhrach.

8.2. **Barúlacha maidir le comhoiriúnacht na cabhrach**

8.2.1. *Barúlacha lena maítear nach ionann an Dámhachtain agus státchabhair neamhréireach*

(147) Maíonn Antin, nuair a dúirt an Chúirt Bhreithiúnais, i mbreithiúnas *Komstroy*, go bhfuil dámhachtainí eadrána faoi ECT neamhbhailí, gur *obiter dictum* a bhí ann, nach bhfuil feidhm dhlíthiúil aige agus go raibh an ráiteas bunaithe ar chás teoiriciúil nach mbeadh riamh faoi réir dhlí an Aontais. Ina theannta sin, maíonn Antin nár rialaigh an Chúirt Bhreithiúnais ina *Tuairim 1/20* cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an dréacht-ECT nuachóirithe comhoiriúnach le dlí an Aontais agus an bhféadfadh aon chúiteamh féideartha faoi ECT ar bheart a bheith ina státchabhair.

(148) Maíonn Antin freisin nach féidir neamh-chomhoiriúnacht na Dámhachtana leis an margadh inmheánach a bheith mar thoradh go huathoibríoch ar chur i bhfeidhm phrionsabal *Achmea* sa chás seo. Is amhlaidh atá, dar leis, mar má thagann dlí an Aontais ar chéim níos ísle (ECT sa chás seo) salach ar dhlí príomha an Aontais (prionsabal *Achmea* in éineacht leis na rialacha maidir le státchabhair sa chás seo), ní mór na forálacha contrártha a réiteach, seachas glacadh leis go sáraíonn dlí príomha an Aontais go huathoibríoch dlí eile an Aontais atá bunaithe ar ECT.

(149) Thairis sin, maíonn Antin go mbeadh aon léirmhíniú ar an gcásdlí lena dtugtar le tuiscint go sáraíonn clásal eadrána ECT forálacha dhlí príomha an Aontais contrártha do phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla agus d'ionchais dhlisteanacha na n-infheisteoirí sa chás seo, ós rud é gur shínigh an Coimisiún ECT ó 1994 i leith, gan aon fhorchoimeádas maidir leis an gclásal eadrána. Áitíonn Antin, nuair a rinneadh ECT a chaibidliú sular síníodh é in 1994, gur iarr an tAontas ar dtús go n-áireofaí clásal lena sonraítear nach bhfuil clásal eadrána ECT infheidhme maidir le díospóidí laistigh den Aontas, ach chuir sé deireadh leis an iarraidh sin nuair a shínigh an tAontas é in 1994. D'áitigh an Coimisiún ansin le linn na caibidlíochta maidir leis an athbhreithniú ar ECT gur cheart clásal

([91]) Tagraíonn Antin do bhreithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 18 Meitheamh 2019, Cásanna T-624/15, T-694/15 agus T-704/15, *European Food agus páirtithe eile v an Coimisiún*, EU:T:2019:423, inar mheas sí gur deonaíodh an chabhair a bhaineann le dámhachtain Micula an lá a aisghaireadh an bhunscéim ós rud é gurbh í an aisghairm ba chúis leis an gceart dámhachtain Micula a fháil.

([92]) Tagraíonn Antin do Bhreithiúnas ón gCúirt (an Mór-Dhlísheomra) an 12 Eanáir 2023, Cásanna Uamtha C-702/20 agus C-17/21, *SIA 'DOBELES HES' agus Sabiedrisko pakalpojumu regulēšanas komisija*, EU:C:2023:1.

den sórt sin a áireamh in ECT athbhreithnithe. Dar le Antin, cuireadh in iúl leis an gcur chuige sin go léiríonn an prionsabal a bunaíodh le breithiúnas *Achmea* léirmhíniú nua, nach féidir éifeacht chúlghabhálach a bheith aige. Áitíonn Antin freisin go bhfuil na hionchais dhlisteanacha go bhfuil an eadráin bailí bunaithe ar líon na gcásanna ina bhfuair infheisteoirí an Aontais dámhachtainí in aghaidh Ballstáit ar bhonn Airteagal 26 ECT gan agóid nó díospóid ina gcoinne ón gCoimisiún (trí státchabhair nó nósanna imeachta um shárú a thionscnamh). Maidir leis sin, cuireann Antin in iúl freisin na hiarmhairtí tromchúiseacha eacnamaíocha a thabhódh na hinfheisteoirí i gcás neamhbhailíocht an chlásail eadrána, i bhfianaise líon mór na n-infheistíochtaí a rinneadh de mheon macánta.

(150) Thairis sin, áitíonn Antin go bhfuil a ionchais dhlisteanacha bunaithe ar an bhfíoras nár thionscain an Coimisiún imscrúdú foirmiúil maidir leis na Seanscéimeanna sular thug an Spáinn fógra faoin Dámhachtain in 2019, cé go raibh sé ar an eolas faoi na scéimeanna ([93]). Ina theannta sin, cheana féin ó 2011, sular aisghaireadh na Seanscéimeanna in 2013 nó sular eisíodh an Dámhachtain i mí an Mheithimh 2018, bhí Antin ag gabháil go neamh-inchúlghairthe do thionscadail bhonneagair foinsí fuinnimh in-athnuaite agus, dá bhrí sin, bhí ionchais dhlisteanacha aige maidir lena cheart clásal eadrána ECT a agairt ([94]).

8.2.2. *Barúlacha ina maítear nach bhfuil idirdhealú ar bhonn náisiúntachta i gceist leis an Dámhachtain*

(151) Maíonn Antin gur cheart an Dámhachtain a mheas mar chuid de na Seanscéimeanna agus mar sin, nach mbíonn aon idirdhealú mar thoradh uirthi, toisc gur féidir leis na hinfheisteoirí go léir a chomhlíonann na coinníollacha ábhartha tairbhiú di. Dar le Antin, tá argóint an Choimisiúin gurb é atá i gceist leis an idirdhealú i measc na n-infheisteoirí éagsúla (go háirithe i gcoinne infheisteoirí Spáinneacha) nach bhfuil rochtain ag gach infheisteoir a thairbhíonn de na Seanscéimeanna ar eadráin idirnáisiúnta faoi ECT, bunaithe ar an toimhde bhréagach go bhfuil ECT mar chuid de na Seanscéimeanna nó gur féidir le ECT leis féin a bheith ina bhonn chun cabhair a dheonú. Cuireann Antin leis sin nach gcoisctear go bhféadfaidh infheisteoirí na Spáinne cúiteamh a iarraidh i leith damáistí de réir fhorálacha an dlí náisiúnta nó de réir aon sásra eile um réiteach díospóidí a d'fhéadfadh a bheith comhaontaithe acu.

(152) Áitíonn Antin freisin, fiú má mheastar go bhfuil ECT mar chuid de na Seanscéimeanna, go dtugtar le tuiscint le hargóint an Choimisiúin maidir le hidirdhealú ar bhonn náisiúntachta idirdhealú ar bhonn áit bhunaithe an infheisteora. Measann sé nach sáraíonn idirdhealú den sórt sin aon fhoráil de na Conarthaí. Tá státchabhair, de réir a sainmhínithe, idirdhealaitheach, toisc go ndeonaítear í do chuideachtaí atá bunaithe sa Bhallstát a dheonaíonn an chabhair.

(153) Ar deireadh, áitíonn Antin má tá an Dámhachtain le scrúdú mar chabhair *ad hoc*, ar leithligh ó na Seanscéimeanna, níl aon idirdhealú ann, toisc nach féidir aon chomparáid a dhéanamh le deontas eile.

8.2.3. *Barúlacha ina maítear go bhfuil na Seanscéimeanna comhoiriúnach faoi EAG 2001, EAG 2008 agus EEAG*

(154) I dtuairim Antin, má mheastar go mbaineann státchabhair leis an Dámhachtain, níor cheart measúnú a dhéanamh ar a comhoiriúnacht in aghaidh na dTreoirlínte a bhí i bhfeidhm tráth a eisíodh an Dámhachtain. Os a choinne sin, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an Dámhachtain mar chuid de na Seanscéimeanna agus na Treoirlínte a bhí i bhfeidhm nuair a deonaíodh an chabhair d'Antin faoi na Seanscéimeanna a chur i bhfeidhm.

([93]) Tarraingíonn Antin aird ar leathanaigh 10, 22 agus 28 de Theachtaireacht COM(2005) 627 ón gCoimisiún 'Tacaíocht don Leictreachas ó Fhoinsí In-athnuaite Fuinnimh' an 7 Nollaig 2005, ar Chinneadh C(2013) 7743 final ón gCoimisiún an 4 Feabhra 2014 maidir le SA.36559 (C3/2007), IO L 205, 12.7.2014 agus ar aithris (107) de Chinneadh 2017 ón gCoimisiún.

([94]) Tagraíonn Antin do na breithiúnais seo a leanas: Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 15 Samhain 2018, *World Duty Free Group, SA, ar a dtugtaí Autogrill España, SA v an Coimisiún*, T-219/10 RENV, EU:T:2018:784; Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 15 Samhain 2018, *Deutsche Telekom AG v an Coimisiún*, T-207/10, EU:T:2018:786; Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 15 Samhain 2018, *Banco Santander, SA v an Coimisiún*, Cás T-227/10, EU:T:2018:785; Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 15 Samhain 2018, *Axa Mediterranean Holding, SA v an Coimisiún*, T-405/11, EU:T:2018:780; Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 15 Samhain 2018, *Banco Santander, SA agus Santusa Holding, SL v an Coimisiún*, Cás T-399/11 RENV, EU:T:2018:787.

(155) Maíonn Antin go n-éascaíonn an Dámhachtain gníomhaíocht eacnamaíoch na giniúna fuinnimh in-athnuaite agus nach toradh amháin é ar chomhlíonadh na Spáinne lena hoibleagáidí faoi Choinbhinsiún ICSID. Dar leis, má mheastar go ndeimhnítear leis an Dámhachtain an ceart atá ann cheana chun cabhair a fháil faoi na Seanscéimeanna, deonaítear an chabhair le haghaidh infheistíochtaí fuinnimh in-athnuaite. Ina theannta sin, fiú má mheastar an Dámhachtain ar bhonn neamhspleách, spreagadh oibleagáid chúitimh na Spáinne faoi Choinbhinsiún ICSID mar gheall ar tháirgeadh fuinnimh in-athnuaite Antin (agus ní fhéadfar an oibleagáid sin a spreagadh ach amháin mar gheall air sin). Dá bhrí sin, is é táirgeadh fuinnimh in-athnuaite an t-aon ghníomhaíocht fholuiteach ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht mhéid an chúitimh.

(156) Maíonn Antin go ndéanann sé gníomhaíocht le foinsí fuinnimh in-athnuaite, toisc go bhféadfaí a mheas go ndéanann sé gníomhaíocht chuideachtaí Andasol, is é sin fuinneamh in-athnuaite a ghiniúint, agus dá bhrí sin gur 'gnóthas aonair' é le cuideachtaí Andasol. Trí 45 % de chuideachtaí Andasol a fháil, feidhmíonn sé comhrialú bainistíochta le RREEF Infrastructure (G.P.) Limited agus RREEF Pan-European Infrastructure Two Lux S.à r.l. Thairis sin, measann Antin go bhfuil sé saorga a choinneáil go bhfuil baint ag an infheisteoir le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite i gcás ina gcruthaíonn sé aonad eacnamaíoch leis an ngléasra nó má bhainistíonn sé an gléasra, agus sa chás sin amháin, ós rud é nach bhfuil sa chuideachta oibriúcháin gléasra ach meán chun an tacaíocht a fháil, agus gurb é an t-infheisteoir a ghlacann na rioscaí go léir agus a dhéanann na cinntí tábhachtacha maidir le hoibriú an ghléasra. Dá bhrí sin, nuair a údaraíonn an Coimisiún cabhair do chuideachta oibriúcháin an ghléasra fuinnimh in-athnuaite, ní mór a mheas go dtéann an chabhair chun tairbhe do ghiniúint fuinnimh in-athnuaite gan beann ar cé acu a íoctar na brabúis leis an gcuideachta oibriúcháin gléasra nó go díreach leis an scairshealbhóir. De réir Antin, in aon chás, dealraíonn sé, i gcleachtas cinnteoireachta an Choimisiúin, nach gá go raibh scairsheilbh nó rialú bainistíochta ar na gléasraí ag go leor faighteoirí cabhrach agus nár choinníoll riamh é úinéireacht ar chéatadán íosta de scaireanna an ghléasra tionscadail chun cabhair a dheonú i réimse an fhuinnimh in-athnuaite. Ar deireadh, áitíonn Antin, i gcás ina nglactar le Antin agus cuideachtaí Andasol mar aonad eacnamaíoch amháin, nach bhfuil sé ábhartha go ndearna Antin cuideachtaí Andasol a dhíol in 2017 tar éis dó iad a cheannach in 2011. Ní mór aon chúiteamh a thabhairt do Antin, ós rud é gur íoc sé as luach margaidh chuideachtaí Andasol ar an toimhde go bhfaigheadh sé an méid iomlán cabhrach.

(157) I ndáil leis an méid sin, cuireann Antin in iúl nach ndéanann an fíoras go bhfuil roinnt tacaíochta dírithe go teicniúil ar tháirgeadh leictreachais ó ghás nádúrtha difear don mheasúnú comhoiriúnachta, toisc go bhfuil úsáid gáis nádúrtha teoranta ó thaobh ama de agus go mbaineann sé le breithnithe éifeachtúlachta. Ina theannta sin, úsáideann beagnach gach tairbhí cabhrach faoi na Seanscéimeanna agus faoi Scéim 2013 gás go pointe áirithe le linn eatraimh ghearra agus d'údaraigh an Coimisiún freisin i mórán cásanna cabhair do ghléasraí cumhachtaithe gásadhainte.

(158) Maidir leis an éifeacht dreasachta, maíonn Antin gur chóir a mheas go bhfuil éifeacht dreasachta ag an Dámhachtain chomh fada agus a chomhlíon sé na riachtanais atá leagtha amach sna Seanscéimeanna.

(159) Maíonn Antin go bhfuil na Seanscéimeanna comhoiriúnach faoi EAG 2001, toisc go bhfuil torthaí spriocdhírithe na Spáinne faoi na Seanscéimeanna i gcomhréir leis na torthaí a d'údaraigh an Coimisiún go rialta le haghaidh scéimeanna tacaíochta eile le foinsí fuinnimh in-athnuaite idir 2001 agus 2009 faoi EAG 2001. Níl aon tionchar ag na leasuithe ar an scéim, a tugadh isteach in 2004 agus 2007, ar an measúnú seo.

(160) Dar le Antin, tá na Seanscéimeanna comhréireach freisin faoi EAG 2008, ós rud é gurb é 7 %-10 % spriocráta toraidh na Spáinne idir 2008 agus 2013, a bhí faoi bhun an raoin toraidh 10 %-13 % a d'údaraigh an Coimisiún le linn na tréimhse céanna le haghaidh scéimeanna tacaíochta eile maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh.

(161) I gcás ina ndéantar an measúnú faoi EEAG, áitíonn Antin nár cheart an éifeacht dreasachta a mheasúnú faoi roinn 3.2.4.2. de EEAG, toisc go bhfuil an Dámhachtain mar chuid de na Seanscéimeanna agus ina cabhair nach bhfuil infhógartha go haonarach agus nach mó acmhainn ghléasraí Andasol ná 250 MW, mar a cheanglaítear i bpointe 20 de EEAG. Ina theannta sin, maidir leis an gcomhréireacht, áitíonn Antin nach féidir an chabhair a dhéanamh neamh-chomhoiriúnach toisc go ndeonaítear an chabhair trí dhámhachtain eadrána agus ní trí phróiseas tairisceana iomaíoch. Áitíonn Antin gur ríomhadh an Dámhachtain ar bhonn an luach saothair ar cheart do Antin a fháil faoi na Seanscéimeanna (is é sin, mar an gcéanna leis an méid a gheobhadh Antin amhail is dá mbeadh na Seanscéimeanna i bhfeidhm). Is éard atá ann, dá bhrí sin, praghas an mhargaidh agus biseach arna iolrú faoin líon blianta atá i gceist agus ní athraítear cineál an chúitimh toisc gur carnadh na bisigh in aon mhéid amháin. Áitíonn Antin, cé nach ndeonaítear an chabhair i bpróiseas tairisceana iomaíoch, de réir phointe 128 de EEAG, go bhfuil an chabhair fós comhoiriúnach, mura mbíonn róchúiteamh mar thoradh uirthi agus nár socraíodh uasráta toraidh le Cinneadh 2017 ón gCoimisiún, ní féidir cosc a chur ar an gCoimisiún ráta toraidh 9 % a údarú, i bhfianaise a chleachtais chinnteoireachta sa tréimhse 2014 go 2020.

(162) Ina theannta sin, maíonn Antin nach ndéanann an chabhair saobhadh míchuí ar an iomaíocht ná ar an trádáil, toisc nach mbíonn cumhacht shuntasach sa mhargadh, athrú ar shreafaí trádála, athrú ar dhinimic na hiomaíochta ná gnólacht infheistíochta a choinneáil i mbun gnó mar thoradh uirthi. Go háirithe, áitíonn Antin nach bhfuil leibhéil ísle táirgiúlachta ann féin ná i gcuideachtaí Andasol agus go bhfuil siad fónta ó thaobh airgeadais de. Ina theannta sin, ní bhíonn rátaí toraidh míréasúnta ag Antin mar thoradh ar an gcabhair a bhaineann leis an Dámhachtain toisc go bhfanann siad laistigh de na rátaí toraidh agus ní mhaireann sí ar feadh fad míréasúnta (ní mhaireann sí ach ar feadh a saolré) agus ní bhaineann aon riosca tras-fhóirdheonaithe ná neodracht theicneolaíoch léi. Ar deireadh, ní thugann an chabhair atá nasctha leis an Dámhachtain sciartha méadaithe den mhargadh do Antin ná do chuideachtaí Andasol.

(163) Ar deireadh, maíonn Antin, fiú má tá an measúnú comhoiriúnachta ar an Dámhachtain le déanamh agus an Dámhachtain á meas ar bhonn neamhspleách, go bhfuil measúnú déanta ag an gCoimisiún ar chomhoiriúnacht na cabhrach go díreach ar bhonn Airteagal 107(3) CFAE i gcásanna maidir le cúiteamh as damáistí i ndáil le gléasraí breosla iontaise a dhúnadh go luath, mura bhféadfadh an cúiteamh a bheith oiriúnach do na treoirlínte cabhrach ábhartha.

8.3. **Barúlacha eile**

(164) Áitíonn Antin nár thug an Spáinn fógra faoin Dámhachtain chun í a údarú agus go bhféadfaidh sí, dá bhrí sin, mí-úsáid a bhaint as an nós imeachta um fhógra a thabhairt agus prionsabail an dea-riaracháin agus an chomhair dhílis a shárú mar gheall ar mhainneachtain an fhaisnéis is gá a sholáthar agus trí chosc a chur ar údarú ón gCoimisiún don bheart cabhrach dá dtugtar fógra.

9. **BARÚLACHA NA SPÁINNE I nDÁIL LE BARÚLACHA TRÍÚ PÁIRTITHE**

(165) Sheol údaráis na Spáinne a bhfreagra ar na barúlacha a chuir tríú páirtithe isteach an 3 Eanáir 2023, an 27 Samhain 2023 agus an 29 Eanáir 2024.

9.1. **Barúlacha i ndáil le barúlacha maidir le cabhair a bheith ann**

(166) Mar fhreagairt ar argóintí tríú páirtí nach bhfuil státchabhair i gceist leis an Dámhachtain, athdhearbhaíonn an Spáinn réasúnaíocht an Choimisiúin i gCinneadh 2017 ón gCoimisiún, inar mheabhraigh an Coimisiún (in aithris (165)), gur státchabhair inti féin a bheadh in aon chúiteamh a bheadh le deonú ag binse eadrána d'infheisteoir ar an mbonn go ndearna an Spáinn modhnú ar an scéim eacnamaíoch bhisigh (Scéim 2007) leis an scéim ar tugadh fógra ina leith (Scéim 2013).

(167) Thairis sin, d'athdhearbhaigh an Spáinn, go ndeonaítear an chabhair ar an dáta a eisítear an dámhachtain eadrána, de réir cásdlí, toisc nár deonaíodh an ceart chun cúitimh as an gcaillteanas a líomhnaíonn na hiarratasóirí eadrána a bhain dóibh mar thoradh ar aisghairm scéime státchabhrach ach amháin leis an dámhachtain eadrána ([95]).

([95]) Tagraíonn an Spáinn do bhreithiúnas an 25 Eanáir 2022, C-638/19 P, *European Food agus Eile v An Coimisiún*, EU:C:2022:50.

9.2. **Barúlacha i ndáil le barúlacha maidir le comhoiriúnacht na cabhrach**

(168) Mar fhreagairt ar na barúlacha tríú páirtí maidir le hábharthacht bhreithiúnas *Komstroy,* thug an Spáinn faoi deara gur dheimhnigh an Chúirt Bhreithiúnais nach bhfuil an chabhair a deonaíodh ar bhonn dámhachtain laistigh den Aontas arna heisiúint ag binse eadrána faoi ECT comhoiriúnach le dlí an Aontais, toisc nach cuid de chóras breithiúnach an Aontais é binse eadrána den sórt sin, contrártha d'Airteagal 19(1) CAE, chomh maith le hAirteagail 267 agus 344 CFAE ([96]).

9.3. **Barúlacha i ndáil le barúlacha maidir le cabhair a bheith ann**

(169) Mar fhreagra ar argóintí an tríú páirtí nach státchabhair a bhí i gceist le díothú nó laghdú na ndreasachtaí as ar eascair an cúiteamh sa Dámhachtain agus gur chabhair a bhí ann cheana a bheadh ann in aon chás, mheabhraigh údaráis na Spáinne i mbreithiúnas *Micula,* atá cosúil den chuid is mó leis an gcás seo, gur dhiúltaigh an Chúirt don tuairim maidir le cabhair arb ionann í agus cúiteamh atá i ndámhachtain eadrána a rinneadh ar bhonn BIT laistigh den Aontas agus a spreagadh le haisghairm na scéime atá i gceist, go bhféadfaí a mheas gur deonaíodh an chabhair sin tráth aisghairm na scéime atá i gceist. Os a choinne sin, shoiléirigh an Chúirt go bhfaigheann an tairbhí an ceart chun an chabhair a fháil ar bhonn na dámhachtana tráth a dheonaítear an dámhachtain ([97]).

(170) Ina theannta sin, luaigh údaráis na Spáinne gur chinn an Chúirt Bhreithiúnais nach féidir aon éifeacht a bheith le dámhachtain ná í a fhorfheidhmiú, a mhéid atá sí ar neamhréir le dlí an Aontais, agus go háirithe le hAirteagail 267 agus 344 CFAE ([98]). Áitíonn an Spáinn freisin go bhfuil feidhm ag an bprionsabal céanna sa chás seo agus nach féidir cabhair a dheonú ar bhealach atá contrártha d'Airteagail 267 agus 344 CFAE.

(171) Ag freagairt do na héilimh a rinne tríú páirtithe maidir le hábharthacht bhreithiúnas *Asteris,* áitíonn údaráis na Spáinne nach féidir cúiteamh as cabhair nár íocadh faoin gComhbheartas Talmhaíochta a mheas Cúirteanna an Aontais a bheith neamhdhleathach a ionannú le dámhachtain eadrána infheistíochta laistigh den Aontas faoi ECT. I ndáil leis sin, tharraing údaráis na Spáinne aird ar *chás Micula* inar shoiléirigh an Chúirt cineál na headrána infheistíochta laistigh den Aontas mar chóras um réiteach díospóidí lasmuigh de chórais bhreithiúnacha náisiúnta na mBallstát sular aicmíodh dámhachtain den sórt sin mar státchabhair.

(172) Thairis sin, mar fhreagairt ar na líomhaintí tríú páirtí gurbh ionann Scéim 2007 agus scéimeanna cabhrach a bhí ann cheana, áitíonn údaráis na Spáinne go ndearnadh anailís i gCinneadh 2017 ón gCoimisiún ar an gcúiteamh iomlán a fuair na tairbhithe faoi Scéim 2007 agus faoi Scéim 2013 araon.

(173) Ina theannta sin, tacaíonn údaráis na Spáinne le réasúnaíocht an Choimisiúin a leagtar amach sa Chinneadh Tosaigh, agus iad ag freagairt do na barúlacha tríú páirtí a cheistigh inleagthacht na Dámhachtana i leith na Spáinne.

(174) Mar fhreagairt ar na hargóintí a d'ardaigh tríú páirtithe i ndáil le héifeacht an bhirt ar an margadh inmheánach, míníonn údaráis na Spáinne gur leag an Chúirt in *Micula* ([99]) amach gurb ionann dámhachtainí eadrána laistigh den Aontas arna ndeonú le sásra lasmuigh de chóras breithiúnach an Aontais agus cabhair atá ar neamhréir leis an margadh inmheánach, rud a fhágann go bhfuil a dtionchar ar an margadh neamhábhartha. In aon chás, áitíonn údaráis na Spáinne gur léirigh Cinneadh 2017 ón gCoimisiún go bhféadfadh Scéim 2007 agus Scéim 2013 araon an iomaíocht sa mhargadh inmheánach a shaobhadh.

([96]) Tagraíonn an Spáinn do bhreithiúnais *Komstroy* agus *Achmea*.
([97]) Tagraíonn an Spáinn do bhreithiúnas an 25 Eanáir 2022, C-638/19 P, *European Food agus Eile v An Coimisiún,* EU:C:2022:50, mír 125.
([98]) Ordú ón gCúirt an 21 Meán Fómhair 2022, C-333/19, *Romatsa agus Eile,* EU:C:2022:749, míreanna 42 go 44.
([99]) Tagraíonn an Spáinn do bhreithiúnas an 25 Eanáir 2022, C-638/19 P, *European Food agus Eile v An Coimisiún,* EU:C:2022:50.

(175) Mar fhreagra ar na hargóintí tríú páirtí maidir le cabhair a dheonú leis an Dámhachtain, déanann údaráis na Spáinne tagairt do chásdlí ([100]) lena ndeimhnítear gurb é fáil an ceart chun an cabhair a fháil ag na faighteoirí an toisc chinntitheach chun an dáta ar deonaíodh an chabhair a chinneadh, mar aon leis an ngealltanas comhfhreagrach ón Stát an chabhair a dheonú.

(176) Mar fhreagra ar bharúlacha tríú páirtithe maidir le hábharthacht rialú *Dobeles Hes* ([101]), áitíonn údaráis na Spáinne gur cuireadh an cásdlí maidir leis an bpointe sin ar fáil i gcomhthéacs réamhrialach mar thoradh ar dhíospóid a bhaineann le státchabhair os comhair cúirteanna riaracháin náisiúnta. De réir na Spáinne, níl rialuithe den sórt sin maidir le héilimh ar chúiteamh faoi chúirteanna náisiúnta ábhartha do na himeachtaí seo agus déantar idirdhealú idir ordú chun praghas a aithnítear le riail náisiúnta a íoc agus dámhachtain eadrána infheistíochta lena n-aithnítear suimeanna mar gheall ar chur i bhfeidhm rialach náisiúnta arna leasú nó arna haisghairm. Dá bhrí sin, dar le húdaráis na Spáinne, níl na maímh tríú páirtí a bhaineann le cúirteanna náisiúnta na mBallstát infheidhme i gcomhthéacs dámhachtainí eadrána infheistíochta.

9.4. **Barúlacha i ndáil le barúlacha maidir le comhoiriúnacht na cabhrach**

(177) Mar fhreagra ar bharúlacha ó thríú páirtithe maidir le hábharthacht bhreithiúnas *Komstroy* agus *Thuairim 1/20,* míníonn údaráis na Spáinne gur thug an cásdlí léirmhínithe údarásacha ar ECT, agus go sonrach Airteagal 26 de, lena soiléirítear nach féidir leis an sásra um réiteach díospóidí trí eadráin a bheith infheidhme maidir le díospóidí laistigh den Aontas toisc go sáródh sé Airteagail 267 agus 344 CFAE. Cuireann údaráis na Spáinne i dtábhacht gur chinn an Chúirt go bhfuil an prionsabal sin infheidhme freisin maidir le ECT.

(178) Mar fhreagairt ar mhaímh tríú páirtí go bhfuil an Dámhachtain, mar aon le Scéim 2013, ina cabhair chomhoiriúnach i gcomhréir leis na treoirlínte is infheidhme ón gCoimisiún, áitíonn údaráis na Spáinne gur léir go bhfuil dámhachtainí eadrána laistigh den Aontas bunaithe ar ECT ar neamhréir le dlí an Aontais. Thairis sin, míníonn údaráis na Spáinne, mar thoradh ([102]) ar an gcásdlí maidir le tráth deonaithe na ndámhachtainí eadrána, go bhfuil aon mhaíomh faoi chomhoiriúnacht fhéideartha na Dámhachtana le treoirlínte roimh an dáta sin (is é sin, EAG 2001 agus EAG 2008) lochtach sa chás seo.

(179) Ina theannta sin, agus iad ag freagairt do mhaímh an tríú páirtí maidir le comhréireacht na Dámhachtana le EEAG, áitíonn údaráis na Spáinne go bhfuil an anailís a cuireadh ar fáil lochtach agus nach bhfuil creidiúnacht ag baint léi. Thairis sin, áitíonn údaráis na Spáinne nach bhfuil aon éifeacht dreasachta ag an Dámhachtain, contrártha le dearcadh an tríú páirtí sin, agus nach bhfuil aon tairbhe ann d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, agus go bhféadfadh an Dámhachtain an iomaíocht sa mhargadh inmheánach a shaobhadh freisin, rud atá contrártha le EEAG.

9.5. **Barúlacha i ndáil le barúlacha tríú páirtí eile**

(180) Mar fhreagra ar bharúlacha tríú páirtí maidir lena n-ionchais dhlisteanacha, áitíonn údaráis na Spáinne nach féidir measúnú an Choimisiúin sa chás seo a athrú trí bhrath ar ionchais infheisteoirí. Ina theannta sin, áitíonn an Spáinn, de réir cásdlí, nach féidir le prionsabail bhunúsacha dhlí an Aontais, amhail deimhneacht dhlíthiúil agus ionchais dhlisteanacha, bac a chur ar na Ballstáit bearta a ghlacadh chun dreasachtaí a deonaíodh roimhe seo a laghdú nó a dhíothú ([103]).

([100]) Breithiúnas an 25 Eanáir 2022, C-638/19 P, *European Food agus Eile v An Coimisiún,* EU:C:2022:50, míreanna 123 go 125.

([101]) Breithiúnas ón gCúirt (an Mór-Dhlísheomra) an 12 Eanáir 2023, Cásanna Uamtha C-702/20 agus C-17/21, *SIA 'DOBELES HES' agus Sabiedrisko pakalpojumu regulēšanas komisija*, EU:C:2023:1.

([102]) Breithiúnas an 25 Eanáir 2022, *European Food agus Eile v An Coimisiún,* C-638/19 P, EU:C:2022:50, míreanna 118, 123 go 126 agus 152.

([103]) Breithiúnas ón gCúirt an 15 Aibreán 2021, *Federazione nazionale delle imprese elettrotecniche ed elettroniche (Anie) agus Eile (C-798/18), Athesia Energy Srl agus Eile (C-799/18) v Ministero dello Sviluppo economico, Gestore dei servizi energetici (GSE) SpA*, Cásanna uamtha C-798/18 agus C-799/18EU:C:2021:280; breithiúnas ón gCúirt an 11 Iúil 2019, *Agrenergy agus Fusignano Due*, C-180/18, C-286/18 agus C-287/18, EU:C:2019:605; breithiúnas ón gCúirt an 10 Meán Fómhair 2009, *Plantanol GmbH & Co. KG v Hauptzollamt Darmstadt*, C-201/08, EU:C:2009:539.

(181) Thairis sin, mar fhreagairt ar na barúlacha a d'ardaigh tríú páirtithe maidir le mí-úsáid a bheith ann sa phróiseas fógartha, áitíonn údaráis na Spáinne gur chomhlíon siad a n-oibleagáid maidir le fógra a thabhairt faoi Airteagal 108(3) CFAE chun a áirithiú go bhfuil inniúlacht eisiach ag an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar státchabhair agus ar threoraíocht an Choimisiúin chun íoc dámhachtainí eadrána a chur ar fionraí in éagmais údarú státchabhrach a leagtar amach i gCinneadh 2017 ón gCoimisiún.

(182) Mar fhreagra ar na maímh a d'ardaigh tríú páirtí agus iad ag áitiú gur chabhair chomhoiriúnach a bhí i Scéim 2007 i gcomhréir leis na treoirlínte is infheidhme ón gCoimisiún, áitíonn údaráis na Spáinne nach mbaineann measúnú den sórt sin le hábhar chun críocha na n-imeachtaí seo ina ndéantar measúnú ar chomhoiriúnacht na Dámhachtana.

10. MEASÚNÚ AR AN mBEART

10.1. Cabhair a bheith ann

(183) Foráiltear le hAirteagal 107(1) CFAE 'aon chabhair a thabharfaidh Ballstát nó a thabharfar trí bhíthin acmhainní Stáit i bhfoirm ar bith, agus a bhéarfaidh nó is baolach a bhéarfadh saobhadh ar iomaíocht trí thaobhú le gnóthais áirithe nó le táirgeadh earraí áirithe, ní luífidh sí leis an margadh inmheánach sa mhéid go dtéann sí i gcion ar an trádáil idir Ballstáit'.

(184) Is státchabhair é beart de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, má chomhlíonann sé ceithre choinníoll charnacha. Ar an gcéad dul síos, ní mór an beart a bheith inleagtha i leith an Stáit agus a bheith maoinithe trí acmhainní Stáit. Ar an dara dul síos, ní mór an beart a bheith buntáisteach do thairbhí. Ar an tríú dul síos, ní mór an bheart a bheith i bhfabhar gnóthais nó gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe (is é sin nach mór an buntáiste a bheith roghnaitheach). Ar an gceathrú dul síos, ní mór é a bheith d'acmhainn ag an mbeart difear a dhéanamh don trádáil idir na Ballstáit agus an iomaíocht sa mhargadh inmheánach a shaobhadh, nó go bhfuil an baol ann go ndéanfadh sé sin.

(185) Sa Chinneadh Tosaigh (aithrisí (71) go (88)), tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, ar bhonn tosaigh, gurb ionann an Dámhachtain agus státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE. Ar na cúiseanna a mhínítear thíos sa chuid eile de Roinn 10.1, is é conclúid an Choimisiúin gurb ionann an Dámhachtain, agus in aon chás cur chun feidhme, íocaíocht nó forghníomhú na Dámhachtana (an 'Cur Chun Feidhme'), agus státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

10.1.1. *Inleagthacht agus acmhainní Stáit*

Inleagthacht

(186) De réir chásdlí Chúirteanna an Aontais, ionas go mbeadh buntáiste roghnaitheach ina chabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, ní mór é a bheith, *inter alia,* inleagtha ar an Stát ([104]). Ní mór a thabhairt faoi deara freisin, i gcás ina ndeonaíonn údarás poiblí buntáiste, go bhfuil an buntáiste sin, de réir a shainmhínithe, inchurtha i leith an Stáit ([105]).

(187) Mar a mhínítear in aithris (65), shínigh an Spáinn ECT an 17 Nollaig 1994, dhaingnigh sí é an 11 Nollaig 1997, agus tháinig ECT i bhfeidhm maidir leis an Spáinn an 16 Aibreán 1998. Mar a mhínigh an Spáinn freisin, i gcomhréir le hAirteagal 96(1) de Bhunreacht na Spáinne, cuirtear conarthaí idirnáisiúnta a thugtar i gcrích go bailí isteach sa dlíchóras inmheánach a luaithe a fhoilsítear go hoifigiúil iad sa Spáinn. Foilsíodh daingniú ECT ag an Spáinn in Iris

([104]) Breithiúnas an 5 Aibreán 2006, *Deutsche Bahn AG v An Coimisiún,* T-351/02, EU:T:2006:104, mír 101.

([105]) Breithiúnas an 15 Nollaig 2021, *Oltchim* v An *Coimisiún,* T-565/19, EU:T:2021:904, mír 160. Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 2 Deireadh Fómhair 2024, Cásanna T-624/15 RENV agus T-694/15 RENV, *European Food SA agus Eile v An Coimisiún Eorpach,* EU:T:2024:659, mír 206.

Oifigiúil Stáit na Spáinne an 17 Márta 1998 (*'Ionstraim dhaingniúcháin an Chonartha um Chairt Fuinnimh agus an Phrótacail um Chairt Fuinnimh maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus Gnéithe Gaolmhara Comhshaoil, arna déanamh i Liospóin an 17 Nollaig 1994'*, féach freisin aithris (65)). Shínigh an Spáinn Coinbhinsiún ICSID an 21 Márta 1994 agus dhaingnigh sí é an 17 Meán Fómhair 1994. Foilsíodh daingniú Choinbhinsiún ICSID ag an Spáinn in Iris Oifigiúil Stáit na Spáinne an 13 Meán Fómhair 1994 (*'Ionstraim Dhaingniúcháin an Choinbhinsiúin maidir le réiteach díospóidí infheistíochta idir Stáit agus Náisiúnaigh Stát eile, a glacadh in Washington an 18 Márta 1965'*).

(188) D'eisigh an Binse an Dámhachtain ar bhonn a léirmhínithe ar na conarthaí sin, a shínigh agus a dhaingnigh an Spáinn, agus dá bhrí sin a tháinig chun bheith ina chuid de dhlíchóras na Spáinne ó dháta a bhfoilsithe in Iris Stáit Oifigiúil na Spáinne. Chinn an Spáinn go deonach ECT agus Coinbhinsiún ICSID a shíniú agus a dhaingniú, agus iad a ionchorprú i ndlí náisiúnta na Spáinne (féach aithris (187) agus roinn 5.4). Dá bhrí sin, bhíothas in ann an Dámhachtain a eisiúint mar gheall ar chinneadh na Spáinne ECT agus Coinbhinsiún ICSID a shíniú agus a dhaingniú: ní athraítear an fíoras sin toisc gur cheart don Bhinse dlínse a dhiúltú – toisc, de réir chásdlí na Cúirte Breithiúnais, nach bhfuil feidhm ag Airteagal 26 ECT laistigh den Aontas. Tá an Dámhachtain inleagtha ar an Spáinn.

(189) In aon chás, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil Cur Chun Feidhme na Dámhachtana inleagtha ar an Spáinn freisin ar na cúiseanna thíos (féach aithrisí (190)-(191)).

(190) Toisc go sáraíonn an Dámhachtain Airteagail 267 agus 344 CFAE, 19 CAE agus prionsabail ghinearálta an neamhspleáchais agus na muiníne frithpháirtí, ní féidir leis an Dámhachtain aon éifeacht a bheith aige i ndlíchóras an Aontais, agus ní fhéadfaidh an Spáinn é a chur chun feidhme.Bheadh cinneadh uathrialach ó údaráis na Spáinne i gceist go díreach le haon Chur Chun Feidhme in ainneoin an toirmisc sin.Is fíor sin má íocann an Spáinn as an Dámhachtain go deonach, agus dá ndéanfadh an Spáinn iarracht ar dtús cur i gcoinne aithint agus fhorghníomhú na Dámhachtana os comhair cúirte de chuid Ballstáit nó tríú tír, agus má mhainníonn sí cosc a chur ar urghabháil sócmhainní nó má dhéanann sí an cinneadh an Dámhachtain a íoc chun bearta fionnachtana sócmhainní a chosc agus, ar deireadh, chun sócmhainní nach bhfuil faoi chosaint díolúine ceannasaí a urghabháil ([106]). Tugann an Coimisiún dá aire freisin, ar mhaithe le hiomláine, go mbeadh aithint nó forghníomhú na Dámhachtana ag Cúirt de chuid na Spáinne inleagtha ar an Spáinn freisin toisc go bhfuil gníomhartha orgáin uile an Stáit, lena n-áirítear na cúirteanna náisiúnta, inleagtha ar an Stát.

(191) Ar na cúiseanna céanna sin, chinn an Chúirt Ghinearálta in *Micula* gur gá don Stát a bheith 'rannpháirteach' má íocann sé an cúiteamh dá bhforáiltear i ndámhachtain eadrána ([107]). Tugann an Coimisiún dá aire freisin, ar mhaithe le hiomláine, go mbeadh aithint nó forghníomhú na Dámhachtana ag cúirt de chuid na Spáinne inleagtha ar an Spáinn freisin toisc go bhfuil gníomhartha orgáin uile an Stáit, lena n-áirítear na cúirteanna náisiúnta, inleagtha ar an Stát.

(192) Ní chaitheann aon cheann de na hargóintí a d'ardaigh na tríú páirtithe leasmhara amhras ar an gconclúid sin go bhfuil an Dámhachtain, agus in aon chás a Cur Chun Feidhme, inleagtha ar an Spáinn.

(193) Ar an gcéad dul síos, contrártha leis an argóint a d'ardaigh roinnt tríú páirtithe, ós rud é gur binse eadrána idir infheisteoir agus Stát a thug an Dámhachtain agus nach cúirt intíre í, ní athraítear cinneadh an Choimisiúin maidir le hinleagthacht na cabhrach agus ní chuirtear cosc leis ar an Dámhachtain, agus in aon chás ar a Cur Chun Feidhme, inleagtha ar an Spáinn. Go deimhin, dhearbhaigh an Binse a dhlínse an Dámhachtain a thabhairt ar bhonn a léirmhíniú ar Airteagal 26 ECT agus ar Choinbhinsiún ICSID, nach féidir leis an mBinse tagairt a dhéanamh dó ach amháin toisc gur chinn an Spáinn na gníomhartha dlí idirnáisiúnta sin a shíniú agus a dhaingniú. Thairis sin, dá nglacfaí le réasúnaíocht a mbeadh easpa inleagthachta mar thoradh uirthi sa chomhthéacs sin, cheadófaí go héifeachtach do na Ballstáit éalú ó ghrinnscrúdú státchabhrach fad a bhraitheann siad ar eadráin idir infheisteoir agus Stát nó a théann siad faoi oibleagáid idirnáisiúnta beart áirithe státchabhrach a dheonú ([108]). Déanann réasúnaíocht den sórt sin dochar d'éifeachtacht dhlí an Aontais, agus go háirithe Airteagal 107 CFAE, agus dá bhrí sin ní mór í a dhiúltú.

([106]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 2 Deireadh Fómhair 2024, Cásanna T-624/15 RENV agus T-694/15 RENV, *European Food SA agus Eile v An Coimisiún Eorpach,* EU:T:2024:659, míreanna 201 go 221.

([107]) *Ibidem*.

([108]) Féach, i ndáil leis sin, breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 2 Deireadh Fómhair 2024, Cásanna T-624/15 RENV agus T-694/15 RENV, *European Food SA agus Eile v An Coimisiún Eorpach,* EU:T:2024:659, mír 217.

(194) Ar an dara dul síos, maidir le hargóintí tríú páirtithe a leagtar amach in aithrisí (99) agus (138), nach féidir inleagthacht na Dámhachtana a bhunú ar aontachas na Spáinne le Coinbhinsiún ICSID nó le ECT toisc nach dtugtar le fios sa Chinneadh Tosaigh gurb é Coinbhinsiún ICSID nó ECT an bhunscéim, measann an Coimisiún nach mbaineann an argóint sin leis an gceist an bhfuil an Dámhachtain, agus in aon chás a Cur Chun Feidhme, inleagtha ar an Spáinn. Ní chuireann cineál aonair an bhirt cosc air teacht as comhaontuithe idirnáisiúnta arna ndéanamh go deonach ag an Spáinn a bheith á gcur i bhfeidhm (cé go bhfuil sé míchuí) ag binse eadrána idir infheisteoir agus Stát. Rinneadh tagairt shoiléir sa Chinneadh Tosaigh (in aithris 82) do chomhaontú deonach na Spáinne Coinbhinsiún ICSID agus ECT a dhéanamh ina réamh-mheasúnú ar inleagthacht an bhirt cabhrach.

(195) Ar an tríú dul síos, tugann an Coimisiún dá aire nach bhfuil bunús maith le maíomh na dtríú páirtithe (féach aithrisí (100) agus (139)) ar dá réir nach bhfuil an Dámhachtain inleagtha ar an Spáinn toisc, mar gheall ar a hoibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta, nach mbeadh lánrogha ag an Spáinn maidir le híoc na Dámhachtana, ar na cúiseanna a leagtar amach in aithris (193). Ar an gcéad dul síos, ní féidir glacadh leis an réasúnaíocht sin toisc go ligfeadh sé sin go héifeachtach do na Ballstáit uile éalú ó ghrinnscrúdú státchabhrach, fad is a théann siad faoi oibleagáid idirnáisiúnta beart áirithe státchabhrach a dheonú ([109]). Ar an dara dul síos, mar a mheabhraítear in aithris (11), meastar sa chásdlí go bhfuil dámhachtain eadrána a thugtar in imeachtaí idir Ballstát agus infheisteoir ó Bhallstát eile, amhail sa chás seo, ar neamhréir le dlí an Aontais agus, dá bhrí sin, nach féidir aon éifeacht a bheith aici agus nach féidir í a fhorghníomhú ([110]). Dá bhrí sin, ceanglaítear ar an Spáinn an Dámhachtain a chur i leataobh agus ní féidir a mheas go bhfuil sí faoi oibleagáid í a íoc, a chur chun feidhme ná a fhorghníomhú ([111]). Ar an tríú dul síos, is é an t-aon chás ina n-aithnítear sa chásdlí nach bhfuil beart arna dhéanamh ag Ballstát inleagtha ar an mBallstát an cás ina gceanglaítear le dlí an Aontais ar an mBallstát an beart a chur i bhfeidhm, gan lánrogha a thabhairt don Bhallstát.Is léir nach bhfuil sé sin fíor sa chás seo. I bhfianaise a bhfuil thuas, is é conclúid an Choimisiúin go bhfuil an Dámhachtain, agus in aon chás a Cur Chun Feidhme, inleagtha ar an Spáinn.

Acmhainní Stáit

(196) De réir cásdlí socraithe, ní fhéadfaidh ach buntáistí a dheonaítear go díreach nó go hindíreach trí acmhainní Stáit a bheith ina státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE ([112]).

(197) Sa chás sin, tá oibleagáid ar an Spáinn an méid seo a leanas a íoc mar chuid den Dámhachtain: (i) méid iomlán an chúitimh arna ríomh ag an mBinse sa Dámhachtain (i.e., EUR 101 milliún mar chúiteamh as Airteagal 10(1) CCF a shárú trí mhainneachtain caitheamh go cóir agus go cothrom le hinfheistíochtaí Antin); (ii) na húis réamhdhámhachtana; agus (iii) na húis iardhámhachtana, nach mór a athríomh ar bhonn dháta na híocaíochta iarbhír (féach Roinn 5.6).

(198) Tráth an fhógra, mheas an Spáinn gur EUR 8 686 086 a bhí san ús réamhdhámhachtana le haghaidh na tréimhse ón 20 Meitheamh 2014 go dtí an 15 Meitheamh 2018; agus gur EUR 1 810 978 a bhí san ús iardhámhachtana le haghaidh na tréimhse ón 15 Meitheamh 2018 go dtí an 31 Márta 2019.

(199) Mhínigh údaráis na Spáinne, dá n-íocfaí an Dámhachtain, go maoineofaí an íocaíocht sin ó bhuiséad ginearálta Stát na Spáinne, agus nach muirearófar an íocaíocht sin go díreach ar chostais an chórais leictreachais agus, dá bhrí sin, nach dtitfidh sí go díreach ar na tomhaltóirí deiridh leictreachais tríd an mbille leictreachais (féach Roinn 5.6).

([109]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 2 Deireadh Fómhair 2024, Cásanna T-624/15 RENV agus T-694/15 RENV, *European Food SA agus Eile v An Coimisiún Eorpach*, EU:T:2024:659, mír 217.

([110]) Ordú Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 21 Meán Fómhair 2022, *Romatsa agus Eile*, C-333/19, EU:C:2022:749, míreanna 42 go 44.

([111]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 2 Deireadh Fómhair 2024, Cásanna T-624/15 RENV agus T-694/15 RENV, *European Food SA agus Eile v An Coimisiún Eorpach*, EU:T:2024:659, mír 214.

([112]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 24 Eanáir 1978, *Van Tiggele*, 82/77, ECLI:EU:C:1978:10, míreanna 25 agus 26; Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 12 Nollaig 1996, Air France v An Coimisiún, T-358/94, ECLI:EU:T:1996:194, mír 63.

(200) Níl aon íocaíocht déanta ag an Spáinn tráth an Chinnidh seo, go háirithe toisc go mbeadh sé contrártha do dhlí an Aontais. Mar sin féin, mar thoradh ar iarrachtaí Antin an Dámhachtain a fhorfheidhmiú, tá baol tromchúiseach ann go mbeidh ar an Spáinn acmhainní Stáit a infheistiú in íoc na Dámhachtana. Is leor an riosca sin chun a chinneadh gur ann d'acmhainní Stáit ([113]). Sa chomhthéacs sin, chinn an Chúirt Bhreithiúnais nach bhfuil sé ábhartha agus acmhainní stáit á gcinneadh cé acu an sárófaí nó nach sárófaí dlí an Aontais nó an dlí náisiúnta trí acmhainní Stáit a úsáid ar an gcaoi sin. Is é an rud atá cinntitheach go raibh éifeachtaí ag an mbeart ([114]). Ós rud é go bhfuil baol ann go ndéanfaidh an Spáinn íocaíocht dhíreach as an gcabhair, ó bhuiséad na Spáinne, measann an Coimisiún go maoinítear an Dámhachtain, agus in aon chás a Cur Chun Feidhme, ar íocaíocht dhíreach é, le hacmhainní Stáit.

Conclúid maidir le hinleagthacht agus acmhainní Stáit

(201) Ar bhonn a bhfuil thuas, is é conclúid an Choimisiúin go bhfuil an Dámhachtain, agus in aon chás a Cur Chun Feidhme, inleagtha ar Stát na Spáinne agus go maoinítear í trí acmhainní Stáit de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

10.1.2. *Buntáiste agus roghnaíocht*

Buntáiste eacnamaíoch

(202) Is é is buntáiste ann, de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, aon tairbhe eacnamaíoch nach mbeadh faighte ag gnóthas faoi ghnáthdhálaí margaidh, is é sin in éagmais idirghabháil an Stáit ([115]). Ní bhaineann foirm bheacht an bhirt le hábhar chun a shuí cé acu a thugann nó nach dtugann sé buntáiste eacnamaíoch don ghnóthas ([116]).

(203) I ndáil leis sin, chun a mheas ar thug Ballstát buntáiste do ghnóthas ar leith, ba cheart staid airgeadais an ghnóthais tar éis an bhirt a chur i gcomparáid lena staid airgeadais mura ndearnadh an beart ([117]).

(204) Thairis sin, is coincheap oibiachtúil é coincheap an 'bhuntáiste', atá ina dhlúthchuid de bheart a aicmiú mar státchabhair, gan beann ar chúiseanna na ndaoine atá freagrach as an mbeart atá i gceist. Dá réir sin, níl aon tionchar ag cineál na gcuspóirí a shaothraítear le bearta Stáit ná ag na forais atá leo ar cé acu atá nó nach bhfuil bearta den sórt sin le haicmiú mar státchabhair. Ní dhéantar idirdhealú in Airteagal 107(1) CFAE idir cúiseanna ná cuspóirí na státchabhrach, ach sainmhínítear iad i ndáil lena n-éifeachtaí ([118]).

([113]) Féach chuige sin breithiúnas na Cúirte an 19 Nollaig 2019 i gCás C-385/18, *Arriva Italia Srl, Ferrotramviaria SpA, Consorzio Trasporti Aziende Pugliesi (CO.TRA.P) v Ministero delle Infrastrutture e dei Trasporti*, EU:C:2019:1121, go háirithe míreanna 35-36, inar mhínigh an Chúirt an méid seo a leanas: '*(35) Ar an dara dul síos, maidir leis an gceanglas go ndeonaítear an buntáiste go díreach nó go hindíreach trí acmhainní an Stáit, ní mór a thabhairt faoi deara nach gciallaíonn an imthoisc, de réir na cúirte a rinne an tarchur, nár íocadh an tsuim EUR 70 milliún as buiséad Stát na hIodáile agus, dá bhrí sin, nach mír chaiteachais í do bhuiséad an Bhallstáit sin ann féin nach féidir suim den sórt sin a aicmiú mar 'acmhainní Stáit', go háirithe i gcás inar cruthaíodh le hAirteagal 1(867) den Dlí Cobhsaíochta do 2016 ualach féideartha ar bhuiséad Stát na hIodáile. (36) I ndáil leis sin, is léir ó chásdlí na Cúirte Breithiúnais, ón uair a thugtar an ceart chun tacaíocht a fháil, a sholáthraítear le hacmhainní Stáit, don tairbhí faoin reachtaíocht náisiúnta is infheidhme, nach mór a mheas gur deonaíodh an chabhair, ionas nach mbeidh aistriú iarbhír na n-acmhainní atá i gceist cinntitheach (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Márta 2013, Magdeburger Mühlenwerke, C-129/12, EU:C:2013:200, mír 40).*'.

([114]) Breithiúnas ón gCúirt an 26 Meán Fómhair 2024, C-790/21 P agus C-791/21 P, *Covestro agus Eile* v an *Coimisiún*, mír 172, ECLI:EU:C:2024:792, le tuilleadh tagairtí.

([115]) Breithiúnas ón gCúirt an 11 Iúil 1996, Cás C-39/94, *SFEI agus Eile*, EU:C:1996:285, mír 60; Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 29 Aibreán 1999, Cás C-342/96, *An Spáinn v An Coimisiún*, EU:C:1999:210, mír 41.

([116]) Breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 24 Iúil 2003, *Altmark Trans*, C-280/00, EU:C:2003:415, mír 84.

([117]) Féach, chuige sin, breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 2 Iúil 1974, *an Iodáil* v *An Coimisiún*, 173/73, EU:C:1974:71, mír 13.

([118]) Féach, chuige sin, breithiúnas ón gCúirt (an Mór-Dhlísheomra) an 25 Eanáir 2022, Cás C-638/19 P, *an Coimisiún Eorpach v European Food SA agus Eile*, EU:C:2022:50, mír 122 agus an cásdlí a luaitear.

(205) Sa chás atá idir lámha, is léir, leis an Dámhachtain, nó in aon chás a Cur Chun Feidhme, go bhfeabhsaítear staid airgeadais Antin i gcomparáid lena staid airgeadais gan é. Go sonrach, dhámh an Binse EUR 101 milliún móide ús ar Antin (a mheas an Spáinn a bheith EUR 8 686 086 le haghaidh ús réamhdhámhachtana i gcomhair na tréimhse ón 20 Meitheamh 2014 go dtí an 15 Meitheamh 2018, móide EUR 1 810 978 le haghaidh ús iardhámhachtana i gcomhair na tréimhse ón 15 Meitheamh 2018 go dtí an 31 Márta 2019 – féach Roinn 5.6).

(206) Thairis sin, bronnadh ceart ar Antin leis an Dámhachtain nach bhfaigheadh Antin faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh amháin, ach a bhfuil luach airgeadais aige. D'fhéadfaí an luach airgeadais sin a aistriú chuig tairbhithe eile freisin, ar íocaíocht oiriúnach ([119]).

(207) Faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh, i.e. gan Dámhachtain arna tabhairt ag binse eadrána ar bhonn shíniú agus dhaingniú ECT na Spáinne (agus Choinbhinsiún ICSID), ní bheadh Antin i dteideal aon chúitimh amhail an cúiteamh a fuarthas de thoradh na Dámhachtana, agus ní bheadh aon teideal ann ar ar a bhonn a n-iarrfaí Cur Chun Feidhme ([120]).

(208) Murab ionann agus an méid a áitíonn Antin, ní hionann an Dámhachtain agus cúiteamh i leith gníomhaíocht neamhdhleathach ag an Spáinn, nach mbeadh, de réir chásdlí na Cúirte, agus go háirithe bhreithiúnas *Asteris,* ina bhuntáiste eacnamaíoch. Maíonn Antin gur sárú ar Airteagal 10 ECT a bhí i gceist le modhnú agus athsholáthar Scéim 2007 le Scéim 2013. Mar sin féin, teipeann ar an argóint sin, ar dhá chúis.

(209) Ar an gcéad dul síos, mar a leagtar amach in aithrisí (157) go (166) de Chinneadh 2017 ón gCoimisiún, níor sháraigh modhnú agus ionadú Scéim 2013 ar Scéim 2007 prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais maidir le hionchais dhlisteanacha agus deimhneacht dhlíthiúil, ná Airteagal 10 CCF. Dheimhnigh an Chúirt Ghinearálta i mbreithiúnas *Aquind* an dearcadh a ghlac an Coimisiún go bhfuil an t-ábhar céanna in Airteagal 10 ECT agus atá i bprionsabail ghinearálta dhlí an Aontais maidir le hionchais dhlisteanacha agus deimhneacht dhlíthiúil, agus nach féidir brí níos leithne ná brí éagsúil a bheith leis, rud a chuirfeadh amhras ar neamhspleáchas dhlíchóras an Aontais ([121]).

(210) Ar an dara dul síos, mar a chinn an Chúirt Bhreithiúnais i mbreithiúnas *Anie,* níl feidhm ag Airteagal 10 ECT ach amháin maidir le hinfheisteoirí ó pháirtithe conarthacha 'eile', lena n-eisiatar infheisteoirí an Aontais ([122]).

(211) Dá bhrí sin, tá argóint Antin, ar dá réir is gá a shuí go bhfuil Scéim 2007 ina státchabhair neamhdhleathach chun a shuí go bhfuil an Dámhachtain ina státchabhair freisin, bunaithe ar bhonn earráideach.

(212) In aon chás, i ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, i gcomhréir le cásdlí Chúirteanna an Aontais, i gcás inar bunaíodh 'státchabhair' de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE leis an reachtaíocht náisiúnta, gurb ionann íocaíocht suime arna héileamh os comhair na gcúirteanna i gcomhréir leis an reachtaíocht sin agus cabhair den sórt sin freisin ([123]). Go deimhin, cé go meastar sa chásdlí nach mór idirdhealú a dhéanamh idir éilimh ar chúiteamh as damáiste de dheasca neamhdhleathachta agus caingean le haghaidh íoc na méideanna atá dlite faoin reachtaíocht ([124]), i gcás ina

([119]) Tugann an Coimisiún faoi deara, i gcásanna áirithe, gur aistríodh dámhachtainí eadrána a deonaíodh mar gheall ar na hathruithe rialála a rinne an Spáinn ar Scéim 2007 chuig gnóthais eile nach raibh ina bpáirtithe sna himeachtaí eadrána agus ar féidir iad a mheas mar chomharbaí i dteideal na dámhachtana, go háirithe chuig an gcuideachta Blasket Renewables, féach Cás Sibhialta Uimh. 21-3249, *Blasket Renewable Invs. v. Ríocht na Spáinne,* 665 F. Supp. 3d 1, (D.D.C. 2023).

([120]) Breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 24 Iúil 2003, *Altmark Trans*, C-280/00, EU:C:2003:415, mír 84.

([121]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 8 Feabhra 2023, *Aquind* v *An Coimisiún,* Cás T-295/20, EU:T:2023:52, míreanna 145 go 153.

([122]) Breithiúnas ón gCúirt an 15 Aibreán 2021 i gCásanna uamtha C-798/18 agus C-799/18, *Federazione nazionale delle imprese elettrotecniche ed elettroniche (Anie) agus Eile*, míreanna 67 go 71.

([123]) Féach, chuige sin, breithiúnas an 12 Eanáir 2023, *DOBELES HES,* C-702/20 agus C-17/21, EU:C:2023:1, mír 65; agus breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 2 Deireadh Fómhair 2024, cásanna T-624/15 RENV agus T-694/15 RENV, *European Food SA agus Eile v An Coimisiún Eorpach,* EU:T:2024:659, mír 174.

([124]) Féach, chuige sin, breithiúnas an 27 Meán Fómhair 1988, *Asteris agus Eile*, 106/87 go 120/87, EU:C:1988:457, míreanna 25 agus 26 agus an cásdlí a luaitear. Féach freisin Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 2 Deireadh Fómhair 2024, Cásanna T-624/15 RENV agus T-694/15 RENV, *European Food SA agus Eile v An Coimisiún Eorpach,* EU:T:2024:659, mír 172.

gcomhfhreagraíonn suimeanna a éilítear os comhair na gcúirteanna, fiú go foirmiúil mar chúiteamh, d'íoc buntáiste atá á iarraidh ag an iarratasóir de bhun reachtaíochta, ní fhéachtar leis an an gcaingean cúiteamh a fháil i leith díobhála atá ar leithligh ón díobháil arb é atá inti neamhíoc iomlán an bhuntáiste a mheas an t-iarratasóir a bheith ina theideal faoin reachtaíocht sin ([125]). Ní féidir le faighteoir na cabhrach dul timpeall ar chur i bhfeidhm éifeachtach na rialacha maidir le státchabhair trí bhreithiúnas a fháil, gan brath ar dhlí an Aontais maidir le státchabhair, lena ndeonaítear cúiteamh a mbeadh sé d'éifeacht aige, go cinntitheach, leanúint den chabhair atá i gceist a chur chun feidhme thar roinnt blianta ([126]).

(213) Sa chás sin, ar an gcéad dul síos, mar a mhínítear in aithrisí (61) go (63) den Chinneadh seo, déantar an cúiteamh a bronnadh ar Antin de bhua na Dámhachtana a ríomh mar luach láithreach na sreafaí airgid go léir a gheobhadh an t-infheisteoir le linn shaolré an ghléasra (25 bliana), mura ndéanfadh an Spáinn Scéim 2007 a chúlghairm. Dá bhrí sin, tá sé d'éifeacht ag an Dámhachtain cúiteamh a thabhairt do Antin as aisghairm Scéim 2007. Is é sin le rá, tá sé d'éifeacht ag íoc an chúitimh arna dhámhachtain ag an mBinse go n-athbhunófaí an cás ina mbeadh na héilitheoirí dá bhfanfadh Scéim 2007, ar státchabhair neamhdhleathach í, i bhfeidhm.

(214) Thairis sin, ar an dara dul síos, ar na cúiseanna a leagtar amach thíos, tá Scéim 2007 ina státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, rud atá neamhdhleathach chomh maith.

(a) Cúitítear tairbhithe Scéim 2007 ag ráta níos airde ná na torthaí a gheobhaidís de ghnáth ón margadh in éagmais Scéim 2007. Dá bhrí sin, tá buntáiste ag baint leis an scéim. Go deimhin, leagadh amach san Fhoraithne Ríoga lenar tugadh isteach scéim 2007 'Maidir le teicneolaíochtaí ar gá borradh a chur fúthu i bhfianaise a bhforbartha teoranta, amhail teicneolaíochtaí bithgháis nó grian-teirmeleictreacha, ardóidh an bhrabúsacht go 8 % i gcás saoráidí a roghnaíonn dáileoirí a sholáthar agus toradh idir 7 % agus 11 % dóibh siúd atá rannpháirteach sa mhargadh mórdhíola'. Mar sin, méadaítear brabúsacht infheistíochtaí den sórt sin os cionn thorthaí an mhargaidh le Scéim 2007, agus ar an gcaoi sin soláthraítear buntáiste. Dá bhrí sin, sholáthair Scéim 2007 buntáiste de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

(b) Ní raibh scéim 2007 i bhfabhar ach giniúint leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite, ó chomhghiniúint ardéifeachtúlachta agus ó dhramhaíl ag na tairbhithe roghnaithe. Dá bhrí sin, bhí an buntáiste a deonaíodh faoi Scéim 2007 roghnaitheach.

(c) Bhí tacaíocht faoi Scéim 2007 inleagtha ar an Stát toisc gur bunaíodh é le dlí agus le foraitheanta cur chun feidhme (féach aithris (20)).

(d) Tá acmhainní an Stáit i gceist le sásra maoinithe Scéim 2007 (féach aithrisí (20) go (28)). Mar a thug an Spáinn faoi deara, is ionann go bunúsach sásra maoinithe Scéim 2007 agus an ceann a ndearna an Chúirt Bhreithiúnais measúnú air in ordú *Elcogás,* a bhaineann le costais an chórais leictreachais sa Spáinn, agus fuarthas amach go raibh sé á mhaoiniú le hacmhainní Stáit ([127]). Dá bhrí sin, tá feidhm ag na breithnithe céanna a cuireadh chun cinn in ordú *Elcogás* maidir leis an gcás seo. Is é an Stát a ghlacann na forálacha is gá chun córas na muirear rochtana líonra a chur chun feidhme agus a shocraíonn an mhodheolaíocht chun na muirir a ríomh, ar muirir iad a íocann – mar chostais éigeantacha – gach tomhaltóir leictreachais agus gach úsáideoir líonra. Ina theannta sin, is comhlacht Stáit, rialtóir CNMC na Spáinne, a bhainistíonn an córas muirear. Sainíonn an Stát tairbhithe

([125]) Féach, chuige sin, breithiúnas an 12 Eanáir 2023, *DOBELES HES*, C-702/20 agus C-17/21, EU:C:2023:1, míreanna 61 agus 62) Féach freisin breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 2 Deireadh Fómhair 2024, cásanna T-624/15 RENV agus T-694/15 RENV, *European Food SA agus Eile v An Coimisiún Eorpach,* EU:T:2024:659, mír 173.

([126]) Féach, chuige sin agus de réir analaí, breithiúnas an 11 Samhain 2015, *Klausner Holz Niedersachsen,* C-505/14, EU:C:2015:742, míreanna 42 go 44 agus breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 2 Deireadh Fómhair 2024, cásanna T-624/15 RENV agus T-694/15 RENV, *European Food SA agus Eile v An Coimisiún Eorpach,* EU:T:2024:659, mír 175.

([127]) Ordú na Cúirte an 22 Deireadh Fómhair 2014, *Elcogás SA v Administración del Estado agus Iberdrola SA*, Cás C-275/13, EU:C:2014:2314, féach go háirithe míreanna 24-33.

na socraíochtaí freisin, chomh maith leis na foirmlí matamaiticiúla is infheidhme, agus rialaíonn sé an nós imeachta socraíochta féin, de réir paraiméadair oibiachtúla réamhchinntithe. Ina theannta sin, ó rinneadh ordú *Elcogás,* dearbhaíonn an Chúirt Bhreithiúnais gur féidir cistí arna maoiniú trí mhuirir éigeantacha arna bhforchur le reachtaíocht an Bhallstáit, arna mbainistiú agus arna gcionroinnt i gcomhréir le forálacha na reachtaíochta sin, a mheas mar acmhainní Stáit de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE fiú má bhainistíonn eintitis ar leithligh ó na húdaráis phoiblí iad ([128]). Dearbhaíonn an Chúirt gur critéar cinntitheach maidir le forlíonadh taraife a aicmiú mar thobhach arb ionann é agus acmhainní Stáit, an forlíonadh praghais sin a bheith ina mhuirear a forchuireadh go haontaobhach le dlí agus a ceanglaíodh ar na tomhaltóirí a íoc. Tá sé deimhnithe ag an Spáinn (féach aithris (25)) gur ceanglaíodh de réir dlí ar thomhaltóirí costais Scéim 2007 a mhaoiniú. Dá bhrí sin, maoiníodh Scéim 2007 le hacmhainní an Stáit.

(e) Is earnáil é an leictreachas atá oscailte don iomaíocht agus a thrádáiltear go forleathan idir na Ballstáit. Dá bhrí sin, ba dhócha go ndéanfadh Scéim 2007 saobhadh ar an iomaíocht sa mhargadh leictreachais agus go ndéanfadh sí difear don trádáil idir na Ballstáit.

(215) Ar bhonn a bhfuil thuas, ní mór a bhaint de thátal as, dá bhrí sin, gur státchabhair a bhí i Scéim 2007 de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE. Ina theannta sin, ó chuir an Spáinn Scéim 2007 chun feidhme gan fógra a bheith tugtha don Choimisiún ina leith agus gan údarú a bheith faighte ón gCoimisiún ina leith, ba chabhair neamhdhleathach í (féach aithris (18)). Tugann an Coimisiún dá aire nach bhfuil údaráis na Spáinne ag cur i gcoinne na conclúide sin (féach aithris (25)).

(216) In aon chás, is buntáiste eacnamaíoch nach bhfuil ar fáil faoi ghnáthdhálaí margaidh agus in éagmais na Dámhachtana é an cúiteamh as brabúis chaillte amháin mar a deonaíodh leis an Dámhachtain, agus in aon chás a Cur Chun Feidhme. Thairis sin, ós rud é go bhfuil an Dámhachtain contrártha do dhlí an Aontais ar na cúiseanna a mhínítear i Roinn (10.4.1), níor deonaíodh an Dámhachtain faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh. Dá bhrí sin, beag beann ar cháiliú Scéim 2007 mar státchabhair, is buntáiste é an Dámhachtain agus in aon chás a Cur Chun Feidhme ([129]).

(217) Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin gur buntáiste eacnamaíoch é an cúiteamh a dhámh an Binse i bhfabhar Antin nach bhfaigheadh Antin faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh. D'fhéadfadh Antin an ceart chun cúitimh a aistriú freisin agus dá bhrí sin an buntáiste eacnamaíoch a eascraíonn as an Dámhachtain a aistriú chuig páirtí eile. Ar an gcúis sin, measann an Coimisiún go measfar gur buntáiste eacnamaíoch do Antin é an Dámhachtain, agus in aon chás a Cur Chun Feidhme.

(218) Ar mhaithe le hiomláine, deir an Coimisiún freisin gur buntáiste do Antin é an Dámhachtain, fiú má sháraíonn an Dámhachtain mar sin dlí an Aontais agus nach féidir í a fhorghníomhú faoi dhlí an Aontais. Is iad na héifeachtaí a thagann as an mbeart an toisc chinntitheach agus cinneadh á dhéanamh an státchabhair é beart, agus go háirithe chun a fháil amach an n-eascraíonn cóir níos fabhraí as an mbeart sin do thairbhí áirithe ná do thairbhí eile ([130]). Dá réir sin, ós rud é go bhfuil beart contrártha d'fhorálacha dhlí an Aontais seachas Airteagal 107 agus Airteagal 108 CFAE, ní chiallaíonn sé sin nach féidir é a aicmiú mar státchabhair, fad a bheidh éifeachtaí aige agus nár aisghaireadh é ná nár dearbhaíodh é a bheith neamhdhleathach agus, dá bhrí sin, nach bhfuil sé infheidhme ([131]). Sa chás seo, is ann don Dámhachtain agus mar sin níor aisghaireadh riamh í. D'ainneoin go bhfuil an Dámhachtain contrártha do dhlí an Aontais (féach Roinn 10.4), d'fhéadfadh tionchar a bheith ag an Dámhachtain fós, mar a léirítear freisin sna himeachtaí leanúnacha a bhíonn ar siúl ag Antin (féach roinn 5.8).

([128]) Breithiúnas ón gCúirt an 28 Márta 2019, *Poblacht Chónaidhme na Gearmáine v an Coimisiún Eorpach,* Cás C-405/16 P. EU:C:2019:268, mír 58 le tagairtí breise.

([129]) Féach chuige sin Cásanna Uamtha T-624/15 RENV, T-694/15 RENV agus T-704/15 RENV, EU:T:2024:659, mír 166.

([130]) Féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Samhain 2011, *An Coimisiún agus an Spáinn v Rialtas Ghiobráltar agus na Ríochta Aontaithe,* C-106/09 P agus C-107/09 P, EU:C:2011:732, mír 87 agus an cásdlí dá dtagraítear).

([131]) Breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 16 Nollaig 2016, *An Coimisiún v Aerlingus agus Ryanair,* Cásanna uamtha C-164/15 P, C-165/15 P, EU:C:2016:990, míreanna 68-69.

(219) I ndáil le hargóintí ina líomhnaítear (féach aithrisí (85) go (88) agus (134) go (135)) nach féidir leis an Dámhachtain a bheith ina státchabhair ach amháin más státchabhair neamhdhleathach nó neamh-chomhoiriúnach í an bhunscéim a gcúitítear leis an Dámhachtain ina leith (agus toisc nach státchabhair a bhí i Scéim 2007, ní státchabhair atá sa Dámhachtain ach oiread), tugann an Coimisiún dá aire nach féidir leis an argóint sin seasamh ós rud é gur cuspóir oibiachtúil é coincheap an 'bhuntáiste', atá ina dhlúthchuid d'aicmiú birt mar státchabhair, gan beann ar chúiseanna na ndaoine atá freagrach as an mbeart atá i gceist, agus nach ndéantar idirdhealú in Airteagal 107(1) CFAE idir cúiseanna ná cuspóirí na státchabhrach, ach sainmhínítear iad i ndáil lena n-éifeachtaí (féach aithris (204)).

(220) Thairis sin, meabhraíonn an Coimisiún sa chás sin nach iad na Seanscéimeanna dá dtagraíonn tríú páirtithe an bhunscéim, a gcúitítear an leasú uirthi leis an Dámhachtain, lena gcuimsítear bearta éagsúla dar tús 1997, ach Scéim 2007 go sonrach. Chuir an Dámhachtain modh an DCF i bhfeidhm chun an cás faoi Scéim 2007 a chur i gcomparáid gan athruithe a dhéanamh ar an gcás lena n-áirítear na bearta atá faoi dhíospóid, is iad sin na hathruithe a tugadh isteach in 2012-13 ([132]). Dá bhrí sin, ní raibh aon tionchar ag aon bheart nó athrú a tugadh isteach roimh Scéim 2007 ar an nós imeachta Dámhachtana thar na forálacha atá i scéim 2007. Dá bhrí sin, ní raibh bearta roimh Scéim 2007 faoi réir an nós imeachta as ar eascair an Dámhachtain.

(221) Meabhraíonn an Coimisiún freisin gur státchabhair a bhí i Scéim 2007 de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE (féach aithris (214)).

(222) In aon chás, ní féidir leis na hargóintí sin amhras a chaitheamh ar an gcinneadh gur buntáiste eacnamaíoch é an Dámhachtain, mar a leagtar amach in aithris (217).

(223) Ina theannta sin, mar a rialaigh an Chúirt Ghinearálta i mbreithiúnas *Micula,* níl sé ábhartha maidir le haicmiú an chúitimh a dheonaigh an binse eadrána, cibé acu an raibh nó nach raibh an cúiteamh sin ag comhfhreagairt do chúiteamh as cabhair neamhdhleathach nó neamh-chomhoiriúnach a tharraingt siar, agus is é an t-aon cheist ábhartha ina leith sin an bhféadfadh an cúiteamh a deonaíodh a bheith ina státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE. De réir na Cúirte Ginearálta i mbreithiúnas *Micula,* ba é an buntáiste a bhí ag na hiarratasóirí sa chás sin an cúiteamh a deonaíodh de bhun na dámhachtana eadrána a íocadh ([133]). Dá bhrí sin, sa chás seo, níl na hargóintí maidir le comhoiriúnacht fhéideartha Scéim 2007, dá gcuirfí in iúl don Choimisiún é lena fhormheas, ábhartha dá bhrí sin.

Buntáiste eacnamaíoch a dheonaítear do ghnóthas

(224) Tugann an Coimisiún dá aire go dtugann an Dámhachtain, agus in aon chás a Cur Chun Feidhme, buntáiste do Antin, atá contrártha leis an méid a áitíonn Antin agus tríú páirtithe ina mbarúlacha (féach aithrisí (90) agus (137)), gnóthas a fheidhmíonn gníomhaíocht eacnamaíoch de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

(225) Tá gnóthais sainithe go comhsheasmhach ag an gCúirt Bhreithiúnais mar eintitis atá ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch, beag beann ar a stádas dlíthiúil agus ar an gcaoi a maoinítear iad ([134]). Dá bhrí sin, braitheann aicmiú eintitis ar leith mar ghnóthas go hiomlán ar chineál a ghníomhaíochtaí agus go sonrach ar cé acu atá nó nach bhfuil siad eacnamaíoch. Thairis sin, dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais go comhsheasmhach gur gníomhaíocht eacnamaíoch í aon ghníomhaíocht arb é atá inti earraí agus seirbhísí a thairiscint ar mhargadh.

(226) Sa chás sin, mar a mheabhraítear in aithris (52), is cuideachta atá bunaithe i Lucsamburg é Antin Infrastructure Services Luxembourg S.à.r.l. Is cuideachta é Antin Energia Termosolar B.V. a bunaíodh san Ísiltír agus tá sé faoi úinéireacht iomlán Antin Infrastructure Services Luxembourg S.à.r.l. Bhí an dá cheann ina bhfeithiclí de chuid Antin Infrastructure Partners, ciste caipitil fiontair príobháideach a bunaíodh sa Fhrainc, a úsáideadh le haghaidh na hinfheistíochta sa Spáinn ([135]).

([132]) Dámhachtain, mír 538.

([133]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 2 Deireadh Fómhair 2024, cásanna T-624/15 RENV agus T-694/15 RENV, *European Food SA agus Eile v an Coimisiún Eorpach,* EU:T:2024:659, míreanna 162 agus 164.

([134]) Breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 12 Meán Fómhair 2000, *Pavlov agus Eile,* Cásanna Uamtha C-180/98 go C-184/98, EU:C:2000:428, mír 74; Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 10 Eanáir 2006, *Cassa di Risparmio di Firenze SpA agus Eile,* C-222/04, EU:C:2006:8, mír 107. Féach freisin an Fógra ón gCoimisiún maidir le coincheap na státchabhrach dá dtagraítear in Airteagal 107(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, IO C 262, 19.7.2016, lch. 1.

([135]) Dámhachtain, míreanna 2 agus 249.

(227) Ós rud é gur cuideachtaí iad Antin Infrastructure Services Luxembourg S.à.r.l. agus Antin Energia Termosolar B.V a bhí gníomhach in infheistíocht a dhéanamh, go háirithe san earnáil fuinnimh sa Spáinn d'fhonn torthaí tarraingteacha riosca-choigeartaithe a ghiniúint d'infheisteoirí, ní mór a mheas go bhfuil seirbhísí á dtairiscint acu ar mhargadh agus, dá bhrí sin, go bhfuil siad ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch. Dá bhrí sin, is gnóthais iad de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

Roghnaíocht

(228) Chun bheith faoi raon feidhme Airteagal 107(1) CFAE, ní mór go mbeadh beart Stáit i bhfabhar 'gnóthais áirithe nó táirgeadh earraí áirithe'. Dá bhrí sin, ní thagann gach beart lena ndeonaítear buntáiste eacnamaíoch do ghnóthas faoi choincheap na státchabhrach, ní thagann ach na bearta sin lena dtugtar buntáiste eacnamaíoch ar bhealach roghnaitheach do ghnóthais áirithe nó do chatagóirí áirithe gnóthas nó d'earnálacha eacnamaíocha áirithe.

(229) De réir cásdlí socair, i gcás ina bhfuil cabhair aonair i gceist, is leor, i bprionsabal, an buntáiste eacnamaíoch a shainaithint chun tacú leis an toimhde go bhfuil beart roghnaitheach. Is amhlaidh atá gan beann ar cibé acu atá nó nach bhfuil oibreoirí ar na margaí ábhartha i staid inchomparáide ([136]).

(230) Sa chás sin, ní dheonaíonn an Dámhachtain, agus in aon chás a Cur Chun Feidhme, cúiteamh ach do Antin amháin (féach aithrisí (61) agus (62)). An buntáiste a dheonaítear leis an Dámhachtain, nó in aon chás a Cur Chun Feidhme, is buntáiste roghnaitheach é, ós rud é nach mbronntar é ach ar ghnóthais áirithe, go sonrach ar Antin, agus nach bhfuil gnóthais eile atá i staid dhlíthiúil agus fhíorasach inchomparáide laistigh den earnáil sin nó d'earnálacha eile incháilithe le haghaidh cabhrach agus, dá bhrí sin, nach bhfaighidh siad an buntáiste céanna.

(231) Níl sé ábhartha cé acu an bhféadfadh nó nach bhféadfadh infheisteoirí eile dámhachtainí comhchosúla a fháil, mar a d'áitigh roinnt tríú páirtithe (féach roinn 7.2.3). Ar an gcéad dul síos, is beart ar leithligh atá i ngach dámhachtain, atá bunaithe ar ghníomh dlí ar leithligh, atá bunaithe ar mheasúnú dlíthiúil ar leithligh, lena dtugtar ceart dlíthiúil ar leithligh agus neamhspleách don tairbhí. Ar an dara dul síos, ní raibh gach tairbhí de Scéim 2007 in ann dámhachtainí comhionanna nó fiú inchomparáide a fháil. Go háirithe, ní raibh infheisteoirí atá bunaithe sa Spáinn cumhdaithe ag an gcosaint a d'éiligh infheisteoirí coigríche faoi ECT, agus fiú iad siúd a fuarthas amach go raibh siad cumhdaithe faoi raon feidhme ECT, ní bhfuair siad go léir dámhachtainí comhionanna. Ar an tríú dul síos, agus in aon chás, bhí na hinfheisteoirí sin go léir gníomhach i réimse an fhuinnimh in-athnuaite, agus dá bhrí sin, bheadh an Dámhachtain roghnach i gcónaí, díreach mar a bhí Scéim 2007 agus Scéim 2013.

Conclúid maidir le buntáiste agus roghnaíocht

(232) Ar bhonn an mhéid thuas, is é conclúid an Choimisiúin go dtugann an Dámhachtain, agus in aon chás Cur Chun Feidhme na Dámhachtana, buntáiste roghnaitheach do Antin de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

10.1.3. *Saobhadh iomaíochta agus éifeacht ar thrádáil*

(233) Meastar go ndéanann beart a dheonaíonn an Stát an iomaíocht a shaobhadh nó go bhfuil an baol ann go ndéanfadh sé sin i gcás inar dócha go bhfeabhsóidh sé staid iomaíoch an fhaighteora i gcomparáid leis na gnóthais eile lena bhfuil sé in iomaíocht ([137]). Dá bhrí sin, glactar leis go bhfuil saobhadh iomaíochta ann de réir bhrí Airteagal 107 CFAE a luaithe a dheonaíonn an Stát buntáiste airgeadais do ghnóthas in earnáil léirscaoilte a bhfuil iomaíocht inti nó a bhféadfadh iomaíocht a bheith inti ([138]). De ghnáth, d'fhéadfadh buntáiste a dheonaítear do ghnóthas a shaobhann an iomaíocht difear a dhéanamh do thrádáil idir na Ballstáit freisin. Déantar difear don trádáil idir na Ballstáit i gcás ina neartaíonn beart staid iomaíoch an ghnóthais is tairbhí i gcomparáid le gnóthais eile atá in iomaíocht le trádáil laistigh den Aontas ([139]).

([136]) Breithiúnas an 4 Meitheamh 2015, *An Coimisiún v MOL*, C-15/14 P, EU:C:2015:362, mír 60.

([137]) Breithiúnas an 17 Meán Fómhair 1980, *Philip Morris*, 730/79, EU:C:1980:209, mír 11; breithiúnas an 15 Meitheamh 2000, *Alzetta*, Cásanna Uamtha T-298/97, T-312/97 etc., EU:T:2000:151, mír 80.

([138]) Breithiúnas an 15 Meitheamh 2000, *Alzetta*, Cásanna Uamtha T-298/97, T-312/97 etc., EU:T:2000:151, míreanna 141 go 147; breithiúnas an 24 Iúil 2003, *Altmark Trans*, C-280/00, EU:C:2003:415.

([139]) Breithiúnas an 15 Bealtaine 2019, *Achema AB agus Eile v Valstybinė kainų ir energetikos kontrolės komisija (VKEKK)*, C-706/17, EU:C:2019:407, mír 92 agus an cásdlí a luaitear.

(234) Sa chás sin, is gnóthais iad tairbhithe na Dámhachtana, agus in aon chás a Cur Chun Feidhme, Antin Infrastructure Services Luxembourg S.à.r.l. agus Antin Energia Termosolar B.V, (féach aithris ((227)), a fheidhmíonn gníomhaíocht eacnamaíoch arb é atá inti infheistíocht a dhéanamh, go háirithe i mbonneagar agus i bhfuinneamh san Aontas (féach aithris (51)). Is earnálacha léirscaoilte iad na hearnálacha fuinnimh agus infheistíochta ina bhfuil iomaíocht laistigh den Aontas. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh aon bhuntáiste a dheonaítear d'Antin an iomaíocht a shaobhadh agus staid iomaíochta Antin a neartú i gcomparáid le gnóthais eile atá in iomaíocht le trádáil laistigh den Aontas.

(235) Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin gur dócha go ndéanfaidh an Dámhachtain, agus in aon chás Cur Chun Feidhme na Dámhachtana, difear do thrádáil idir na Ballstáit agus go ndéanfaidh sí an iomaíocht sa mhargadh inmheánach a shaobhadh, nó go go bhfuil an baol ann go ndéanfadh sí sin.

10.1.4. *An chonclúid maidir le cabhair a bheith ann*

(236) I bhfianaise a bhfuil thuas, is é conclúid an Choimisiúin gurb ionann an Dámhachtain, agus in aon chás Cur Chun Feidhme na Dámhachtana, agus státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

10.2. **Cabhair nua**

(237) Maíonn roinnt tríú páirtithe ina mbarúlacha, má tá an Dámhachtain le meas mar chabhair, nach 'cabhair nua' a bheadh inti de réir bhrí Airteagal 1(c) de Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle. Dar leosan, ba cheart an Dámhachtain a mheas mar chabhair atá ann cheana de réir bhrí Airteagal 1(b)(iv) de Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle, toisc nach féidir a mheas go bhfuil cabhair á deonú ag an Dámhachtain ar leithligh ó Scéim 2007 agus, ós rud é gurb ionann an chabhair do Antin faoi Scéim 2007 agus cabhair atá ann cheana, ba cheart an Dámhachtain a mheas freisin mar chabhair atá ann cheana (féach roinn 7.1.3).

(238) Mar sin féin, míníonn an argóint seo raon feidhme an imscrúdaithe fhoirmiúil, a bhaineann leis an gcúiteamh a fuair Antin faoin Dámhachtain. Aon bhreithniú maidir le cé acu atá nó nach bhfuil scéim 2007 ina cabhair atá ann cheana, níl siad cinntitheach chun cabhair atá ann cheana a aimsiú sa Dámhachtain, ar ina leith a thosaigh an tréimhse theorann, de réir Airteagal 17(2) de Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle, ón tráth a glacadh an Dámhachtain (is é sin an 15 Meitheamh 2018). Ní raibh aon cheart chun íocaíochta ar bith faoi Scéim 2007 do Antin sa bhreis ar na híocaíochtaí a fuarthas sular leasaíodh an scéim in 2013. Dá ndéanfaí aon íocaíocht den sórt sin, ní bheadh sí bunaithe ach ar an Dámhachtain, agus ní ar aon cheart a bhí ann cheana. Is cabhair nua í an Dámhachtain agus, in aon chás, a Cur Chun Feidhme.

(239) Meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil an cinneadh sin comhsheasmhach le cinntí na Cúirte Breithiúnais i gcás *Micula* inar chinn sé 'gur *leis an dámhachtain eadrána a d'eisigh an chúirt sin an ceart chun an chúitimh atá i gceist, agus leis sin amháin, agus, tar éis den chúirt sin seasamh leis an éileamh a rinne na hiarratasóirí eadrána, gur chinn sí ní hamháin go raibh an ceart sin ann, ach go ndearna sí méid an chirt sin a chainníochtú freisin*' ([140]). Sa chás sin, shonraigh an Chúirt, *go deimhin, 'gur deonaíodh an ceart chun cúiteamh a fháil as an gcaillteanas a líomhnaíonn na hiarratasóirí eadrána a bhain dóibh mar thoradh ar aisghairm, a líomhnaítear a bheith ina sárú ar BIT, na scéime dreasachtaí cánach atá i gceist leis an dámhachtain eadrána amháin.Ní raibh na hiarratasóirí eadrána in ann íocaíocht iarbhír an chúitimh sin a fháil ach amháin tar éis na n-imeachtaí eadrána arna dtionscnamh chun na críche sin ag na páirtithe eadrána, ar bhonn an chlásail eadrána in Airteagal 7 de BIT*' ([141]). Chinn an Chúirt mar sin 'go ndearna *an Chúirt Ghinearálta earráid dlí nuair a chinn sí [..] gur deonaíodh an státchabhair a chumhdaítear leis an gcinneadh atá faoi chonspóid ar dháta aisghairme na scéime dreasachtaí cánach atá i gceist*' ([142]). Sa chás seo, murab ionann agus líomhaintí tríú páirtithe áirithe, bheadh sé earráideach a mheas gur deonaíodh an chabhair atá i gceist trí ghlacadh Scéim 2007.

(240) Ina theannta sin, mar a léiríodh cheana i roinn 10.1 den Chinneadh seo, comhlíonann an Dámhachtain féin na coinníollacha maidir le státchabhair a bheith ann agus níl a haicmiú mar státchabhair ag brath ar aicmiú Scéim 2007.

(241) Maidir leis an argóint nach féidir a mheas go bhfuil cabhair á deonú leis an Dámhachtain ar leithligh ó Scéim 2007 (féach aithrisí (146) agus (176)), ar bhonn bhreithiúnas *Dobeles Hes* ([143]), tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil an cás sin difriúil go fíorasach ón gcás seo agus nach bhfuil sé inchomparáide dá bhrí sin. Go sonrach, rialaigh an Chúirt in *Dobeles Hes* nach féidir bunú státchabhrach ina cáil féin a bheith mar thoradh ar chinneadh breithiúnach, seachas an buntáiste taraife a bhunaítear leis an reachtaíocht náisiúnta, sa mhéid is, i gcás inarb ionann reachtaíocht náisiúnta lena mbunaítear ceart reachtúil ar íocaíocht níos airde as leictreachas arna ghiniúint ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh agus 'státchabhair', de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, nach mór imeachtaí dlí lena iarrtar teidlíocht iomlán ar an gceart sin a mheas mar iarrataí ar íocaíocht an sciar den státchabhair sin nach bhfuarthas, agus ní mar iarrataí ar dheonú státchabhrach ar leithligh ag an gcúirt a bhfuil an cás os a comhair ([144]). Sa chás sin, áfach, ní eascraíonn an cúiteamh a dhámhann an Binse as ceart a bunaíodh cheana féin i reachtaíocht na Spáinne beag beann ar an Dámhachtain. Os a choinne sin, cúitíonn an Dámhachtain Antin as scéim cabhrach neamhdhleathach a tharraingt siar agus eascraíonn an ceart chun cúitimh go díreach ón Dámhachtain. Ina theannta sin, ní cúirt náisiúnta é binse eadrána. Chomh maith leis sin ar an gcúis sin, ní féidir breithiúnas *Dobeles Hes* a chur i bhfeidhm anseo.

(242) Mar phointe deiridh, cuirtear tús leis an tréimhse theorann faoi Airteagal 17(2) de Rialachán 2015/1589, i gcás scéim cabhrach, agus ní – mar a mhaígh na páirtithe leasmhara – ó dháta chur i bhfeidhm na scéime cabhrach. Ina ionad sin, mar is léir ó fhoclaíocht na forála sin, tosaíonn sé ag rith ón lá a dheonaítear an chabhair faoin scéim cabhrach. Is é sin an lá a fhaigheann an chuideachta an ceart chun na híocaíochta aonair, i.e. an lá a bhfuil an íocaíocht sin dlite. Mar thoradh air sin, i gcás íocaíochtaí a bheadh dlite tar éis an leasaithe in 2013, d'fhéadfaí tús a chur leis an tréimhse theorann a luaithe ar an lá a bheadh na híocaíochtaí dlite ([145]).

10.3. **Neamhdhleathacht na cabhrach**

(243) Ceanglaítear le hAirteagal 108(3) CFAE nach gcuirfidh an Ballstát lena mbaineann an beart atá beartaithe i bhfeidhm go dtí go mbeidh cinneadh críochnaitheach ann mar thoradh ar nós imeachta an Choimisiúin.

([140]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais (an Mór-Dhlísheomra) an 25 Eanáir 2022, Cás C-638/19 P, *An Coimisiún Eorpach v European Food SA agus Eile*, EU:C:2022:50, mír 125.
([141]) Ibid, mír 124.
([142]) Ibid, mír 127.
([143]) Breithiúnas ón gCúirt (an Mór-Dhlísheomra) an 12 Eanáir 2023, Cásanna Uamtha C-702/20 agus C-17/21, *SIA 'DOBELES HES' agus Sabiedrisko pakalpojumu regulēšanas komisija*, EU:C:2023:1.
([144]) Féach mír 79 den bhreithiúnas.
([145]) Breithiúnas ón gCúirt an 8 Nollaig 2011, *France Télécom v An Coimisiún*, C-81/10 P, mír 82; Breithiúnas ón gCúirt (an Mór-Dhlísheomra) an 12 Eanáir 2023, Cásanna Uamtha C-702/20 agus C-17/21, *SIA 'DOBELES HES' agus Sabiedrisko pakalpojumu regulēšanas komisija*, EU:C:2023:1, míreanna 108 go 110.

(244) De réir cásdlí seanbhunaithe, is é an toisc chinntitheach chun an dáta a chinneadh ar tugadh an ceart chun státchabhair a fháil dá thairbhithe trí bhíthin beart ar leith ná ceart cinntitheach a bheith faighte ag na tairbhithe sin chun an chabhair sin a fháil agus an gealltanas comhfhreagrach, ón Stát, an chabhair sin a dheonú. Go deimhin, is ag an bpointe seo a d'fhéadfaí saobhadh a dhéanamh le beart den sórt sin ar an iomaíocht lena bhféadfaí difear a dhéanamh do thrádáil idir na Ballstáit de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE ([146]).

(245) Sa chás sin, tugadh an Dámhachtain an 15 Meitheamh 2018, agus ceartaíodh é mar gheall ar earráidí cléireachais an 29 Eanáir 2019. Ós rud é gur ordaíodh don Spáinn leis an Dámhachtain a thabhairt an 15 Meitheamh 2018 cúiteamh EUR 101 mhilliún a íoc le Antin (arna cheartú an 29 Eanáir 2019), mar aon le hús ar an tsuim sin, tugadh an ceart do Antin an cúiteamh a ordaíodh sa Dámhachtain a fháil ar an dáta sin. Ar bhonn chinneadh an Bhinse go raibh feidhm ag ECT maidir leis an díospóid atá idir lámha, ciallaíonn Airteagal 26, mír (8) ECT go bhfuil an Spáinn faoi cheangal ag toradh na n-imeachtaí eadrána agus dá bhrí sin tugadh an ceart d'Antin an chabhair a fháil faoin Dámhachtain an 15 Meitheamh 2018 agus dá bhrí sin, deonaíodh an chabhair faoin Dámhachtain ar an dáta céanna sin (is é sin le rá, an 15 Meitheamh 2018 (féach freisin Roinn 10.2)).

(246) Thug an Spáinn fógra faoin Dámhachtain an 17 Aibreán 2019 agus, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil faoi láthair, níor íoc an Spáinn é, níor chuir sí chun feidhme é ná níor fhorghníomhaigh sí é.

(247) Ós rud é gur deonaíodh an chabhair an 15 Meitheamh 2018 sular fhormheas an Coimisiún í, measann an Coimisiún dá bhrí sin go bhfuil an chabhair a eascraíonn as an Dámhachtain, agus in aon chás a Cur Chun Feidhme, neamhdhleathach.

(248) Ar mhaithe le hiomláine, tugann an Coimisiún dá aire, murab ionann agus an maíomh a d'ardaigh tríú páirtithe, nach bhfuil fógra na Spáinne 'mí-úsáideach'. Trí fhógra a thabhairt faoin gcabhair atá i gceist, ghníomhaigh an Spáinn i gcomhréir lena hoibleagáid faoi Airteagal 108(3) CFAE, nach féidir, de réir sainmhínithe, a mheas mar mhí-úsáid dlí.

(249) In aon chás, bheadh Cur Chun Feidhme na Dámhachtana tar éis ghlacadh an Chinnidh seo ina chabhair neamhdhleathach freisin.

10.4. **Comhoiriúnacht cabhrach**

(250) Ós rud é gur státchabhair atá sa Dámhachtain, agus gurb in atá i gCur Chun Feidhme na Dámhachtana in aon chás de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, beidh toirmeasc ar bheart den sórt sin mura féidir a mheas go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de bhun Airteagal 107(2) nó Airteagal 107(3) CFAE.

(251) Ar dtús, meabhraíonn an Coimisiún gurb é príomhfhreagracht an Bhallstáit é measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht birt leis an margadh inmheánach faoi Airteagail 107(2) agus 107(3) CFAE ([147]). Faoi láthair, níl aon argóint curtha i láthair ag an Spáinn a d'fhéadfadh údar cuí a thabhairt leis an mbeart faoi Airteagal 107(2) nó Airteagal 107(3) CFAE.

(252) Mar sin féin, ar mhaithe le hiomláine, sa Chinneadh Tosaigh, chomh maith lena mheabhrú gur ar an Spáinn a bhí an dualgas cruthúnais maidir le comhoiriúnacht, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí measúnú comhoiriúnachta a dhéanamh as a stuaim féin agus chuir sé a réamhamhras in iúl maidir le comhoiriúnacht an bhirt leis an margadh inmheánach i ndáil le (i) sárú féideartha ar dhlí an Aontais leis an mbeart cabhrach (aithrisí (96) go (102) den Chinneadh Tosaigh), agus (ii) neamhchomhlíonadh an bhirt cabhrach leis na critéir chomhoiriúnachta faoi na treoirlínte státchabhrach is infheidhme maidir le cabhair oibriúcháin d'fhuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite (féach aithrisí (108) go (154) den Chinneadh Tosaigh).

(253) Ar na cúiseanna a leagtar amach thíos, seasann an Coimisiún lena chonclúid nach bhfuil an Dámhachtain, agus in aon chás a Cur Chun Feidhme, comhoiriúnach leis an margadh inmheánach toisc go sáraíonn sí dlí an Aontais.

([146]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais (an Mór-Dhlísheomra) an 25 Eanáir 2022, Cás C-638/19 P, *An Coimisiún Eorpach v European Food SA agus Eile*, EU:C:2022:50, mír 123.

([147]) Breithiúnas ón gCúirt Chéadchéime an 12 Meán Fómhair 2007, Cás T-68/03, *Olympiaki Aeroporia Ypiresies v an Coimisiún*, EU:T:2007:253, mír 34.

10.4.1. *Sárú ar dhlí an Aontais*

(254) De réir chásdlí socair na Cúirte Breithiúnais, 'státchabhair a sháraíonn forálacha nó prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais ina cáil féin nó mar gheall ar mhódúlachtaí áirithe díobh, ní féidir a dhearbhú go bhfuil sí comhoiriúnach leis an margadh inmheánach […]. Go deimhin, i gcás ina bhfuil nasc chomh doscaoilte sin idir módúlachtaí birt cabhrach agus cuspóir na cabhrach nach féidir meastóireacht a dhéanamh orthu ar leithligh, ní mór, dá bhrí sin, a n-éifeacht ar chomhoiriúnacht nó ar neamh-chomhoiriúnacht na cabhrach a mbreathnaítear uirthi ina hiomláine a chinneadh i bhfianaise an nós imeachta a fhorordaítear in Airteagal 108 CFAE' ([148]).

(255) Ar dtús, meabhraíonn an Coimisiún go measann cúirteanna an Aontais nach féidir le comhaontú idirnáisiúnta difear a dhéanamh do leithdháileadh na gcumhachtaí a shocraítear leis na Conarthaí nó, dá bhrí sin, do neamhspleáchas chóras dlí an Aontais, a n-áirithíonn an Chúirt go gcomhlíontar é ([149]). Cumhdaítear an prionsabal sin go háirithe in Airteagal 344 CFAE, ar dá bhua a gheallann na Ballstáit nach gcuirfidh siad díospóid maidir le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm na gConarthaí faoi aon mhodh eile chun díospóidí a réiteach seachas na modhanna dá bhforáiltear sna Conarthaí ([150]).

(256) Chun a áirithiú go gcaomhnófar saintréithe sonracha agus uathriail dhlíchóras an Aontais, tá córas breithiúnach bunaithe ag na Conarthaí chun comhsheasmhacht agus aonfhoirmeacht a áirithiú maidir le léirmhíniú dhlí an Aontais ([151]). Sa chomhthéacs sin, i gcomhréir le hAirteagal 19(1) CAE, is faoi na cúirteanna agus na binsí náisiúnta agus faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé a áirithiú go gcuirtear dlí an Aontais i bhfeidhm go hiomlán i ngach Ballstát agus cosaint bhreithiúnach ar chearta daoine aonair faoin dlí sin a áirithiú ([152]). Is é an nós imeachta um réamhrialú dá bhforáiltear in Airteagal 267 CFAE bunchloch an chórais bhreithiúnaigh mar a ceapadh é, a bhfuil sé d'aidhm aige, idirphlé a chur ar bun idir cúirt amháin agus cúirt eile, agus go sonrach idir an Chúirt Bhreithiúnais agus cúirteanna agus binsí na mBallstát, léirmhíniú aonfhoirmeach ar dhlí an Aontais a áirithiú, agus ar an gcaoi sin a chomhsheasmhacht, a lánéifeacht agus a neamhspleáchas a áirithiú chomh maith le, ar deireadh, cineál ar leith an dlí a bhunaítear leis na Conarthaí ([153]).

(257) Mar a mhínítear in aithrisí (9) go (11), de réir chásdlí na Cúirte Breithiúnais, cuirtear cosc le hAirteagal 19 CAE agus Airteagail 267 agus 344 CFAE, chomh maith le prionsabal ginearálta neamhspleáchas dhlíchóras an Aontais, ar fhoráil atá i gcomhaontú idirnáisiúnta faoina bhféadfaidh infheisteoir de chuid Ballstáit amháin atá ina pháirtí sa chomhaontú sin, i gcás díospóid a bhaineann le hinfheistíochtaí i mBallstát eile atá ina pháirtí sa chomhaontú sin, imeachtaí a thionscnamh in aghaidh an Bhallstáit sin os comhair binse eadrána, ar gheall an Ballstát sin glacadh lena dhlínse ([154]).

(258) Go deimhin, trí chomhaontú den sórt sin a thabhairt i gcrích, toilíonn na Ballstáit ar páirtithe iad ann deireadh a chur le dlínse a gcúirteanna féin agus, dá bhrí sin, leis an gcóras leigheasanna breithiúnacha a cheanglaítear orthu leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE a bhunú sna réimsí a chumhdaítear le díospóidí faoi dhlí an Aontais a d'fhéadfadh baint a bheith acu le cur i bhfeidhm nó léirmhíniú dhlí an Aontais. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh comhaontú den sórt sin a bheith ina chúis le cás nach réiteofaí na díospóidí sin ar bhealach lena ráthaítear éifeachtacht iomlán dhlí an Aontais ([155]).

(259) Sa chás sin, baineann an Dámhachtain le díospóid idir Ballstát agus beirt infheisteoirí ó dhá Bhallstát eile agus glacadh í i gcomhthéacs imeachtaí a tionscnaíodh ar bhonn an tsásra eadrána idir infheisteoir agus Stát a leagtar síos in Airteagal 26 de CCF.

([148]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 31 Eanáir 2023, Cás C-284/21 P, *An Coimisiún v Anthony Braesch agus eile*, EU:C:2023:58, míreanna 96 agus 97 (féach freisin an cásdlí dá dtagraítear).

([149]) Féach breithiúnas *Achmea*, mír 32 agus an cásdlí a luaitear. Féach freisin breithiúnas *Komstroy*, mír 42.

([150]) Féach breithiúnas *Achmea*, mír 32. Féach freisin mír 42 de bhreithiúnas *Komstroy*.

([151]) Féach breithiúnas *Achmea*, mír 35. Féach freisin breithiúnas *Komstroy*, mír 45.

([152]) Féach breithiúnas *Achmea*, mír 36. Féach freisin breithiúnas *Komstroy*, mír 45.

([153]) Féach breithiúnas *Achmea*, mír 37. Féach freisin breithiúnas *Komstroy*, mír 46.

([154]) Féach breithiúnas *Achmea* agus breithiúnas *Komstroy*; Ordú na Cúirte an 21 Meán Fómhair 2022, *Romatsa agus Eile*, C-333/19, EU:C:2022:749.

([155]) Ordú na Cúirte an 21 Meán Fómhair 2022, *Romatsa agus Eile*, C-333/19, EU:C:2022:749, mír 34 agus an cásdlí a luaitear.

(260) Mar a mhínítear in aithris (10) den Chinneadh Tosaigh agus mar a chinn an Chúirt Bhreithiúnais i mbreithiúnas *Komstroy,* is cuid de dhlíchóras an Aontais é ECT, de bhua an ghnímh lena bhformheastar a thabhairt i gcrích ag an Aontas agus i gcomhréir le hAirteagal 216 CFAE, ionas gur gníomh de dhlí an Aontais é ECT féin. ([156]) Dá bhrí sin, cheanglófaí ar aon bhinse arna chomhdhéanamh faoi ECT dlí an Aontais a léirmhíniú, agus fiú a chur i bhfeidhm ([157]).

(261) Thairis sin, mar a luaigh an Chúirt i mbreithiúnas *Komstroy,* ní cuid de chóras breithiúnach Ballstáit é binse *ad hoc,* amhail an Binse a ghlac an Dámhachtain. Dá bhrí sin, ciallaíonn sé nach féidir é a aicmiú mar chúirt ná mar bhinse de chuid Ballstáit de réir bhrí Airteagal 267 CFAE agus, dá bhrí sin, níl sé i dteideal tarchur a dhéanamh chuig an gCúirt Bhreithiúnais chun réamhrialú a iarraidh maidir le léirmhíniú dhlí an Aontais ([158]). Mar thoradh ar an neamhréireacht le dlí an Aontais a d'eascródh dá mbeadh infheisteoir ó Bhallstát amháin in ann an sásra eadrána sin a ghníomhachtú i ndíospóid a bhaineann le hinfheistíocht a rinne sé i mBallstát eile, chinn an Chúirt Bhreithiúnais nach mór Airteagal 26 ECT a léirmhíniú sa chaoi nach bhfuil feidhm aige maidir le cás den sórt sin, i.e. díospóid laistigh den Aontas.

(262) Ar bhonn an mhéid thuas, agus contrártha leis an argóint a d'ardaigh roinnt tríú páirtithe leasmhara ina n-aighneachtaí i scríbhinn, ní mór a mheas nach raibh bunús dlí leis na himeachtaí as ar eascair bronnadh na Dámhachtana. Níl feidhm ag Airteagal 26 ECT maidir le díospóid amhail an díospóid atá idir Ballstát agus infheisteoirí Ballstát eile maidir le hinfheistíocht a rinne an Ballstát sin sa chéad Bhallstát. Ní dhearna an Spáinn aon tairiscint riamh chun díospóidí den sórt sin a eadráin. Dá bhrí sin, níl aon chomhaontú ann chun eadráin a dhéanamh agus níl binse arna bhunú ar bhonn forála nach bhfuil feidhm aici bunaithe go cuí. Mar sin féin, tá an Binse a bunaíodh sa chás seo thíos leis na lochtanna a d'aithin an Chúirt in *Komstroy*. Bunaíodh é faoi Airteagal 37(2)(b) de Choinbhinsiún ICSID a rinne Coinbhinsiún ICSID infheidhme maidir le hathbhreithniú breithiúnach ar a chinntí, lena n-áirítear an Dámhachtain. Ní dhéantar foráil le hAirteagail 52, 53 agus 54 de Choinbhinsiún ICSID ach maidir le hathbhreithniú teoranta ar na cinntí a bhaineann, go háirithe, le dlínse an Bhinse. Sa chomhthéacs sin, ní mór a mheas nach bhfuil an Dámhachtain arna tabhairt ag an mBinse faoi réir athbhreithniú ag cúirt Ballstáit atá in ann comhlíonadh iomlán dhlí an Aontais a áirithiú.

(263) Dá bhrí sin, fiú má chuirtear ar leataobh go bhfuil sé ar neamhní toisc nach bhfuil bunús dlí leis, ní mór a mheas go bhfuil an Dámhachtain ar neamhréir le dlí an Aontais. Ní féidir aon éifeacht a bheith aici agus ní féidir í a fhorfheidhmiú chun íocaíocht an chúitimh a dhámhtar a fháil ([159]).

(264) I bhfianaise an mhéid thuas, is é conclúid an Choimisiúin go sáraíonn an Dámhachtain, agus in aon chás a Cur Chun Feidhme, dlí an Aontais, agus go háirithe Airteagal 19(1) CAE, agus Airteagail 267 agus 344 CFAE, chomh maith le prionsabal ginearálta uathriail dhlíchóras an Aontais.

10.4.2. *Gan Airteagal 351 CFAE a chur i bhfeidhm*

(265) Foráiltear in Airteagal 351 CFAE 'nach ndéanfaidh forálacha na gConarthaí difear do na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as comhaontuithe a tugadh i gcrích […] do Stáit aontacha, roimh dháta a n-aontachais, idir Ballstát amháin nó níos mó ar thaobh amháin agus tríú tír amháin nó níos mó ar an taobh eile'.

([156]) Féach breithiúnas *Komstroy,* mír 23.
([157]) Féach breithiúnas *Komstroy,* mír 50.
([158]) Féach breithiúnas *Komstroy,* míreanna 52 agus 53.
([159]) Ordú an 21 Meán Fómhair 2022, *Romatsa agus Eile,* C-333/19, EU:C:2022:749, míreanna 42-43; Dearbhú maidir le hiarmhairtí dlíthiúla an bhreithiúnais ón gCúirt Bhreithiúnais in *Komstroy* agus comhthuiscint maidir le neamh-infheidhmeacht Airteagal 26 den Chonradh um Chairt Fuinnimh mar bhonn d'imeachtaí eadrána laistigh den Aontas, IO L, 2024/2121, 6.8.2024.

(266) De réir cásdlí socair, is é is cuspóir don chéad mhír d'Airteagal 351 CFAE a shoiléiriú, i gcomhréir le prionsabail an dlí idirnáisiúnta, nach ndéanann cur i bhfeidhm Chonarthaí an Aontais difear do dhualgas an Bhallstáit lena mbaineann cearta tíortha nach Ballstáit iad faoi chomhaontú roimh ré a urramú agus a oibleagáidí ina leith a chomhlíonadh ([160]). Dá bhrí sin, tá sé d'aidhm ag an gcéad mhír d'Airteagal 351 CFAE cearta tríú tíortha a chosaint trína cheadú do na Ballstáit lena mbaineann a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoi chomhaontú idirnáisiúnta roimh ré ([161]). Ar an taobh eile, ní údaraítear na Ballstáit leis cearta a fheidhmiú faoi chomhaontuithe den sórt sin ina gcaidreamh inmheánach laistigh den Aontas ([162]).

(267) Ina theannta sin, meastar sa chásdlí, chun go mbainfear éifeacht de riail dhlí an Aontais mar thoradh ar chomhaontú idirnáisiúnta, de bhun na chéad mhíre d'Airteagal 351 CFAE, nach mór dhá choinníoll a chomhlíonadh: ní mór an comhaontú a bheith tugtha i gcrích roimh theacht i bhfeidhm Chonarthaí an Aontais sa Bhallstát lena mbaineann agus ní mór don tríú Stát lena mbaineann cearta a dhíorthú uaidh ar féidir leis a cheangal ar an mBallstát sin iad a urramú ([163]).

(268) Sa chás seo, mar a mhínítear i bhfonóta (4), shínigh an tAontas agus an Spáinn ECT i mí na Nollag 1994 (agus an 17 Nollaig 1991 shínigh Lucsamburg agus an Ísiltír, na Ballstáit ina bhfuil Antin bunaithe), agus tháinig sé i bhfeidhm, tar éis a dhaingnithe, i mí Aibreáin 1998. Shínigh an Spáinn ICSID an 21 Márta 1994 lena chur i bhfeidhm, tar éis a dhaingnithe, an 17 Meán Fómhair 1994. I gcás Lucsamburg, tháinig Coinbhinsiún ICSID i bhfeidhm an 29 Lúnasa 1970, agus i gcás na hÍsiltíre an 14 Deireadh Fómhair 1966. Dá bhrí sin, tugadh ECT agus ICSID i gcrích tar éis 1958 (an dáta ábhartha chun Airteagal 351 CFAE a chur i bhfeidhm maidir le Lucsamburg agus leis an Ísiltír) agus tar éis don Spáinn teacht isteach san Aontas in 1986. Dá bhrí sin, ní chomhlíontar an chéad choinníoll a leagtar síos in Airteagal 351 CFAE faoi aon réaltbhuíon a d'fhéadfadh a bheith ann.

(269) Ina theannta sin, tá sé beartaithe le hAirteagal 26 ECT, de réir bhreithiúnas *Komstroy,* caidreamh déthaobhach a rialú ([164]). Ar an gcaoi chéanna, tá sé beartaithe le Coinbhinsiún ICSID, in ainneoin a chineáil iltaobhaigh, an caidreamh déthaobhach idir na páirtithe conarthacha a rialú ar bhealach atá cosúil le conradh déthaobhach. Cé go bhféadfadh leas a bheith ag tríú Stáit a thug Coinbhinsiún ICSID i gcrích i gcomhlíonadh a hoibleagáidí ag an Spáinn i leith Ballstáit eile trí dhámhachtain eadrána a thagann faoina raon feidhme a fhorfheidhmiú, i gcomhréir le forálacha an choinbhinsiúin sin, ní féidir leas den sórt sin atá go hiomlán fíorasach a ionannú le 'ceart', de réir bhrí na chéad mhíre d'Airteagal 351 CFAE, a d'fhéadfadh údar cuí a thabhairt le cur i bhfeidhm na forála sin ([165]). Dá bhrí sin, ní chomhlíonann ECT ná Coinbhinsiún ICSID an dara coinníoll a leagtar síos in Airteagal 351 CFAE ach oiread.

(270) Mar thoradh air sin, ní mór teacht ar an gconclúid nach bhfuil Airteagal 351 CFAE ábhartha don chás seo agus nach n-athraítear le hAirteagal 351 CFAE conclúid an Choimisiúin in aithris (264) go sáraíonn an Dámhachtain, agus in aon chás a Cur Chun Feidhme, dlí an Aontais.

10.4.3. *Easpa ionchais dhlisteanacha*

(271) Maíonn roinnt tríú páirtithe leasmhara ina mbarúlacha i scríbhinn maidir le cinneadh ón gCoimisiún lena gcinntear nach bhfuil an Dámhachtain comhoiriúnach leis an margadh inmheánach mar gheall ar a neamhchomhlíonadh le dlí an Aontais, go sáródh cinneadh den sórt sin phrionsabal an ionchais dhlisteanaigh.

([160]) Breithiúnas an 15 Meán Fómhair 2011, *An Coimisiún v An tSlóvaic,* C-264/09, EU:C:2011:580, mír 41 agus an cásdlí a luaitear agus breithiúnas an 2 Deireadh Fómhair 2024, *European Food SA agus Eile v An Coimisiún Eorpach,* T-624/15 RENV agus T-694/15 RENV, EU:T:2024:659, mír 74.

([161]) Breithiúnas an 2 Deireadh Fómhair 2024, *European Food SA agus Eile v An Coimisiún Eorpach,* T-624/15 RENV agus T-694/15 RENV, EU:T:2024:659, mír 76 agus an cásdlí a luaitear.

([162]) *Ibid,* mír 77 agus an cásdlí a luaitear.

([163]) *Ibid,* mír 80 agus an cásdlí a luaitear.

([164]) Féach breithiúnas *Komstroy,* mír 64.

([165]) Breithiúnas an 2 Deireadh Fómhair 2024, *European Food agus Eile v An Coimisiún,* T-624/15 RENV, T-694/15 RENV agus T-704/15 RENV, EU:T:2024:659, mír 106 agus an cásdlí a luaitear.

(272) Is prionsabal bunúsach de dhlí an Aontais é prionsabal an ionchais dhlisteanaigh lena gceadaítear d'aon oibreoir eacnamaíoch arbh í institiúid ba chúis leis ionchais a ghlacadh a bhfuil bonn cirt leo brath orthu ([166]). Mar sin féin, dá bhféadfadh oibreoir eacnamaíoch stuama agus aireach a thuar go nglacfadh na hinstitiúidí beart ar dóigh dó difear a dhéanamh dá leasanna, ní féidir leis an duine sin an prionsabal sin a phléadáil má ghlactar an beart ([167]).

(273) De réir cásdlí socair, leis an gceart chun brath ar phrionsabal an ionchais dhlisteanaigh glactar leis go gcomhlíontar trí choinníoll. Ar an gcéad dul síos, ní mór do na húdaráis dearbhuithe beachta, neamhchoinníollacha agus comhsheasmhacha, de thionscnamh foinsí údaraithe iontaofa, a thabhairt don duine lena mbaineann. Is dearbhú den sórt sin atá i gceist le faisnéis chruinn, neamhchoinníollach agus chomhsheasmhach, i cibé foirm ina dtugtar í. Ar an dara dul síos, ní mór do na dearbhuithe sin a bheith ina gcúis le hionchas dlisteanach ag an duine a bhfuil siad dírithe chuige. Ar an tríú dul síos, ní mór do na dearbhuithe a thugtar na rialacha is infheidhme a chomhlíonadh ([168]).

(274) Maidir leis an gcéad choinníoll, níor thug an Coimisiún dearbhuithe riamh a bhféadfadh Antin a bheith ag súil go dlisteanach leis nach státchabhair atá sa Dámhachtain nó, in aon chás, go measfadh an Coimisiún gur státchabhair dhleathach chomhoiriúnach atá sa Dámhachtain, agus in aon chás a Cur Chun Feidhme.

(275) Os a choinne sin, leag an Coimisiún amach go soiléir i gCinneadh 2017 ón gCoimisiún, is é sin sular deonaíodh an Dámhachtain, gur '*státchabhair a bheadh in aon chúiteamh a bheadh le deonú ag Binse Eadrána d'infheisteoir ar an mbonn go ndearna an Spáinn modhnú ar an scéim eacnamaíoch bhisigh leis an scéim ar tugadh fógra ina leith*' ([169]). Ós rud é nach bhfuil na binsí eadrána inniúil chun a dhearbhú go bhfuil státchabhair comhoiriúnach leis an margadh inmheánach – is inniúlacht eisiach de chuid an Choimisiúin é – d'fhéadfadh coinne a bheith ag oibreoir eacnamaíoch stuama agus airdeallach gur státchabhair infhógartha a bheadh in aon dámhachtain den sórt sin lena ndeonaítear cúiteamh de bhun Airteagal 108(3) CFAE agus go mbeadh sé faoi réir na hoibleagáide neamhghníomhaíochta. Dá bhrí sin, níor tugadh faisnéis bheacht, neamhchoinníollach agus chomhsheasmhach d'infheisteoirí a d'fhágfadh go mbeadh ionchas dlisteanach acu.

(276) Thairis sin, tugann an Coimisiún dá aire nach féidir le haon ionchas dlisteanach teacht chun cinn maidir le gníomhartha de chuid an Aontais a bheadh ina sárú ar dhlí an Aontais. Mar a mhínítear in aithrisí (10) go (12), sáraíonn an Dámhachtain, agus in aon chás a Cur Chun Feidhme, Airteagal 19(1) CAE chomh maith le hAirteagail 267 agus 344 CFAE agus prionsabal ginearálta neamhspleáchais dhlíchóras an Aontais. Dá bhrí sin, ní féidir aon ionchas dlisteanach a bheith ann mar thoradh ar an mbeart.

(277) Ar bhonn an mhéid thuas, measann an Coimisiún nach n-athraíonn prionsabal an ionchais dhlisteanaigh an chonclúid go bhfuil an Dámhachtain, agus a Cur Chun Feidhme in aon chás, contrártha le dlí an Aontais, agus go bhfuil siad ar neamhréir leis an margadh inmheánach dá bhrí sin.

10.4.4. *Conclúid maidir le comhoiriúnacht na cabhrach*

(278) Ar bhonn na mbreithnithe thuas, is é conclúid an Choimisiúin go sáraíonn an Dámhachtain, agus in aon chás a Cur Chun Feidhme, forálacha dhlí an Aontais, mar atá Airteagal 19(1) CAE agus Airteagail 267 agus 344 CFAE, chomh maith le prionsabal ginearálta neamhspleáchais dhlíchóras an Aontais. Gan é a bheith riachtanach a mheas an bhfuil idirdhealú ar bhonn náisiúntachta i gceist leis an gcabhair de shárú ar Airteagal 18 CFAE nó an bhfuil sí comhoiriúnach leis na treoirlínte státchabhrach is infheidhme maidir le cabhair d'fhuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite, ní mór teacht ar an gconclúid nach bhfuil an beart comhoiriúnach leis an margadh inmheánach agus, dá bhrí sin, nach féidir é a údarú.

([166]) Breithiúnas an 2 Deireadh Fómhair 2024, *European Food agus Eile v An Coimisiún,* T-624/15 RENV, T-694/15 RENV agus T-704/15 RENV, EU:T:2024:659, mír 228 agus an cásdlí a luaitear.

([167]) Breithiúnas an 2 Deireadh Fómhair 2024, *European Food agus Eile v An Coimisiún,* T-624/15 RENV, T-694/15 RENV agus T-704/15 RENV, EU:T:2024:659, mír 229 agus an cásdlí a luaitear.

([168]) *Ibid,* mír 230 agus an cásdlí a luaitear.

([169]) Aithris 165 de Chinneadh 2017 ón gCoimisiún.

11. CUR CHUN FEIDHME NA DÁMHACHTANA A CHOSC AGUS GNÓTHÚ

(279) De réir CFAE agus chásdlí bunaithe Chúirteanna an Aontais, tá an Coimisiún inniúil chun a chinneadh go ndéanfaidh an Ballstát lena mbaineann cabhair a athrú nó a chealú nuair a chinnfidh sé go bhfuil sí ar neamhréir leis an margadh inmheánach ([170]). Bhí Cúirteanna an Aontais den tuairim go comhsheasmhach freisin maidir leis an oibleagáid atá ar Bhallstát deireadh a chur le cabhair arna meas ag an gCoimisiún mar chabhair atá ar neamhréir leis an margadh inmheánach, ceapadh an oibleagáid sin chun an cás a bhí ann roimhe a athbhunú ([171]).

(280) Sa chomhthéacs sin, tá sé deimhnithe ag Cúirteanna an Aontais go mbaintear an cuspóir sin amach a luaithe a aisíocfaidh an faighteoir na suimeanna a deonaíodh trí chabhair neamhdhleathach, rud lena bhforghéillfidh sé an buntáiste a bhí aige ar a iomaitheoirí ar an margadh inmheánach, agus a luaithe a athbhunaítear an staid a bhí ann sular íocadh an chabhair ([172]).

(281) I gcomhréir leis an gcásdlí, luaitear in Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2015/1589 ([173]) ón gComhairle 'i gcás ina ndéanfar cinntí diúltacha i gcásanna a bhaineann le cabhair neamhdhleathach, cinnfidh an Coimisiún go ndéanfaidh an Ballstát lena mbaineann gach beart is gá chun an chabhair a ghnóthú ón tairbhí.'

(282) Mar a rialaigh an Chúirt Bhreithiúnais, ní mór cabhair neamhdhleathach a ghnóthú freisin ón gcuideachta atá i mbun gníomhaíocht eacnamaíoch an ghnóthais a thairbhigh ar dtús den bhuntáiste a bhaineann le státchabhair a dheonú agus a choinníonn, dá bhrí sin, tairbhe iarbhír na cabhrach sin ([174]). I ndáil leis sin, chinn an Chúirt Bhreithiúnais '*i gcomhthéacs an chúraim atá orthu an chabhair a ghnóthú, agus chun éifeachtacht iomlán cinnidh gnóthaithe ón gCoimisiún a áirithiú, ar cinneadh é lena sainaithnítear tairbhí na cabhrach go sonrach agus chun deireadh éifeachtach a chur le saobhadh iomaíochta de bharr an bhuntáiste iomaíoch a bhaineann leis an gcabhair a fháil, ceanglaítear ar na húdaráis náisiúnta agus ar na cúirteanna náisiúnta gnóthas a shainaithint seachas an gnóthas a sainaithníodh sa chinneadh gnóthaithe sin, i gcás inar aistríodh an buntáiste a bhaineann leis an gcabhair atá i gceist chuig an ngnóthas eile sin, tar éis ghlacadh an chinnidh gnóthaithe sin*' ([175]).

(283) Sa chás sin, leanann sé ó na barúlacha roimhe seo go ngnóthóidh an Spáinn aon íocaíocht cabhrach a tugadh d'Antin nó d'aon tríú páirtí a fuair an Dámhachtain, nó a d'fhéadfadh an Dámhachtain a fháil, nó aon cheart fúithi. Mar sin féin, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún, cé gur tugadh an Dámhachtain féin, agus dá bhrí sin gur deonaíodh an chabhair atá i gceist do Antin ([176]), níor íoc, níor fhorghníomhaigh an Spáinn an Dámhachtain sin ná níor chuir sí chun feidhme í. Dá bhrí sin, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún, níor íocadh aon státchabhair go héifeachtach agus níl aon ghá le gnóthú má leanann an Spáinn gan cúiteamh a íoc faoin Dámhachtain amach anseo.

(284) Sa chomhthéacs sin, ní dhéanfaidh an Spáinn an Dámhachtain a íoc, a chur chun feidhme ná a fhorghníomhú agus, chomh maith leis sin, áiritheoidh an Spáinn nach ndéanfar aon íocaíocht, cur chun feidhme ná forghníomhú ar an Dámhachtain ar shlí eile ó dháta glactha an Chinnidh seo. Má dhéantar aon íocaíocht, forghníomhú nó cur chun feidhme den sórt sin, gnóthóidh an Spáinn aon airgead arna aistriú go héifeachtach mar thoradh ar an íocaíocht, ar an gcur chun feidhme nó ar an bhforghníomhú sin ([177]). Maidir leis sin, gnóthóidh an Spáinn aon íocaíocht cabhrach a rinneadh faoin Dámhachtain do Antin agus d'aon tríú páirtí a fuair an Dámhachtain, nó a fhéadfaidh í a fháil, nó aon cheart fúithi.

([170]) Breithiúnas an 12 Iúil 1973, *An Coimisiún v An Ghearmáin*, 70/72, EU:C:1973:87, mír 13.
([171]) Breithiúnas an 21 Márta 1990, *An Bheilg v An Coimisiún*, C-142/87, EU:C:1990:125, mír 66.
([172]) Breithiúnas an 17 Meitheamh 1999, *An Bheilg v An Coimisiún*, C-75/97, EU:C:1999:311, míreanna 64 agus 65.
([173]) Féach fonóta 60.
([174]) Breithiúnas an 16 Eanáir 2025, *Scai Srl v Regione Campania*, Cás C-588/23, EU:C:2025:23, mír 40; Breithiúnas an 7 Márta 2018, *SNCF Mobilités* v *An Coimisiún*, C-127/16 P, EU:C:2018:165, míreanna 104 agus 106.
([175]) Breithiúnas an 16 Eanáir 2025, *Scai Srl v Regione Campania*, Cás C-588/23, EU:C:2025:23, mír 46.
([176]) Féach freisin Roinn 10.3 den Chinneadh seo.
([177]) Chun a hoibleagáidí faoi Airteagal 108(3) CFAE a chomhlíonadh, déanfaidh an Spáinn gach beart iomchuí freisin chun cosc a chur ar Antin, agus ar aon tríú páirtí a d'fhéadfadh an Dámhachtain, nó aon cheart fúithi, a fháil nó a bhfuil sé faighte acu cheana féin, aitheantas, forfheidhmiú agus forghníomhú na Dámhachtana a iarraidh i mBallstáit an Aontais nó i dtríú tíortha.

(285) Chun a hoibleagáidí faoi Airteagal 108(3) CFAE a chomhlíonadh, déanfaidh an Spáinn gach beart iomchuí freisin chun cosc a chur ar Antin, agus ar aon tríú páirtí a d'fhéadfadh an Dámhachtain, nó aon cheart fúithi, a fháil nó a bhfuil sé faighte aige cheana féin, aitheantas, forfheidhmiú agus forghníomhú na Dámhachtana a iarraidh, i mBallstáit an Aontais nó i dtríú tíortha.

(286) Thairis sin, tabharfar faoi deara go leanann sé ó phrionsabal an chomhair dhílis a leagtar síos in Airteagal 4(3) CAE nach mór do na Ballstáit, agus go háirithe do na cúirteanna náisiúnta, gach beart is gá a dhéanamh chun cur i bhfeidhm agus éifeachtacht dhlí an Aontais a ráthú, agus go háirithe rialacha dhlí an Aontais maidir le státchabhair a leagtar síos in Airteagail 107 agus 108 CFAE ([178]). Mar thoradh ar an bprionsabal céanna sin maidir le comhar dílis, ní mór do chúirteanna náisiúnta gach beart is gá a dhéanamh chun cur i bhfeidhm agus éifeachtacht Airteagal 19(1) CAE, Airteagail 267 agus 344 CFAE, agus prionsabal neamhspleáchais dhlíchóras an Aontais a ráthú ([179]). Dá bhrí sin, sa chás seo, ceanglaítear le prionsabal an chomhair dhílis ar chúirteanna náisiúnta na mBallstát, lena n-áirítear cúirteanna náisiúnta nach cúirteanna de chuid na Spáinne iad, gan an Dámhachtain a aithint, a fhorghníomhú ná a chur chun feidhme, agus gach beart is gá a dhéanamh chun aithint, forghníomhú nó cur chun feidhme na Dámhachtana a chosc (mar shampla, trí ordú a thabhairt do ghnóthais arna mbunú faoina ndlínse scor d'aon ghníomhaíocht atá ceaptha chun aitheantas nó forghníomhú na Dámhachtana a iarraidh i ndlínsí eile, agus trí ordú a thabhairt dóibh íocaíochtaí pionóis a íoc i gcás neamhchomhlíonadh an ordaithe chun deireadh a chur le haon ghníomhaíocht den sórt sin).

12. **CONCLÚID**

Is é conclúid an Choimisiúin gur státchabhair í an Dámhachtain, agus in aon chás a Cur Chun Feidhme, nach bhfuil comhoiriúnach leis an margadh inmheánach toisc go bhfuil sí bunaithe ar léirmhíniú ar ECT a sháraíonn dlí an Aontais. Dá bhrí sin, gnóthóidh an Spáinn aon íocaíocht den chabhair, lena n-áirítear ó aon tríú páirtí a fuair an Dámhachtain nó a d'fhéadfadh an Dámhachtain a fháil, nó aon cheart fúithi. Ní dhéanfaidh an Spáinn an Dámhachtain a íoc, a chur chun feidhme ná a fhorghníomhú agus, chomh maith leis sin, áiritheoidh an Spáinn nach ndéanfar aon íocaíocht, cur chun feidhme ná forghníomhú ar an Dámhachtain ar shlí eile ó dháta glactha an Chinnidh seo, agus gnóthóidh an Spáinn aon airgead arna aistriú go héifeachtach mar thoradh ar an íocaíocht, ar an gcur chun feidhme nó ar an bhforghníomhú sin. Chun a hoibleagáidí faoi Airteagal 108(3) CFAE a chomhlíonadh, déanfaidh an Spáinn gach beart iomchuí freisin chun cosc a chur ar Antin, agus ar aon tríú páirtí a d'fhéadfadh an Dámhachtain, nó aon cheart fúithi, a fháil nó a bhfuil sé faighte acu cheana féin, aitheantas, forfheidhmiú agus forghníomhú na Dámhachtana a iarraidh, i mBallstáit an Aontais nó i dtríú tíortha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An dámhachtain arna tabhairt ag an mbinse eadrána arna bhunú faoi choimirce an Lárionaid Idirnáisiúnta chun Díospóidí Infheistíochta a Shocrú sna himeachtaí eadrána *Antin Infrastructure Services Luxembourg S.à.r.l. agus Antin Energia Termosolar B.V. vs an Spáinn* i bhfabhar Antin Infrastructure Services Luxembourg S.à.r.l. agus Antin Energia Termosolar B.V. (Cás ICSID Uimh. ARB/13/31), is státchabhair í atá ar neamhréir leis an margadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 107(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

([178]) Breithiúnas an 14 Márta 2024, *An Coimisiún Eorpach v Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann*, C-516/22, EU:C:2024:231, míreanna 93 go 99.

([179]) Is sa chomhthéacs sin a rinne cúirt de chuid na hÍsiltíre (Rechtbank *Amsterdam*), in imeachtaí *Koninkrijk Spanje v. AES SOLAR ENERGY COÖPERATIEF U.A.,AMPERE EQUITY FUND B.V.*, (i) a dhearbhú gur státchabhair neamhdhleathach faoi dhlí an Aontais a bhí i ndámhachtain laistigh den Aontas a tugadh ar an bhforas gur sháraigh an Spáinn ECT, fad is nár fhormheas Coimisiún an Aontais í; (ii) a dhearbhú go mbeadh gnóthú damáistí faoin dámhachtain sin contrártha do dhlí an Aontais fad a bheadh na himeachtaí maidir le státchabhair fós ar feitheamh; agus (iii) a ordú do na cosantóirí aon mhéid a íoc leis an Spáinn a d'fhéadfaí a ordú don Spáinn a íoc leis an gcosantóir (nó le haon chomharba i dteideal), ar na coinníollacha seo a leanas: gurb é an toradh a bhíonn ar fhorfheidhmiú na dámhachtana go ndéanann an Spáinn íocaíocht iarbhír, agus nár rialaigh an Coimisiún Eorpach go fóill an státchabhair neamhdhleathach atá sa dámhachtain faoi dhlí an Aontais.

In aon chás, maidir le híoc, cur chun feidhme nó forghníomhú na dámhachtana arna tabhairt ag an mbinse eadrána arna bhunú faoi choimirce an Lárionaid Idirnáisiúnta chun Díospóidí Infheistíochta a Shocrú i gcomhthéacs na n-imeachtaí eadrána *Antin Infrastructure Services Luxembourg S.à.r.l. agus Antin Energia Termosolar B.V. vs an Spáinn* i bhfabhar Antin Infrastructure Services Luxembourg S.à.r.l. agus Antin Energia Termosolar B.V., is státchabhair iad sin atá ar neamhréir leis an margadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 107(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 2

Ní íocfaidh Ríocht na Spáinne amach aon chuid den chabhair dá dtagraítear in Airteagal 1 agus áiritheoidh sí nach ndéanfar aon íocaíocht den chabhair dá dtagraítear in Airteagal 1 ó dháta glactha an Chinnidh seo.

Airteagal 3

Déanfaidh Ríocht na Spáinne gach beart is iomchuí chun cosc a chur ar Antin Infrastructure Services Luxembourg S.à.r.l., Antin Energia Termosolar B.V., agus ar aon tríú páirtí a fuair an dámhachtain dá dtagraítear in Airteagal 1, nó aon cheart fúithi, nó a fhéadfaidh í a fháil, chun aitheantas, forfheidhmiú nó forghníomhú na dámhachtana a iarraidh, cé acu i mBallstáit den Aontas Eorpach nó i dtríú tíortha.

Airteagal 4

Aon íocaíocht den chabhair dá dtagraítear in Airteagal 1 do Antin Infrastructure Services Luxembourg S.à.r.l., Antin Energia Termosolar B.V., agus d'aon tríú páirtí a bhfuil an dámhachtain dá dtagraítear in Airteagal 1, nó aon cheart fúithi, faighte aige nó a fhéadfaidh í a fháil, lena n-áirítear íocaíocht de thoradh forghníomhú éigeantach a bheadh i dtríú tíortha, déanfaidh Ríocht na Spáinne í a ghnóthú.

Airteagal 5

Is chuig Ríocht na Spáinne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Márta 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Valdis DOMBROVSKIS
Comhalta den Choimisiún